Ag Rialáil Gairmithe Sláinte
agus Cúraim Shóisialaigh

Regulating Health +
Social Care Professionals

# An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

# Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2022

## Ár mBunchuspóir:

# An pobal a chosaint ach iompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht ardchaighdeáin a chur chun cinn i measc chláraithe na ngairmeacha ainmnithe



# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Ráiteas Chathaoirleach na Comhairle | 4 |
| Réamhrá an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin | 6 |
| Maidir le CORU | 9 |
| Súil Siar ar Bhliain CORU | 15 |
| Tosaíochtaí Straitéiseacha 2022 | 19 |
| Cruinnithe agus Coistí na Comhairle | 26 |

**Tuarascálacha Bliantúla na mBord Clárúcháin**

| | | |
|---|---|---|
| 1 | Bord Clárúcháin na gComhairleoirí agus na Síciteiripeoirí | 44 |
| 2 | Bord Clárúcháin na nDiatéiteach | 49 |
| 3 | Bord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine | 55 |
| 4 | Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair | 61 |
| 5 | An Bord Clárúcháin Súil-Liachta | 66 |
| 6 | Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí | 72 |
| 7 | Bord Clárúcháin na gCoslianna | 78 |
| 8 | Bord Clárúcháin na Síceolaithe | 84 |
| 9 | Bord Clárúcháin na Radagrafaithe | 89 |
| 10 | Bord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh | 95 |
| 11 | Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha | 99 |
| 12 | Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga | 105 |

**Aguisíní**

| | |
|---|---|
| Aguisín 1 – Freastal ar Chruinnithe na Comhairle | 112 |
| Aguisín 2 - Freastal ar Chruinnithe na gCoistí | 115 |

| | |
|---|---|
| **Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais** | 117 |



# Ráiteas Chathaoirleach na Comhairle

Is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil 2022 don Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (CORU) a chur i láthair. Agus mé ag machnamh ar an mbliain seo atá imithe tharainn, táim bródúil as an dul chun cinn atá déanta maidir leis an bpobal a chosaint trínár ndualgas a chomhlíonadh chun a chinntiú go gcomhlíonann gairmithe sláinte agus cúraim shóisialta na caighdeáin riachtanacha iompair, oideachais agus oiliúna.

Is mór an onóir dom an deis a bheith agam a bheith i gceannas ar an obair ríthábhachtach a dhéanann CORU agus táim ag súil le bliain shuntasach eile in 2023.

In 2022 tháinig maolú ar an mbrú géar a tháinig as paindéim COVID. Cé gur cuireadh fáilte roimhe sin, tá go leor dúshláin nua roimh an gcúram sláinte agus sóisialta in Éirinn anois. Ní mór dúinn anois freastal ar riachtanais daonra atá ag dul in aois agus ar an méadú atá ag teacht ar líon na leanaí agus na ndaoine fásta faoi mhíchumas atá sa phobal agus ar na riachtanais chúraim a bhíonn acu a bhíonn ag athrú i gcónaí. Tá aird tarraingthe ag an bpaindéim ar an ngá atá ann oiriúnú a dhéanamh ar an gcaoi a gcuirtear seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta ar fáil in Éirinn.

Tá ról ríthábhachtach ag CORU, mar rialtóir, maidir leis na hathruithe sin a éascú agus níor cheart gannmheas a dhéanamh ar scála an chúraim sin. In 2022 glacadh ráiteas straitéise nua a threoróidh CORU, thar thréimhse cúig bliana ríthábhachtacha, agus muid ag dul i ngleic leis na dúshláin sin, ag tacú i gcónaí le sábháilteacht an phobail.

Le linn na tréimhse seo, táimid ag súil leis go dtiocfaidh fás go 35,000 cláraithe, agus go dtabharfar isteach rialachán do shé ghairm bhreise. Agus é sin á chur i gcrích, coinneoimid ár bhfócas ar chosaint an phobail, ach chun é sin a dhéanamh go héifeachtach, beidh gá le bogadh i dtreo samhail rialála níos inbhuanaithe.

Cuireann ár straitéis nua romhainn cúig thosaíocht straitéiseacha a bheidh le cur i gcrích faoi 2026. Ar an gcéad dul síos, cinnteoimid go gcosnóidh rialáil an pobal agus go dtacóimid leis an 25,000 gairmí sláinte agus cúraim shóisialta a ndéanann muid rialáil orthu anois agus iad siúd a rialóimid sna blianta amach romhainn.

Déanfaimid ár sainordú reachtach a sheachadadh, rud a fhágfaidh go ndéanfar dul chun cinn suntasach i dtreo na cláir a oscailt do na gairmeacha ainmnithe atá fágtha. Osclófar Clár na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh in 2023. Beidh sé seo ar an ngairm is mó atá ag CORU agus tá acmhainní suntasacha ag teastáil chun ullmhú don chloch mhíle seo, go háirithe maidir le réimse leathan cúrsaí oideachais a mheas agus a fhaomhadh.

Leanfaimid orainn ag cumhachtú an phobail a chosnaímid trí fheasacht ar ról CORU a mhéadú. Óir ní féidir linn a bheith fíor-éifeachtach mar rialtóir mura bhfuil tuiscint cheart ag an bpobal ar an gcaoi ar féidir linn cabhrú leo.

Chun dualgais CORU a chomhlíonadh fad is atá fás leanúnach ag teacht ar ár sainordú, ní mór dúinn iarracht a dhéanamh rialáil níos inbhuanaithe a bhaint amach. Tá an tsamhail rialála atá ann faoi láthair róchasta; Éireoidh sé seo níos géire amach anseo le gach clár nua a osclaítear. Tá gá le struchtúr nua rialachais agus reachtaíochta chun seachadadh éifeachtúil rialacháin iomchuí a chinntiú. Táimid tiomanta d'oibriú leis an Roinn Sláinte chun é seo a bhaint amach agus rialachán cuí a chur ar fáil.

Ar an gcaoi chéanna, chun freastal ar an ngá sochaíoch le líon níos mó gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh, ní mór dúinn an tréimhse ama a thógann sé chun iarratasóirí idirnáisiúnta a chlárú agus a aithint a laghdú. Ach ní féidir leis sin cur as don phróiseas chun aitheantas sábháilte a thabhairt do cháilíochtaí idirnáisiúnta. Tá an próiseas atá ann faoi láthair útamálach agus fadálach, fiú nuair a dhéantar é a shruthlíniú chomh fada agus is féidir. Ní mór dúinn oibriú anois chun roghanna malartacha a dhearadh agus a fhorbairt chun tacú leis na leibhéil earcaíochta riachtanacha chun sábháilteacht othar a chinntiú fad is a chinntíonn fostóirí go bhfuil cláir ionduchtúcháin chuimsitheacha i suíomhanna cúraim sláinte chun tacú le gairmithe nua.

Tá dul chun cinn suntasach déanta ag CORU le bliain anuas chun na riachtanais sin a chomhlíonadh agus táthar ag súil go ndéanfar tuilleadh dul chun cinn sa bhliain amach romhainn. Mar sin féin, beidh acmhainní suntasacha ag teastáil chun na forbairtí seo go léir a dhéanamh, idir airgeadais agus phearsanra, agus beidh sé dodhéanta ár gclár oibre um athchóiriú straitéiseach a chur i gcrích dá n-uireasa.

Ní féidir obair uile CORU a dhéanamh ach amháin mar gheall ar iarracht agus tacaíocht a fhaightear ó go leor daoine. Tacaíonn gach ceann acu seo lenár sprioc dheiridh an pobal a chosaint, agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a thacaigh le CORU le bliain anuas.

Tá buíochas ar leith ag dul do mo chomhghleacaithe ar an gComhairle agus do chomhaltaí na mBord Clárúcháin agus na gCoistí as a seirbhís dheonach toisc go mbíonn méid suntasach ama i gceist. Tá an tAire Sláinte Stephen Donnelly TD agus a chomhghleacaithe sa Roinn Sláinte ag tacú go gníomhach agus go luachmhar le CORU arís, agus táim thar a bheith buíoch as sin.

Ar deireadh, bhí foireann fheidhmiúcháin CORU ina acmhainn ollmhór arís dár misean. Faoi stiúir an POF Ginny Hanrahan, tá gach ball den fhoireann seo atá ag fás diongbháilte ina dtiomantas do CORU agus do shábháilteacht na ndaoine a dteastaíonn cúram gairmithe sláinte agus cúraim shóisialta uathu.

Is le dóchas atá mé ag tnúth le 2023,bliain a bheidh chomh suntasach céanna do CORU.

Ba mhaith liom ómós a thabhairt dár 25,000 cláraithe cúram sláinte agus sóisialta as a ndúthracht chun cúram den scoth a chur ar fáil. Leis an gcur chuige gairmiúil atá acu, tá teachtaireacht láidir á tabhairt ag gach duine acu seo faoina dtiomantas do chúram den chaighdeán is airde a sholáthar. Tá muintir na hÉireann níos fearr as sin.



**Mo Flynn**
*Cathaoirleach na Comhairle*
um Ghairmithe Sláinte
agus Cúraim Shóisialaigh



# Réamhrá an Phríomhoifigh Feidhmiúcháin

Bliain a bhí in 2022 inar éirigh go hiontach le gairmithe sláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann arís. Cé go bhfuil brúnna COVID-19 maolaithe, tháinig dúshláin nua chun cinn agus láimhseáladh iad seo leis na leibhéil chéanna díograise agus tiomantais don chúram a bhfuil taithí againn air. Gabhaim buíochas le gach duine acu thar ceann CORU as an tiomantas sin.

Tá áthas orm a thuairisciú gur bhliain an-táirgiúil a bhí in 2022 inar bhain CORU roinnt éachtaí suntasacha amach. Le gach ceann de na céimeanna dearfacha seo, cuirimid ár sprioc chun cinn maidir leis an bpobal a chosaint agus ár ról a fheabhsú maidir le gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh a rialáil in Éirinn.

I mbliana shroicheamar os cionn 25,000 cláraithe ó na 12 ghairm a ndéanann muid rialáil orthu. Leanfaidh sé seo ag fás de réir mar a mhéadaímid líon na ngairmeacha atá le clárú. Cuireann an méadú leanúnach ar líon na ndaoine a rialaímid brú nua orainn agus muid ag iarraidh an pobal a chosaint agus rialáil á chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtúil. Beidh sé ina thosaíocht thábhachtach sna blianta amach romhainn na brúnna airgeadais agus pearsanra sin a réiteach.

I measc na ngarspriocanna suntasacha do CORU in 2022 bhí deimhniú Bhord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh go n-osclófar clár don ghairm seo an 30 Samhain 2023. Beidh sé seo ar an ngairm is mó a bheidh le rialú ag CORU agus i measc na ngairmeacha is casta. Tá pleanáil agus iarracht an-chúramach déanta ag an bpointe seo, le hocht mbliana anuas, rud a rachaidh go mór chun tairbhe don ghairm agus dá húsáideoirí seirbhíse sna blianta amach romhainn.

Leanamar lenár gcuid oibre freisin chun tacú le hoscailt clár do ghairmeacha síceolaíochta, síciteiripe agus comhairleoireachta. Ní bhíonn ach deis amháin an obair seo a dhéanamh i gceart maidir le rialáil gach gairme. Táimid ag baint úsáide as an saibhreas taithí atá againn chun obair ar ghairmeacha an-chasta a chur chun cinn ar bhealach díograiseach agus tomhaiste, beidh an ceart seo a fháil ar deireadh thiar chun leasa na ngairmithe agus na n-úsáideoirí seirbhíse araon.

Lean an idirthréimhse chlárúcháin do chleachtóirí reatha do choslianna ar aghaidh le linn 2022 agus críochnóidh sí an 31 Márta 2023. Ag an bpointe sin, beidh cosaint dhlíthiúil ag an teideal poist coslia, agus ní fhéadfaidh ach iad siúd atá ar an gclár, nó iad siúd a rinne iarratas go dtí go ndéanfar cinneadh maidir lena gclárú, an teideal sin a úsáid.

Is freagracht shollúnta é cosaint an phobail a bhfuil CORU lándáiríre faoi. Cé go soláthraíonn formhór mór ár gcláraithe cúram den scoth agus ar ardchaighdeán, ní mór dúinn gníomhú nuair a bhraitear easnamh. Fuair CORU 55 gearán maidir le feidhmiúlacht chun cleachtadh in 2022 agus rinneadh gníomh cinntitheach i gcoinne líon beag daoine aonair nuair a aithníodh droch-chaighdeáin chúraim.

Tá Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) riachtanach i gcúram sláinte agus sóisialta nua-aimseartha chun seirbhísí sábháilte agus éifeachtacha a chinntiú don phobal. Leanamar ar aghaidh ag cur FGL chun cinn i rith 2022 ionas gur choinnigh gairmithe cláraithe a gcuid scileanna cothrom le dáta. Chuir CORU iniúchtaí FGL i gcrích do cheithre ghairm le dhá mhí dhéag anuas.

Is príomhthosaíocht do CORU i gcónaí cumarsáid a dhéanamh go héifeachtúil agus go héifeachtach leis an bpobal. Le go gcosnófar an pobal, creidimid go gcaithfidh go bhfuil a fhios ag an bpobal cá háit a bhfaighidh siad cúnamh nuair a théann rudaí ó rath, mar a rachaidh siad uaireanta.

Chun feasacht an phobail ar CORU a fheabhsú agus chun cur leis an dul chun cinn a rinneadh roimhe seo ina thaobh, thugamar faoin bhfeachtas faisnéise poiblí is fairsinge a rinne muid riamh san earrach seo caite. Mar chuid den fheachtas ceithre seachtaine seo bhí fógraíocht raidió náisiúnta agus áitiúil, fógraíocht faoin aer, agus fógraíocht ar líne ar na suíomhanna gréasáin nuachta is aitheanta in Éirinn. Tá aitheantas forleathan faighte ag an bhfeachtas agus breathnaíodh air go minic. Leanfaimid leis an obair ríthábhachtach seo in 2023.

Gan dabht is í an fhorbairt is tábhachtaí do CORU in 2022 ná glacadh an ráitis straitéise nua cúig bliana, a seoladh i mí na Bealtaine. Aithníonn CORU na riachtanais sláinte agus cúraim shóisialta atá ag athrú go tapa, an brú atá á chur ar ár gcláraithe, agus an brú sin ag dul i méid i gcónaí. Aithníonn muid freisin an gá atá le líon na ngairmeacha cláraithe a mhéadú chun tacú leis na héilimh ar na seirbhísí, éilimh atá ag fás i gcónaí.

Tá ról ag CORU maidir le tacú le riachtanais lucht saothair ár seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialaigh. Tá dualgas orainn a chinntiú gur féidir pearsanra leis na cáilíochtaí cuí a bhfuil cáilíochtaí idirnáisiúnta acu a chlárú go tráthúil agus táimid tiomanta laghdú a dhéanamh ar an achar ama a thógann an próiseas seo.

Tá ár gcéad "Straitéis TF 2022 – Rialachán atá Cumasaithe ag Córais Dhigiteacha 2026" tugtha isteach ag CORU freisin. Tá sé seo ag cabhrú linn oibriú ar bhealach níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí. Faoi dheireadh na bliana, tá feabhsuithe móra bainte amach cheana féin, agus ár rannóg aitheantais ag bogadh go hardán atá go hiomlán digitithe agus beidh córas clárúcháin nua le tabhairt isteach in 2023.

Leanfaimid orainn ag scrúdú ár gcleachtas lena chinntiú go mbainfimid an leas is fearr is féidir as an éifeachtúlacht. Mar sin féin, tá géarghá freisin le creat rialála níos inbhuanaithe a chur ar fáil. Táimid tiomanta d'oibriú leis an Roinn Sláinte chun é seo a bhaint amach.

Tá mé faoi chomaoin ag an iliomad daoine agus eagraíochtaí a chuireann le rath CORU. Ní éireoidh linn gan tacaíocht ó go leor grúpaí tiomanta a chabhraíonn linn go léir an pobal a chosaint. Gabhaim buíochas ó chroí le gach aon pháirtí as an tacaíocht sheasmhach sin ar féidir linn brath air. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le comhaltaí na Comhairle, na mBord Clárúcháin agus na gCoistí.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le Rachel Kenna, an Rúnaí Cúnta atá freagrach as Rialáil agus an Príomhoifigeach Altranais, Alessandra Fantini agus leis an bhfoireann san Aonad um Rialáil Ghairmiúil sa Roinn Sláinte, lenár gcomhghleacaithe sa Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige. Ba mhaith linn freisin aitheantas a thabhairt dár gcuid oibre le QQI, leis na fostóirí, leis na hoideachasóirí, leis na comhlachtaí ionadaíocha agus leis na ceardchumainn.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl freisin d'fheidhmeannas uile CORU, a d'oibrigh gan stad gan staonadh chun ár sainordú a sheachadadh agus chun feabhas leanúnach a chur ar ár gcuid oibre. Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil le mo chomhghleacaithe sinsearacha bainistíochta, Kenneth Daly, Margaret Hynds O Flanagan, Claire O Cleary, Paul Byrne, Catherine Byrne agus Erica Champ.

Is le gean a chuimhním ar ár gcomhghleacaí agus ár gcara Majella Walsh, a chuaigh ar shlí na fírinne i mí Dheireadh Fómhair. D'oibrigh Majella linn ar feadh breis agus deich mbliana, agus le déanaí bhí sí i gceannas ar ár nAonad um Chomhlíonadh agus Rialachas. Cuimhneoimid uirthi as a hintleacht, a hionracas, a críochnúlacht agus a dúthracht do CORU. Thar aon rud eile, cuimhneofar uirthi mar gheall ar a acmhainn grinn, a bhraitheann agus a bhraithfidh muid uilig uainn in CORU.

Gabhaim buíochas lenár gCathaoirleach Mo Flynn, Uasal atá gan staonadh ina dúthracht don ról agus mar threoir don eagraíocht ar fad. Caithfidh mé buíochas a ghabháil le foireann CORU arís. Is mór an onóir dom a bheith ag obair le foireann chomh iontach sin atá lán le paisean agus tiomáint.

Ar deireadh, is í seo an tuarascáil bhliantúil dheireanach de mo chuid mar POF, mar go mbeidh mé ag dul ar scor an 30 Bealtaine 2023, tar éis 15 bliana i mbun CORU a bhunú. Ba mhór an onóir é a bheith mar chéad Phríomhfheidhmeannach ar CORU ag obair le daoine atá chomh tiomanta sin; go raibh sé de phribhléid agam reachtaíocht a thabhairt chun beatha agus a bheith ag obair go gníomhach chun gairmeacha sláinte agus cúraim shóisialaigh a rialú den chéad uair, ag obair i gcónaí chun an pobal a chosaint. Guím gach rath ar CORU amach anseo.



**Ginny Hanrahan**
POF, An Chomhairle **um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh**

# Maidir le CORU
# Ár mBunchuspóir, ár bhFís agus ár Luachanna

Is é CORU an rialtóir i dtaobh ghairmeacha éagsúla sláinte agus cúraim shóisialaigh na hÉireann. Bímid ag obair ar mhaithe le leas an phobail, agus is é an ról atá againn an pobal a chosaint trí chlárú reachtúil gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh.

Is é CORU an t-ainm branda agus an lógó faoina bhfeidhmíonn an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh agus Boird Chlárúcháin na ngairmeacha éagsúla le chéile. Eascraíonn "CORU" as an bhfocal Gaeilge "Cóir", a chiallaíonn "cothrom, ceart agus cuí".

Is é CORU atá freagrach as rialáil a dhéanamh, faoi Acht 2005 (arna leasú), ar 17 ngairm ainmnithe sláinte agus cúraim shóisialaigh. Meastar go bhfuil idir 35,000 duine ag gabháil do na gairmeacha sin ar fad. Féadfaidh an tAire Sláinte gairmeacha breise a chur leo amach anseo.




*Ceann den iliomad póstaer fógraíochta lasmuigh a úsáideadh mar chuid d'fheachtas feasachta poiblí CORU.*

Is iad seo a leanas na gairmeacha ainmnithe:

- Bithcheimiceoirí Cliniciúla
- Comhairleoirí
- Diaitéitigh
- Radharceolaithe Dáileacháin
- Eolaithe Míochaine
- Teiripeoirí Saothair
- Optaiméadraithe
- Ortoptaigh
- Fisiteiripeoirí agus Teiripeoirí Fisiciúla
- Coslianna
- Síceolaithe
- Síciteiripeoirí
- Radagrafaithe
- Teiripeoirí Radaíochta
- Oibrithe Cúraim Shóisialta
- Oibrithe sóisialacha
- Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga

Tá nó beidh a Bord Clárúcháin féin ag gach gairm atá nó a bheidh freagrach as comhaltaí dá ghairm faoi seach a chlárú.

Tá na boird chlárúcháin seo a leanas curtha ar bun ag an Aire go dtí seo: Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha, Bord Clárúcháin na Radagrafaithe, Bord Clárúcháin na nDiatéiteach, Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga, Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair, Bord Clárúcháin na nGairmithe Radharceolaíochta, Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí, Bord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh, Bord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine agus Bord Clárúcháin na Síceolaithe, Bord Clárúcháin gCoslianna Bord Clárúcháin na gComhairleoirí agus na Síciteiripeoirí.

Bunófar na Boird eile ar bhonn céimnithe.

## Nollaig 2022 - Stádas na mBord Clárúcháin

**0 CÉIM**

### Roimh ainmniúchán

(ag fanacht ar ainmniúchán ón Aire)

**1 CÉIM**

### Roimh bhunú

(roimh an gcéad chruinniú)

- Bithcheimiceoirí Cliniciúla
- Ortoptaigh

**2 CÉIM**

### Bunú

(ó Chruinniú 1 go dtí an lá a osclaítear an clár)

- Comhairleoirí agus Síciteiripeoirí
- Síceolaithe
- Oibrithe Cúraim Shóisialta

**3 CÉIM**

### Idirthréimhse

(Ón lá a osclaítear an clár, agus cosnaítear an teideal)

- Coslianna

**4 CÉIM**

### Gnó mar is gnách

(Idirthréimhse + 1 lá, leanúnach)

- Fisiteiripeoirí agus Teiripeoirí Fisiciúla
- Diaitéitigh
- Optaiméadraithe agus Radharceolaithe Dáileacháin
- Radagrafaithe agus Teiripeoirí Radaíochta
- Oibrithe Sóisialacha
- Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga
- Teiripeoirí Saothair
- Eolaithe Míochaine

# Ár mBunchuspóir

D'fhreastail ár mbunchuspóir, ár bhfís agus ár luachanna go maith orainn agus sinn ar ár dturas go dtí seo agus beidh siad fós mar bhonn faoinár Ráiteas Straitéise agus faoi ghníomhaíochtaí laethúla ár ngnó.

Amhail a leagtar amach é san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú), is é an bunchuspóir atá againn:

**"Iompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht ardchaighdeáin a chur chun cinn i measc chláraithe na ngairmeacha ainmnithe chun an pobal a chosaint".**

# Ár bhFís

Tá muinín ag an bpobal agus ag Gairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh as CORU agus as a phróisis agus a chaighdeáin rialála agus tugann siad araon aitheantas dóibh.



# Ár Luachanna

## Tá sé ina aidhm ag CORU sraith luachanna a léiriú lena dtugtar bonn taca agus tacaíocht don chaoi a mbímid ag obair agus ag idirghníomhú lenár bpáirtithe leasmhara go léir. Baineann tábhacht lárnach leis na luachanna seo a leanas maidir le baint amach an bhunchuspóra agus na físe atá againn:

- Bíonn ár gcinntí, ár ngníomhartha agus ár dtosaíochtaí go léir bunaithe ar an bpríomhchúram amháin atá againn, is é sin **feabhas a chur ar shábháilteacht an phobail.**
- Léirímid **ceannaireacht** inár n-earnáil trí chur chuige dearfach, ardchaighdeáin atá bunaithe ar fhianaise a ghlacadh i leith ár gcuid oibre.
- Táimid tiomanta **don chuntasacht agus don fhollasacht** inár bpróisis go léir: cinntí, iompar gairmiúil, cumarsáid agus teagmháil lenár bpáirtithe leasmhara.
- Léirímid **meas agus cothroime** agus muid i dteagmháil leis an bpobal, le gairmithe agus lenár bpáirtithe leasmhara go léir.
- Léirímid **éifeachtacht agus sármhaitheas** mar eagraíocht i dtéarmaí luach ar airgead, éifeachtúlacht ár n-oibríochtaí agus rialachas.
- Léireoimid **neamhspleáchas agus ionracas** inár dteagmháil ar fad lenár bpáirtithe leasmhara.



# Ról na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Is í an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh an comhlacht reachtúil atá bunaithe ag an Rialtas chun an pobal a chosaint trí chlárú reachtúil na ngairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh atá ainmnithe in Acht 2005.

**Is é ról na Comhairle:**

- Maoirseacht agus comhordú a dhéanamh ar obair na mBord Clárúcháin
- Caighdeáin chleachtais a fhorfheidhmiú le haghaidh gairmithe cláraithe lena n-áirítear cóid a bhaineann le hiompar gairmiúil agus le heitic ghairmiúil
- Imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin maidir le Feidhmiúlacht chun Cleachtadh maidir le gairmeacha cláraithe
- Cinntí a dhéanamh agus treoir a thabhairt maidir le smachtbhannaí araíonachta a ghearradh ar chláraithe
- A bheith freagrach as acmhainní a leithdháileadh ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach.

33 gcomhalta atá ar an gComhairle – 1 chomhalta ainmnithe amháin ó gach ceann de na ghairm rialaithe mar aon le comhaltaí tuata. Tagann na comhaltaí tuata (daoine nach comhaltaí iad de chuid na ngairmeacha arna rialáil ag CORU) ón earnáil oideachais, ó ghrúpaí tathanta othar agus ón earnáil dheonach agus áirítear leo freisin ionadaithe de chuid eagraíochtaí na hearnála poiblí agus príobháidí a bhaineann le sláinte agus cúram sóisialach. Is é an tAire Sláinte a cheapann an Cathaoirleach agus ní mór gur comhalta tuata den Chomhairle é nó í an té sin. Is ar bhonn deonach a fheidhmíonn gach comhalta den Chomhairle agus gach Comhalta de na Boird Chlárúcháin agus ní fhaigheann siad aon táillí. Íoctar stipinn le Cathaoirleach na Comhairle mar aon le speansais taistil i gcaitheamh na bliana. Ní íoctar táillí le haon chomhalta eile den Chomhairle, den Choiste Comhairleach ná de na Boird Chlárúcháin i leith a gcomhaltais.

## Coistí Comhairleacha

Tá sé choiste ag an gComhairle (arna gcur ar bun faoi Alt 23) agus cuireann siad saineolas agus comhairle ar fáil don Chomhairle agus don Fheidhmeannas sna réimsí seo a leanas:

- Iniúchóireacht, Riosca agus Rialachas
- Airgeadas agus Cuspóirí Ginearálta
- Clárúchán agus Aitheantas
- Oideachas
- Ainmniúcháin
- Cleachtas Gairmiúil

## An Coiste Achomharc

Bhunaigh an Chomhairle an Coiste Achomhairc chun déileáil le hachomhairc maidir le cinntí Clárúcháin agus Aitheantais.

## Coistí Cuid 6

Coistí a bunaíodh faoi Chuid 6 den Acht chun déileáil le Gearáin, Fiosrúcháin agus Araíonacht.

## An Coiste Réamhimeachtaí

Chuir an Chomhairle an Coiste Réamhimeachtaí ar bun in Eanáir 2015. Is coiste reachtúil é a bunaíodh faoi Chuid 6 den Acht. Déanann an coiste sin athbhreithniú ar gach gearán a fhaigheann an Chomhairle maidir le Feidhmiúlacht chun Cleachtadh i gcás na ndaoine atá cláraithe.

## Coistí Fiosrúcháin

I mí Feabhra 2016, bhunaigh an Chomhairle na Coistí Fiosrúcháin, is iad sin an Coiste Sláinte agus an Coiste Iompair. Is coistí reachtúla iad seo a bunaíodh faoi Chuid 6 den Acht. Déileálann Coiste Fiosrúcháin le gearáin a chuirtear faoina bhráid, sa chás go bhfuil dóthain cúise ann chun gníomh breise a dhéanamh maidir le gearán.

# Ról na mBord Clárúcháin

Baineann an sochar le leithdheighilt na bhfeidhmeanna idir an Chomhairle agus na Boird Chlárúcháin go gcinntítear, i gcás gach gairme a rialáiltear, go mbeidh comhlacht tiomanta ann a dhíríonn ar chlárú agus ar chaighdeáin oideachais na gairme sin, agus orthu sin amháin, lena bhféachtar chuige go bhfuil fáil ar shaineolas sonrach gairmiúil.




Tá gach Bord Clárúcháin freagrach as na nithe seo a leanas a chur i bhfeidhm don ghairm/do na gairmeacha a rialaíonn siad:

- Clár comhaltaí na gairme sin a chur ar bun agus a chothabháil
- Cáilíochtaí arna mbronnadh lasmuigh den Stát a mheas agus a aithint
- Cláir oideachais agus oiliúna atá ábhartha don iontráil ar an gClár a fhaomhadh agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- An cód iompair ghairmiúil agus eitice a leagan amach
- Na riachtanais maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach a leagan amach, agus
- Le faomhadh na Comhairle, fodhlíthe a chur ar bun maidir lena fheidhmeanna clárúcháin agus oideachais.

Tá 13 chomhalta dheonacha ar gach Bord. Is comhaltaí tuata den Bhord iad seachtar díobh sin (daoine nach bhfuil ag gabháil do na gairmeacha atá á rialáil) mar aon le comhalta amháin ó gach ceann de na réimsí seo a leanas: earnáil an oideachais, fostóirí poiblí agus gníomhaireachtaí príobháideacha/ deonacha, agus ceathrar comhaltaí ón bpobal lena n-áirítear grúpaí a bhíonn ag obair ar son othar; seisear comhaltaí ó na gairmeacha faoi seach a dhéanann ionadaíocht thar ceann oideoirí, bainisteoirí agus soláthraithe seirbhísí.

Nuair a bheidh na folúntais ar fad líonta, beidh 187 duine ag freastal ar an gComhairle agus ar na Boird Chlárúcháin ag CORU. Ceanglaítear ar an gComhairle agus ar gach Bord teacht le chéile ceithre huaire sa bhliain ar a laghad, ach tiocfaidh gach Bord le chéile deich n-uaire sa bhliain go hiondúil lena chinntiú go ndéantar an Plean Gnó Bliantúil agus, dá réir sin, Plean Straitéiseach foriomlán na heagraíochta, a sheachadadh.

# 2022 Súil Siar ar Bhliain CORU

## CORU Súil siar ar an mBliain






**2** Bhord le ceapadh

**3** Chlár le bunú

### Líon na gCláraithe




### Líon na gCláraithe (2017 – 2022)
de réir Gairme

- Coslianna
- Eolaithe Míochaine*
- Fisiteiripeoirí*
- Radharceolaithe Dáileacháin
- Optaiméadraithe
- Teiripeoirí Saothair
- Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga
- Diaitéitigh
- Radagrafaithe/Teiripeoirí Radaíochta
- Oibrithe Sóisialacha

*deireadh na hidirthréimhse clárúcháin*




## Miondealú ar Inscne
de réir Gairme




**Cothromaíocht Inscne i ngach Gairm Shláinte a chláraítear le CORU:**

82% Baineann
18% Fireann



Fuarthas
**2,169**
iarratas clárúcháin

Méadú +10% ó 2021

Méadú ó 2021 ar na cláir seo a leanas:

**+65%** Eolaithe Míochaine

**+5%** Fisiteiripeoirí

Méadú
**55%**
ar líon na gcláraithe a baineadh toisc nár íoc siad na táillí athnuachana

**2,188**
Cláraí Idirnáisiúnta

As 73 tír san iomlán

lena n-áirítear:
- an Ríocht Aontaithe
- an Astráil
- an India
- an Nigéir
- Stáit Aontaithe Mheiriceá
- an Afraic Theas
- an tSiombáib

Doiciméid treorach faofa ag NALA

NALA National Adult Literacy Agency

## Aitheantas

**1,307**
iarratas maidir le haithint cáilíochtaí idirnáisiúnta

**950** Líon na gcinntí

**69 Lá** An meánam chun cinneadh aitheantais a dhéanamh

## Oideachas

**14** Chlár Cheadaithe

Rinneadh monatóireacht ar **5** chlár cheadaithe

**57** Tá monatóireacht leanúnach á déanamh ag na Boird Chlárúcháin ar 57 clár oideachais agus oiliúna faoi láthair.

Rinne Boird Chlárúcháin Cáilíochtaí Ceadaithe:
- Radagrafaithe
- Eolaithe Míochaine
- Diaitéitigh
- Oibrithe Sóisialacha

Rinneadh iniúchadh ar FGL i gcás:
- Fisiteiripeoirí
- Eolaí Míochaine
- Radagrafaithe / Teiripeoirí Radaíochta
- Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga
- Diaitéitigh

Roghnaíodh
**5%**
de na cláraithe a bhí ar an gclár ó thús deireadh na tréimhse iniúchta le dul faoi iniúchadh FGL

## An Chomhairle agus Boird

**3** Bhabhta Toghcháin

**Lena n-áirítear na Boird seo a leanas:**
- Radagrafaithe
- Teiripeoirí Ceirde
- Fisiteiripeoirí
- Oibrithe Sóisialacha
- Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga
- Eolaí Míochaine

**10** gCoiste Comhairle

**460+** ionadaí ar an gComhairle, ar na Boird, ar na Coistí agus ar na Painéil Measúnóirí

## Dlí

Ghlac an Chomhairle le **6** fhodhlí

Próiseáladh **29** comhad forfheidhmithe

Fuarthas **55** gearán maidir le feidhmiúlacht chun cleachtadh

Rinneadh plé le **12** chás um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh mar nochtaí cosanta

## TFC

Cuireadh Straitéis 5 Bliana 2022-2027 i bhfeidhm

## Airgeadas

Méadú **+€0.9m** ar ioncam

Méadú **+19%** ar chaiteachas caipitil

Cheadaigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste na cuntais bhliantúla

## Rialachas agus Comhlíonadh

Fuarthas **16** Iarratas Saorála Faisnéise

Rinneadh athbhreithniú ar Chód Iompair agus Rialachais Chorparáidigh CORU

Oiliúint Feasachta Cibearshlándá la do Choiste Gnó CORU

## Folláine

D'eagraigh an grúpa folláine foirne **20+** imeacht folláine

## Acmhainní Daonna

**77** duine ar an bhfoireann

Earcaíocht chun **20+** post

## Cumarsáid

http://www.coru.ie

**225,000** Úsáideoirí

65% ó Éirinn

35% ón gcoigríoch

230,517 rochtain ar an leathanach 'Cuardaigh an Clár'

Líon na Leantóirí ar Twitter 3,420

LinkedIn 4,429

YouTube 600+

**5** Chomhairliúchán Phoiblí

Nuachtlitir Sheachtrach Ráithiúil **18,597** síntiúsóir

# Tosaíochtaí Straitéiseacha 2022

In 2022 glacadh le ráiteas straitéise nua cúig bliana do CORU. Cuireann sé seo treochlár agus plean gníomhaíochta mionsonraithe ar fáil chun muid a threorú trí thréimhse ríthábhachtach don eagraíocht agus do shochaí na hÉireann araon.

Ó thaobh CORU de, meastar go mbeidh méadú 35,000 ar a laghad tagtha ar líon na ngairmithe rialaithe sláinte agus cúraim shóisialaigh faoi dheireadh na gcúig bliana seo. Tá sé ghairm nua beartaithe chun rialachán a thabhairt isteach, lena n-áirítear na gairmeacha is casta atá rialaithe ag CORU go dtí seo.

Is ionann é seo agus leathnú mór ar shainchúram CORU, rud a chiallaíonn go gcuirfidh na rialacháin le cúram agus tionchar a imirt ar ghairmeacha líon daoine atá ag dul i méid i gcónaí. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach go ndéanfar an leathnú sin ar bhealach inbhuanaithe. Tá freagracht ar CORU inbhuanaitheacht a chuid oibríochtaí a scrúdú agus a fheabhsú, rud a chinntíonn go bhfuil rialáil chuí á cur ar fáil aige ar an mbealach ceart.

Ní mór do CORU iarracht a dhéanamh i gcónaí éifeachtúlachtaí agus barr feabhais a bhaint amach i ngach rud a dhéanann sé chun freastal ar ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialta, ar an gcóras sláinte níos leithne agus thar aon rud eile, ar an bpobal a chosnaíonn sé. Leagtar amach sa straitéis cúig bliana an treoirphlean chun é sin a chur i gcrích.

Chomh maith leis na hathruithe eagraíochtúla laistigh de CORU, ní mór athruithe sochaíocha níos leithne a chur san áireamh sa straitéis freisin. Tá riachtanais chúraim ag athrú mar gheall ar dhaonra atá ag dul in aois, agus mar go bhfuil fonn forleathan ann leibhéil níos mó cúraim a chur ar fáil i bpobail.

Tá freagracht ar CORU tacú leis an athrú seo ar chúram sláinte agus sóisialta. Tá ceanglas ann freisin tacú leis an ngá leanúnach atá lenár seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta gairmithe nua a earcú. Mar rialtóir, tá freagracht iomlán orainn a chinntiú go bhfuil gach duine a chláraíonn feidhmiúil chun cleachtadh, ach ní mór é seo a riaradh ar bhealach nach bhfeidhmíonn mar scrogaill laistigh de na seirbhísí.

Leagtar amach sa straitéis cúig bliana seo cúig thosaíocht straitéiseacha a bhfuil CORU ag obair ina leith chun an t-athrú seo a chur i gcrích. Tá CORU, a Chomhairle agus a Bhoird Chlárúcháin aontaithe ina dtacaíocht don phlean seo agus an sprioc choiteann, is é sin an pobal a chosaint. Tá dul chun cinn suntasach déanta sa chéad bhliain inar glacadh é.




*Mo Flynn, Cathaoirleach na Comhairle agus Ginny Hanrahan, POF ag seoladh Ráiteas Straitéise CORU, Bealtaine 2022.*

# Tosaíocht Straitéiseach 1:

## Cuirfimid rialáil na sé ghairm ainmnithe atá fágtha chun cinn

Tá sé fós mar phríomhthosaíocht ag CORU cláir a oscailt do ghairmeacha atá ainmnithe faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh 2005 (arna leasú).

Tá cláir oscailte againn d'aon cheann déag de na seacht ngairm déag atá ainmnithe inár reachtaíocht. Tá ár n-eagraíocht ann chun an pobal a chosaint agus ciallaíonn an t-éacht seo gur féidir le húsáideoirí seirbhíse a úsáideann ceann den 25,000 gairmí atá cláraithe againn suaimhneas intinne a bheith acu gach lá agus a fhios acu gur féidir leo a bheith ag súil le hardchaighdeán cúraim.

Táimid tiomanta, thar shaolré an Ráitis Straitéise reatha 2022-2026, oscailt clár a chur chun cinn do na sé ghairm atá fágtha. Tá dul chun cinn déanta ag gach Bord Clárúcháin ceaptha in 2022.

### Comhairleoirí agus Síciteiripeoirí

Tá an tasc suntasach a bhaineann le scóipeáil na gcáilíochtaí stairiúla agus reatha curtha i gcrích ag an mBord Clárúcháin Comhairleoirí agus Síciteiripeoirí (CPRB). Mar thoradh ar an obair sin, moladh don Aire Sláinte cé na cáilíochtaí atá oiriúnach chun gairmithe atá ann cheana féin a chur leis an gclár.

Tá dul chun cinn déanta ag an mBord ar dhréachtú na gCaighdeán Inniúlachta a leanfaidh ar aghaidh go dtí 2023, mar aon le hobair ar shocrú na gCritéar do Sholáthraithe Oideachais agus Oiliúna a bhaineann leis an gcaoi a ndéantar cláir oideachais a bhainistiú agus a sheachadadh.

Agus muid ag dul ar aghaidh i dtreo rialáil reachtúil, táimid tiomanta do chomhairliúchán leis na gairmeacha agus leis na páirtithe leasmhara go léir chun a chinntiú go bhfuil siad ullamh don fhorbairt dhearfach seo.

### Síceolaithe

Bunaíodh Bord Clárúcháin na Síceolaithe (PSRB) in 2017. Ó shin i leith, d'oibrigh sé chun rialáil reachtúil a thabhairt isteach do ghairm na síceolaíochta in Éirinn, faoi threoir leanúnach ag an bprionsabal maidir le cosaint phoiblí a sheachadadh.

Tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Sláinte, tá an Bord agus an Chomhairle anois ag smaoineamh ar chur chuige déshrutha agus céimnithe maidir le rialáil na gairme. Is éard a bheidh i gceist leis sin ná breithniú a dhéanamh ar rialáil speisialtóirí síceolaíochta ar leith, agus tús áite á thabhairt dóibh siúd is mó a mbaineann baol leo do shábháilteacht an phobail. Ag an am céanna, leanfar ar aghaidh ag obair sa treo is go ndéanfar an teideal gairme 'síceolaí' a chosaint.

Tá an Bord agus an Chomhairle tiomanta i gcónaí an teideal gairme "síceolaí" a chosaint ar mhaithe le cosaint an phobail agus ar mhaithe leis an iliomad síceolaithe gairmiúla atá ag obair in Éirinn.

### Oibrithe Cúraim Shóisialta

Tá dul chun cinn suntasach déanta ag an mBord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh in 2022. Mar thoradh air sin, osclófar Clár na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh an 30 Samhain 2023. Ní hamháin gur cloch mhíle shuntasach dhearfach a bheidh anseo don ghairm ach do CORU chomh maith, agus táthar ag súil go mbeidh Oibrithe Cúraim Shóisialacha ar an ngairm is mó a rialaíodh go dtí seo.

### Coslianna

Tiocfaidh deireadh leis an idirthréimhse chlárúcháin do Choslianna an 31 Márta 2023 agus ag an bpointe sin beidh 'Coslia' ina theideal cosanta ó thaobh dlí de. Tá teagmháil fhorleathan déanta leis an ngairm chomh maith le feachtas cumarsáide forleathan chun ullmhú don dáta tábhachtach seo. Leanfaidh na hiarrachtaí sin ar aghaidh go dtí go dtiocfaidh deireadh leis an idirthréimhse chlárúcháin do chleachtóirí reatha.



# Tosaíocht Straitéiseach 2:

## Cinnteoimid go gcosnófar an pobal leis an rialáil agus go dtacóidh sí le gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh

Is é an dara tosaíocht straitéiseach atá againn ná a chinntiú go gcosnaíonn rialáil an pobal agus go dtacaíonn sé le gairmithe sláinte agus cúraim shóisialta.

Táimid tiomanta de modh réamhtheachtach rialála a chur ar fáil agus tá ag éirí linn sin a dhéanamh.  Léiríonn corpas fianaise atá ag dul i méid an méid seo: dá mhéid spreagadh agus tacaíocht a thugtar do chláraithe ina gcleachtais, is ea is mó an tionchar a imrítear ar chosaint an phobail.

Déileálfaimid i gcónaí le gearáin, ach tá siad seo thar a bheith annamh, agus mar sin is cuí go ndírímid ár n-acmhainní ar fhadhbanna a chosc nuair is féidir. Chun cosaint a chinntiú don phobal táimid dírithe go dtacóidh ár gcuid oibre le gairmithe sláinte agus cúraim shóisialta freisin.

Le linn 2022, forbraíodh roinnt tionscnamh i gcomhréir leis an tosaíocht straitéiseach seo, lena n-áirítear córas clárúcháin éifeachtúil a sholáthar. Tá sé seo ríthábhachtach do CORU mar go bhfuil os cionn 25,000 gairmí cláraithe ag CORU faoi láthair agus táimid ag súil le thart ar 10,000 gairmí a chlárú den chéad uair amach anseo thar na blianta beaga amach romhainn. Chuige sin, thug CORU tús áite don ghá atá le digitiú na seirbhíse a chuirimid ar fáil in 2022 a fheabhsú.

Rinneadh dul chun cinn ar an obair ar roinnt leasuithe reachtacha le linn 2022. Áiríodh orthu sin athruithe ar an tairseach athnuachana ina ndéanann cláraithe a gclárú a athnuachan ag amanna sonracha i rith na bliana agus an beartas nuashonraithe imréitigh póilíní. Anuas air sin, foilsíodh liosta de chláraithe a baineadh den chlár ar shuíomh gréasáin CORU mar gheall ar neamhíoc táillí. Baineadh na cláraithe seo den chlár ábhartha nuair a tháinig deireadh leis an tréimhse athnuachana agus níor íocadh na táillí.

Go déanach in 2022, tionóladh cruinniú tosaigh leis an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath chun tacú leis an gcuspóir measúnú ar scrúdú inniúlachta gairmiúla a fhorbairt d'iarratasóirí clárúcháin nár chomhlíon na riachtanais chlárúcháin mar iarratasóir alt 91 agus a mbeidh scrúdú ag teastáil uathu chun a n-iarratas a chur chun cinn. Leanfar den obair seo in 2023.

In 2022 laghdaíomar an meán-am a bhí ag teastáil chun cinneadh aitheantais a dhéanamh go 69.1 lá i Ráithe 4. Bhí roinnt nuálaíochtaí córais agus athruithe struchtúracha i gceist leis an laghdú ar an meán-am le haghaidh cinnidh. Ina measc sin cuireadh deireadh leis an gclár chun córas nua bainistíochta feidhmchlár ar líne a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach. Cuimsíonn an córas tairseach iarratasóra agus modúl measúnaithe. Tá sé ríthábhachtach luas agus éifeachtúlacht a fheabhsú agus caighdeán na cinnteoireachta a choinneáil chun a chinntiú gur féidir le gairmithe incháilithe rochtain a fháil ar an ngairm agus comhghleacaithe agus úsáideoirí seirbhíse araon a chosaint ag an am céanna.

Aithnímid ár ról i dtacú leis na córais sláinte agus cúraim shóisialta trína chinntiú go n-éascaítear gairmithe a bhfuil cáilíochtaí agus taithí oiriúnacha acu thar lear nuair is mian leo a bheith ag obair in Éirinn. Chuige sin, cuireadh roinnt iarrachtaí i bhfeidhm.

De réir mar a d'fhorbair an ghéarchéim dhaonnúil mar thoradh ar an gcogadh san Úcráin, chuir CORU leaganacha aistrithe ar fáil san Úcráinis de na próisis iarratais clárúcháin agus aitheantais chun cabhrú le dídeanaithe a bhfuil cáilíochtaí sláinte agus cúraim shóisialta acu a thagann go hÉirinn. Tá gach foilseachán aistrithe ar fáil ar an suíomh gréasáin agus leathnaíodh an tseirbhís seo chun aistriúchán ar cháipéisí i nGaeilge, Araibis, Dari, Filipínis, Fraincis agus Rúisis a chur san áireamh.

Leanadh den obair chun tacú le gairmithe a fuair a gcuid oideachais thar lear agus a bhí ag iarraidh oibriú in Éirinn le fócas ar mheicníochtaí chun tacaíocht a chur ar fáil dóibh siúd a mbíonn orthu bearta cúitimh a dhéanamh chun an caighdeán riachtanach cleachtais a bhaint amach. Áiríodh leis na bearta sin taighde staidrimh ar phatrúin easnaimh a aithníodh, suirbhé ar na páirtithe leasmhara go léir agus tús a chur le forbairt ábhar treorach agus tacaíochta nua d'iarratasóirí, do mhaoirseoirí agus do mheasúnóirí.

Tugadh faoi rannpháirtíocht dhíreach le príomhghníomhaireachtaí lena n-áirítear FSS agus Tusla, an ghníomhaireacht um leanaí agus an teaghlach, chun tacaíochtaí féideartha d'iarratasóirí agus riachtanais earcaíochta amach anseo a shainaithint in 2022.

Gné lárnach den obair seo ba ea tabhairt faoi thaighde ar chuir chuige nua maidir le cáilíochtaí idirnáisiúnta a aithint chun próisis éifeachtacha a chinntiú ar féidir iad a bhogadh ar aghaidh ar bhealach níos tapúla agus níos éifeachtaí ó thaobh costais de. Áiríodh leis sin taighde suntasach agus feidhmiú cláir phíolótaigh do cháilíochtaí a chuirtear faoi bhráid na mBord Clárúcháin go rialta. Leanfaidh an obair seo ar aghaidh in 2023 agus tacóidh sí le gairmithe cuícháilithe a thabhairt isteach sa lucht saothair ar bhealach níos tráthúla.

Ós rud é gur comhlacht earnála poiblí é CORU atá faoi choimirce na Roinne Sláinte, tá dualgas air dul chun cinn a dhéanamh ar an obair ar dhualgas na hearnála poiblí de réir an Ráitis Straitéise reatha.

Éilíonn an dualgas ar chomhlachtaí poiblí: deireadh a chur le hidirdhealú; comhionannas deiseanna agus cóir chomhionann a chur chun cinn dá fhoireann agus do na daoine dá soláthraíonn sé seirbhísí; agus cearta daonna a chomhaltaí, a fhoirne agus na ndaoine dá soláthraíonn sé seirbhísí a chosaint.

Faoi dheireadh 2022, d'fhorbair grúpa oibre a bunaíodh i rith na bliana dréachtmheasúnú agus ráiteas luachanna. I measc na hoibre tosaigh a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna láithreacha bhí:

- Nuashonrú a dhéanamh ar an bpróiseas chun comhaltaí na Comhairle agus an Bhoird a earcú chun cuimsiú agus éagsúlacht níos fearr a chur chun cinn ar chomhlachtaí cinnteoireachta CORU. Mar gheall ar an ngníomh seo, bhí gá le rannpháirtíocht leis an Roinn Sláinte, leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus leis an bpobal, agus le grúpaí sainspéise agus ceartais shóisialta.
- Beartas CORU maidir le dínit inmheánach ag an obair a thabhairt cothrom le dáta.
- Aghaidh a thabhairt ar shimpliú agus/nó aistriúchán ábhar treorach chun tacú le hiarratasóirí nach é an Béarla a gcéad teanga.

# Tosaíocht Straitéiseach 3:

## Forbróimid ár gcumas eagraíochtúil agus ag an am céanna déanfaimid samhail rialála níos inbhuanaithe a chothú

Is é an tríú tosaíocht straitéiseach atá againn ná ár gcumas eagraíochtúil a fhorbairt agus samhail rialála níos inbhuanaithe a fhorbairt ag an am céanna. In 2012, agus gan ach dhá Bhord Chlárúcháin bunaithe, aithníodh nach raibh rialachas reatha CORU inbhuanaithe. D'éirigh sé seo níos soiléire fós le 10 mbliana anuas de réir mar a leanamar orainn ag fás agus ag leathnú.

Tá an tsamhail rialála atá againn faoi láthair róchasta. Cruthaíonn sé seo roinnt dúshlán agus níl sé chun leasa na n-othar agus na n-úsáideoirí seirbhíse ná na ngairmeacha a rialaíonn muid.

Faoi láthair, tá os cionn 120 cruinniú reachtúil á mbainistiú ag CORU gach bliain. Éilíonn sé seo cuid mhór tacaíochta feidhmiúcháin a ídíonn am agus acmhainní a d'fhéadfaí a úsáid ar bhealach níos éifeachtaí in áiteanna eile.

Mar gheall ar an líon mór daoine a thugann a gcuid ama go deonach mar chomhaltaí de Bhoird Chlárúcháin, de Choistí agus den Chomhairle, is amhlaidh go mbíonn na comhaltaí ag athrú go minic, de réir mar a théann téarmaí oifige in éag. Cruthaíonn sé seo rioscaí de réir mar a chailleann CORU eolas agus saineolas rialála.

Tógfaidh sé tamall struchtúr nua rialachais a bhunú. Mar sin féin, tá CORU tiomanta don obair seo a chur chun cinn chun samhail nua a dhearadh agus a thástáil. Is éard a bheidh i gceist leis seo ná tuilleadh rannphháirtíochta agus comhairliúcháin lenár bpáirtithe leasmhara go léir sna blianta amach romhainn.

In 2022, cuireadh tús le hobair ar rialáil inbhuanaithe agus ullmhaíodh plean tionscadail mionsonraithe agus cuireadh faoi bhráid na Roinne Sláinte é maidir leis an gcaoi a mbeartaíonn CORU samhail rialachais inbhuanaithe a dhearadh, a thástáil agus i dtaca leis an gcaoi a ndéanfar comhairliúchán ina thaobh. Áiríodh leis sin costálacha mionsonraithe chun an tionscadal seo agus acmhainní a chur i gcrích chun comhairliúchán suntasach le páirtithe leasmhara CORU. Chinnteofaí leis sin go gcuirfí samhail optamach ar fáil a éascódh an cumas dul i ngleic leis an timpeallacht atá ag athrú go tapa ina gcleachtann gairmithe sláinte agus cúraim shóisialta agus ina gcuirtear seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta ar fáil.  Tá an Roinn Sláinte tiomanta d'inbhuanaitheacht CORU ó thaobh éifeachtúlachta, aclaíochta agus rialála amach anseo chun dul chun cinn a dhéanamh ar an obair seo in 2023.

Mar sin féin, níl ár dtiomantas don rialáil inbhuanaithe teoranta d'fheabhas a chur ar ár múnla rialachais amháin. Aithnímid go bhfuil dualgas orainn ár múnla rialála reatha a sheachadadh ar an mbealach is éifeachtaí agus is inbhuanaithe agus is féidir. Chuige sin, cuireadh tús le roinnt tionscnamh agus rinneadh dul chun cinn ina dtaobh in 2022.

Tar éis don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faomhadh a fháil do chóras nua bainistíochta cláraithe, ghlac CORU páirt i bpróiseas tairisceana chun an córas a sheachadadh sa tríú ráithe in 2022. Roghnaíodh soláthraí oiriúnach agus táthar ag súil go mbeidh an córas clárúcháin nua beo sa cheathrú ráithe in 2023, taca an ama a osclófar an clár d'oibrithe cúraim shóisialta. Cuirfidh an córas clárúcháin nua seo feabhas suntasach ar an tseirbhís reatha a thairgtear d'iarratasóirí nua agus céim eile a bheas ann i gcur chun cinn na tosaíochta sin a bhaineann le digitiú feabhsaithe ar ár gcórais, táscaire bunúsach ar shamhail rathúil rialála inbhuanaithe.

De réir mar a fhorbraíonn CORU chun a bheith níos aclaí ina chuid phróisis, beidh gá le hathruithe ar ár reachtaíocht rialaithe. Le linn 2022, d'oibrigh CORU leis an Roinn Sláinte ar roinnt athruithe tábhachtacha lena n-áirítear an teideal gairme "chiropodist" i mBéarla (coslia) a chur san áireamh le haghaidh rialacháin mar a mhol Bord Clárúcháin na gCoslianna. Meastar go mbeidh an teideal ina theideal cosanta faoin 01 Aibreán 2023 in éineacht leis an teideal gairme "podiatrist" (coslia).

In 2022, chuireamar ar chumas iarratasóirí atá cáilithe go hidirnáisiúnta iarratas a dhéanamh ar chlárú a luaithe a bheidh na doiciméid go léir curtha isteach acu chun a gcáilíochtaí a fhíorú le go mbeadh an dá phróiseas d'iarratasóirí den chineál sin a dhéanamh níos éifeachtúla. Laghdaigh sé seo go mór an méid ama a ghlacann sé iarratais ar chlárúcháin le CORU a phróiseáil.

Mar chuid den chuíchóiriú atá á dhéanamh ar ár bpróiseas, tá an chumhacht tarmligthe ag an POF mar Chláraitheoir iarratais ar chlárú atá réasúnta simplí a cheadú agus fágann sé seo nach mbíonn fanacht chomh fada sin ar iarratasóirí. Anuas air sin, tugann sé níos mó ama do na Boird Chlárúcháin iarratais atá níos casta a phlé.

Tá gach roinn in CORU ag glacadh leis an ngá atá le haclaíocht agus tá roinnt tionscadal le seoladh in 2023. Áirítear orthu sin: ardán nua chun doiciméid a sholáthar don Chomhairle agus do Bhoird Chlárúcháin agus réiteach nua chun iniúchadh a dhéanamh ar thuarascálacha iniúchta um fhorbairt ghairmiúil leanúnach do chláraithe. Leanann foireann TFC CORU de bheith nuálaíoch maidir leis an gcaoi a ndéanaimid ár gcruinnithe reachtúla a sheachadadh trí chórais cruinnithe fíorúla a sholáthar.

# Tosaíocht Straitéiseach 4:

## Méadóimid feasacht ar ár ról don phobal a chosnaímid agus na gairmithe a rialaímid

Is é an ceathrú tosaíocht straitéiseach atá againn feasacht ar ár n-eagraíocht agus ar ár ról a mhéadú i measc an phobail a chosnaímid agus i measc na ngairmeacha a rialaímid. D'fhonn an pobal a chosaint, tá sé riachtanach go mbeadh a fhios acu cén áit ba chóir dóibhdul chun cabhair a lorg nuair a bhíonn fadhbanna acu.

Tá dul chun cinn suntasach déanta againn le cúig bliana anuas chun tuiscint an phobail a fheabhsú, ní hamháin ar ról CORU, ach ar na gairmeacha a rialaímid freisin. Déanann muid iarracht ar bhonn leanúnach cláraithe a spreagadh chun iad féin a fhógairt mar ghairmithe atá cláraithe le CORU.

Is príomhthosaíocht é feasacht ar CORU a ardú agus táimid ag leanúint leis an bpróiseas chun feasacht an phobail ar ról CORU a ardú agus infheictheacht ár n-eagraíochta ar an tírdhreach rialála in Éirinn a bhunú go daingean.

Le linn 2022 leanamar orainn ag cur lenár gcumarsáid ag CORU. Thugamar faoin bhfeachtas faisnéise poiblí is mó riamh i Ráithe 2 a raibh feachtas feasachta ceithre seachtaine mar chuid de. Mar chuid den fheachtas ceithre seachtaine seo bhí fógraíocht raidió náisiúnta agus áitiúil, fógraíocht faoin aer, agus fógraíocht ar líne ar na suíomhanna gréasáin nuachta is fearr in Éirinn. San iomlán, breathnaíodh ar an bhfeachtas seo níos mó ná 40 milliún uair.

Is é suíomh gréasáin CORU an lárphointe teagmhála do chláraithe, institiúidí oideachais, páirtithe leasmhara agus baill den phobal go léir. Tá obair ar siúl ar shuíomh gréasáin CORU lena chinntiú go bhfuil sé chomh hinrochtana, chomh furasta le húsáid agus chomh cothrom le dáta agus is féidir dóibh siúd go léir a thugann cuairt air. Ón 01 Eanáir 2022 – 31 Nollaig 2022, bhí 183,000 cuairteoir ar shuíomh gréasáin CORU; Cuairteoirí nua a bhí i 64.7% díobh sin agus cuairteoirí a bhí ag filleadh ar 35.3% díobh sin. I rith na bliana, bhí 1.8 milliún cuairt leathanaigh ar shuíomh gréasáin CORU.

Le linn 2022, leanamar orainn ag plé lenár bpáirtithe leasmhara go léir trí nuachtlitir CORU a shroicheann lucht féachana de thart ar 18,000+ geallsealbhóir agus síntiúsóir gach ráithe.

Chun feasacht ar ár ról leis na gairmeacha a rialaíonn muid a mhéadú tuilleadh, forbraíodh agus cuireadh i bhfeidhm roinnt tionscnamh le linn 2022, lena n-áirítear acmhainn físe réamhchlárúcháin d'Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) a fhorbairt lena n-úsáid le mic léinn ar chúrsaí oiliúna atá faofa ag CORU. Cuireadh an obair seo chun cinn tar éis moltaí ó bhaill an Bhoird Clárúcháin agus ón Roinn Dearbhaithe Cáilíochta Oideachais. D'eascair sé as a dtaithí ar phróisis Fhormheasta agus Mhonatóireachta chun feasacht ar phróisis FGL CORU agus an tábhacht a bhaineann le FGL dár gcláraithe a chur chun cinn.

Le linn 2022, chuaigh CORU i dteagmháil le páirtithe leasmhara sna hInstitiúidí Ardoideachais, chun acmhainní físe a fhorbairt chun tacú le mic léinn tuiscint a fháil ar an tábhacht a bhaineann le forbairt ghairmiúil leanúnach le linn a ngairmeacha beatha agus an tábhacht a bhaineann le rialáil reachtúil dá ngairmeacha amach anseo.

Rinneadh dul chun cinn suntasach i mbliana maidir le rannpháirtíocht agus cumarsáid le hInstitiúidí Ardoideachais go háirithe chun cláir oibre cúraim shóisialta a sholáthar, lena n-áirítear rannpháirtíocht ar an láthair. Forbraíodh obair freisin i réimsí na socrúchán cleachtais le hInstitiúidí Ardoideachais, Ranna Rialtais agus FSS toisc go bhfuil an tábhacht a bhaineann le socrúcháin chleachtais den sórt sin a bheith ar fáil riachtanach mar go n-oibríonn CORU chun tacú le riachtanais an lucht saothair mar atá leagtha amach i Sláintecare.

# Tosaíocht Straitéiseach 5:

## Beidh taighde agus léargais fhianaise-bhunaithe mar bhonn agus mar thaca ag ár n-idirghabhálacha rialála

Tá rialáil ag síorathrú, mar aon le soláthar seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialaigh agus cleachtas gairmiúil. Chun a chinntiú go leanfaidh ár gcolúin rialála de bheith cuí agus ábhartha chun an pobal a chosaint, déanfaimid ár n-idirghabhálacha rialála a dhaingniú i dtaighde agus i léargas atá bunaithe ar fhianaise




In 2022, thugamar faoi thionscadal chun athbhreithniú a dhéanamh ar na Creatchaighdeáin Inniúlachta. Is iad na caighdeáin inniúlachta na bunchaighdeáin chleachtais arna leagan amach ag Bord Clárúcháin le haghaidh cleachtas sábháilte éifeachtach. Cuimsítear leis na caighdeáin inniúlachta sonraí ar an eolas agus ar na scileanna atá riachtanach do na cláraithe ar fad. Ba é cuspóir an tionscadail athbhreithnithe a chinntiú go n-ailíneofaí ár n-iarrachtaí chun gníomhú bunaithe ar thaighde, sonraí agus anailís riosca agus aiseolas ó pháirtithe leasmhara agus chun a chinntiú go bhfuil na caighdeáin maidir le creat inniúlachta oiriúnach don fheidhm, freagrúil d'athrú agus go mbeidh ár n-iarrachtaí dírithe ar chosaint an phobail i gcónaí.

Cuirtear athruithe i gcleachtais ardoideachais san áireamh sa tionscadal ar tugadh faoi agus tá sé ag teacht le prionsabal na rialála cuí. Féachfaidh aschur an tionscadail seo le bogadh ón tsamhail atá againn faoi láthair inár gcreatchaighdeáin inniúlachta, atá hibrideach idir rialáil riailbhunaithe agus rialáil bunaithe ar phrionsabail, go caighdeáin inniúlachta bunaithe ar phrionsabail.

Tá dréachtchreat um Chaighdeáin Inniúlachta bunaithe ar phrionsabail faofa ag an gCoiste Oideachais. D'fhaomh an Chomhairle tús an chomhairliúcháin ar chur chuige bunaithe ar phrionsabail i leith na gcaighdeán inniúlachta agus leanfar leis an obair sin in 2023.

I gcomhar leis an athbhreithniú, rinneadh taighde chun bonn eolais a chur faoi athbhreithniú ar na Creatchritéir do Chláir Oideachais agus Oiliúna. Tá cur síos sna critéir sin ar an gcaoi a ndéanann an soláthraí oideachais baint amach na gcaighdeán inniúlachta a éascú agus measúnú a dhéanamh orthu. Úsáidtear iad chun cláir a fhaomhadh agus chun monatóireacht a dhéanamh orthu agus chun a chinntiú go mbainfidh gach céimí amach na caighdeáin inniúlachta a theastaíonn le haghaidh cosaint an phobail. Áiríodh leis an taighde cleachtadh scóipe ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta agus náisiúnta i gcaighdeáin dearbhaithe cáilíochta oideachais.

Mar ullmhúchán d'oscailt an chláir d'oibrithe cúraim shóisialta go déanach in 2023, rinne an Roinn Aitheantais taighde chun cabhrú leis an ngairm a phróifíliú go hidirnáisiúnta. Is é an t-ailíniú is gaire de chleachtas na gairme in Éirinn leis ná an cleachtas sa Ríocht Aontaithe, ach sa chuid eile den Eoraip agus ar fud an domhain tá difríochtaí móra idir raon feidhme an chleachtais agus na teidil a úsáidtear. Cabhróidh an taighde seo le bonn eolais a chur faoi na hacmhainní atá ag teastáil agus faoi ról na roinne maidir le cáilíochtaí idirnáisiúnta a aithint.

Le linn 2022, chuir an Roinn Clárúcháin cur i bhfeidhm córais bainistíochta cáilíochta i gcrích a bhí ailínithe le ISO: 9001.Cuireann an córas seo creat ar fáil chun cáilíocht a fheabhsú ar fud ár seirbhíse ar bhealach comhsheasmhach agus iontaofa agus chun cur lenár samhail rialála inbhuanaithe.

Samhlaítear freisin go mbaileofar na sonraí go léir ón gcóras clárúcháin agus go n-úsáidfear iad chun cabhrú le léargas a fháil ar na treochtaí reatha agus ar threochtaí sa todhchaí i ngairmeacha sláinte agus cúraim shóisialta. Cabhróidh na léargais seo le CORU acmhainní a chur ar fáil dá phríomhfheidhmeanna go héifeachtach agus cuideoidh siad freisin leis an earnáil sláinte níos leithne a chur ar an eolas faoi thaighde atá bunaithe ar fhianaise do phríomhréimsí fócais amhail fostaíocht amach anseo.

# An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

### Líon na gcruinnithe Comhairle in 2022:

23

### Comhaltaí agus freastal ar chruinnithe na Comhairle in 2022:

Féach Aguisín 1

Tá sé choiste ag an gComhairle (arna gcur ar bun faoi Alt 23) agus cuireann siad saineolas agus comhairle ar fáil don Chomhairle agus don Fheidhmeannas sna réimsí seo a leanas:

- Iniúchóireacht, Riosca agus Rialachas
- Airgeadas agus Cuspóirí Ginearálta
- Clárúchán agus Aitheantas
- Oideachas
- Ainmniúcháin
- Cleachtas Gairmiúil

**Coistí a bunaíodh faoi Chuid 6 den Acht chun déileáil le Gearáin, Fiosrúcháin agus Araíonacht:**

- An Coiste Réamhimeachtaí
- Coiste Fiosrúcháin – Sláinte
- Coiste Fiosrúcháin – Iompar



# Coistí na Comhairle

## Iniúchóireacht, Riosca agus Rialachas

**Ról:** Is é bunchuspóir an Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais struchtúr breithmheasa neamhspleách a chur ar fáil laistigh de CORU chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht a nósanna imeachta maidir le rioscaí, rialachas agus rialú inmheánach agus a chreata tuairiscithe airgeadais a thomhas agus a mheasúnú.

### Comhaltaí:

De réir na treorach in Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus Téarmaí Tagartha an Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais, seisearcomhaltaí neamhfheidhmiúcháin a bhí ar an gCoiste in 2022. I gcás triúr as an seachtar comhaltaí Coiste sin, ní comhaltaí de chuid CORU iad.

Ní raibh Margaret Boland ina chathaoirleach ar an gComhairle ná ar fhochoiste ar bith eile de CORU nuair a bhí sé ina Chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais.

Tugadh cóip de Théarmaí Tagartha an Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais do gach comhalta ceaptha, ina leagtar amach údarás an Choiste agus na dualgais atá air.

Is iad seo a leanas na comhaltaí den Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais arna gceapadh ag an gComhairle in 2022: Margaret Boland – Cathaoirleach (Cathaoirleach athcheaptha 22 Feabhra 2022), Paul Lyng (gnáthchomhalta athcheaptha 05 Bealtaine 2022), John F. Scott (ceaptha an 17 Meitheamh 2021) (Comhaltaí na Comhairle) Ray Dolan, Elaine Sheridan, Laura Brien (ceaptha an 17 Meitheamh 2021) (Comhaltaí neamhspleácha).

**Cathaoirleach an Choiste ag imeacht**

D'aithin an Coiste an méid a rinne Paul Lyng, Cathaoirleach atá ag éirí as oifig, agus ghabh an coiste buíochas ó chroí le Paul as a sheirbhís le trí bliana anuas mar bhall den Choiste.

**Cathaoirleach nua an Choiste**

Chuir an Coiste fáilte roimh Margaret Boland chuig ról an Chathaoirligh. Ghabh an Coiste buíochas le Margaret as a ról mar bhall den Choiste go dtí seo agus ghuí siad gach rath uirthi sa ról nua seo.

### Líon na gcruinnithe in 2022:

5

### Freastal:

Aguisín 2

### Téarmaí Tagartha:

Beidh freagracht ar leith ar Chathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais as an méid seo a leanas a chinntiú:

- go bhfuil acmhainní cuí ag an gCoiste Iniúchta, Riosca agus Rialachais;
- go ndéanann an Coiste athbhreithniú ar Thuarascálacha Iniúchta Inmheánaigh agus ar fhreagraí bainistíochta agus go gcinntíonn sé go ndéantar gníomhartha a leanúint;
- go bhfuil faisnéis ábhartha i dtuarascálacha chuig an gCoiste agus go gcuirtear ar fáil iad ag an am ceart i bhformáid iomchuí;
- go gcuirtear baill an Choiste atá as láthair ar an eolas faoi chruinnithe agus go ndéantar taifid tinrimh a chothabháil agus a athbhreithniú gach bliain;
- go dtuairiscíonn siad ag cruinnithe na Comhairle agus go gcuireann siad tuarascálacha rialta i scríbhinn faoi bhráid na Comhairle ina bhfuil faisnéis ábhartha;
- go dtuairiscítear ábhair a thagann chun cinn ag gach cruinniú ina dhiaidh sin; agus
- go mbíonn baint acu le ceapadh chomhaltaí nua an Choiste.

Beidh próiseas foirmiúil ionduchtúcháin i bhfeidhm (lena n-áirítear oiliúint shaincheaptha don duine aonair) do bhaill nua den Choiste Iniúchta, Riosca agus Rialachais. Déanfaidh an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais agus Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais moltaí a chur faoi bhráid na Comhairle maidir le riachtanais oiliúna an Choiste agus an chomhalta aonair. Coinneoidh an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais cothrom le dáta leis an dea-chleachtas agus le forbairtí sa rialachas corparáideach.

Is ionann an próiseas chun dearbhuithe coinbhleachtaí leasa a thaifeadadh sa Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais ar leibhéal na Comhairle. Glacfaidh gach comhalta den Choiste freagracht phearsanta chun aon choinbhleacht leasa a d'fhéadfadh teacht chun cinn i ndáil le nithe ar bith ar an gclár oibre do chruinnithe an Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais a dhearbhú.

Déanfaidh Rúnaí an Choiste clár de leasanna chomhaltaí an Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais a chothabháil. Ceanglaítear ar chomhaltaí aon choinbhleacht leasa a d'fhéadfadh a bheith ann a dhearbhú le haon cheann de na míreanna gnó ar an gclár oibre do chruinniú an Choiste Iniúchta, Riosca agus Rialachais. Déanfar nóta den mhéid sin i miontuairiscí an chruinnithe.

Déanfaidh Cathaoirleach an Choiste Iniúchta, Riosca agus Rialachais maoirseacht ar bhreithmheas chomhaltaí an Choiste Iniúchta, Riosca agus Rialachais.

Déanfaidh Cathaoirleach na Comhairle maoirseacht ar bhreithmheas Chathaoirleach an Choiste Iniúchta, Riosca agus Rialachais.

Cuirfidh an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais comhairle ar an gComhairle maidir leis na nithe seo a leanas:

- na próisis straitéiseacha maidir le riosca, rialú inmheánach agus rialachas;
- beartais chuntasaíochta, ráitis airgeadais, agus tuarascáil bhliantúil CORU, lena n-áirítear an próiseas chun athbhreithniú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais sula gcuirtear isteach iad le haghaidh iniúchta, leibhéil earráide a sainaithníodh, agus litir ionadaíochta na bainistíochta chuig na hiniúchóirí seachtracha;
- an ghníomhaíocht atá beartaithe agus torthaí na hiniúchóireachta inmheánaí agus seachtracha araon;
- leordhóthanacht na freagartha bainistíochta ar shaincheisteanna arna sainaithint ag gníomhaíocht iniúchóireachta, lena n-áirítear litir ionadaíochta bainistíochta an iniúchta sheachtraigh;
- dearbhuithe a bhaineann le bainistiú ceanglas riosca agus rialachais chorparáidigh do CORU;
- (nuair is iomchuí) tograí maidir le tairiscintí le haghaidh seirbhísí iniúchóireachta inmheánacha nó seachtracha nó chun seirbhísí neamhiniúchta a cheannach ó chonraitheoirí a sholáthraíonn seirbhísí iniúchóireachta;
- beartais frithchalaoise, próisis nochta chosanta, agus socruithe le haghaidh imscrúduithe speisialta.

Déanfaidh an Coiste Iniúchta, Riosca agus Rialachais an méid seo a leanas freisin:

- athbhreithniú a dhéanamh ar na Nósanna Imeachta um Nochtadh Cosanta ar bhonn bliantúil; agus
- athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar a éifeachtacht féin agus torthaí an athbhreithnithe sin a thuairisciú don Chomhairle.

De réir mar is cuí, cuirfear na nithe seo a leanas ar fáil don Choiste Iniúchta, Riosca agus Rialachais:

- tograí le haghaidh théarmaí tagartha na hiniúchóireachta inmheánaí / na cairte iniúchóireachta inmheánaí;
- an straitéis iniúchóireachta inmheánaí;
- tuairim agus tuarascáil bhliantúil Cheann an Iniúchta Inmheánaigh;
- tuarascálacha dearbhaithe cáilíochta ar an Aonad Iniúchta Inmheánaigh;
- dréacht-Ráitis Airgeadais na heagraíochta;
- an dréachtráiteas rialachais;
- tuarascáil ar aon athruithe ar bheartais chuntasaíochta;
- litir bhainistíochta an iniúchta sheachtraigh;
- tuarascáil ar aon togra chun tairiscintí a dhéanamh le haghaidh feidhmeanna iniúchóireachta, nuair is iomchuí;
- tuarascáil ar chomhoibriú idir iniúchadh inmheánach agus seachtrach; agus
- straitéis bainistíochta riosca CORU.

## Príomhghníomhaíochtaí in 2022:

Ba iad seo a leanas na hiniúchóireachtaí inmheánacha a rinneadh faoi threoir an Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais in 2022:

Athbhreithniú ar Rialúcháin Airgeadais (2021)

Athbhreithniú leantach ar:

- Clárúchán
- Oideachas
- Painéal Measúnóirí
- Bainistíocht Leanúnachais Ghnó (BCM)
- An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí
- HR Sharepoint

Athbhreithniú ar an bPróiseas Aitheantais Cáilíochta

Athbhreithniú ar Bhainistíocht Riosca

Athbhreithniú ar Ioncam ó Tháillí

Athbhreithniú ar Anailís ar Bhearna Slándála Faisnéise

Tá treoir tugtha ag an gCoiste maidir le tús a chur leis an Athbhreithniú ar Rialuithe Airgeadais (2022).

D'fhreastail baill an Choiste ar oiliúint Choiste ARG leis an bhForas Riaracháin.

Rinne an Coiste freisin na tascanna seo a leanas thar ceann na Comhairle:

- Ráitis Airgeadais – cheadaigh na dreáchtráitis airgeadais reachtúla bhliantúla.
- Iniúchadh Seachtrach ag an Ard-Reachtaire Cuntais agus Ciste – rinne athbhreithniú ar shonraí an iniúchta.
- Thug sé faoi Fhéinmheasúnú Choiste ARG maidir le 2020 agus 2021 agus thuairiscigh sé torthaí an phróisis sin don Chomhairle.
- Rinne monatóireacht ar dhul chun cinn an Bheartais agus an Phlean Leanúnachais Ghnó.
- Rinne monatóireacht agus tuairisciú don Chomhairle maidir le Clár Rioscaí Corparáideacha CORU.
- Rinne athbhreithniú ar chur i láthair a rinne cinn na ranna éagsúla maidir leis na rioscaí a bhain lena ranna féin.
- Rinne nuashonrú ar an bPlean Straitéiseach Iniúchta Inmheánaigh 2021-2023.
- Rinne monatóireacht ar chur i bhfeidhm na moltaí go léir a rinne an tIniúchóir Inmheánach.
- Thug cead don Fheidhmeannacht tairiscintí a lorg do Sholáthraí Iniúchta Inmheánaigh nua.
- Rinne monatóireacht ar an dul chun cinn maidir le Tionscadal Rialála Inbhuanaithe CORU.
- Chuir athbhreithniú ar Bheartas Frithchalaoise CORU i gcrích agus mhol Beartas athbhreithnithe don Chomhairle lena fhaomhadh.
- Rinne monatóireacht ar bhunú agus ar dhul chun cinn Ghrúpa Oibre Dualgas na hEarnála Poiblí CORU.
- D'fhaomh plean oibre 2023 don Choiste Iniúchta, Riosca agus Rialachais.
- Rinne athbhreithniú ar Thuarascáil Nochtuithe Cosanta CORU.
- Rinne nuashonruithe maidir le Cosaint Sonraí a nótáil.
- Rinne nuashonruithe maidir le Saoráil Faisnéise a nótáil.
- Chuir athbhreithniú i gcrích ar na Taifid Nochta um Shaoráil Faisnéise agus mhol go bhfoilseofaí iad ar shuíomh gréasáin CORU.
- Rinne Ráitis Airgeadais HSCPC 2021 a athbhreithniú agus a fhaomhadh agus chuir ar fáil don Chomhairle iad lena gceadú.
- Rinne Oiliúint feasachta riosca a bheas le seachadadh do chomhaltaí na Feidhmeannachta a fhaomhadh.

# An Coiste Airgeadais agus Cuspóirí Ginearálta

**Ról:** Is é bunchuspóir an Choiste Airgeadais agus Cuspóirí Ginearálta struchtúr breithmheasa neamhspleách a chur ar fáil laistigh de CORU chun a fheidhmíocht airgeadais, agus an leithdháileadh acmhainní agus buiséad a thomhas agus a mheasúnú.

## Comhaltaí:

Is iad seo a leanas na comhaltaí den Choiste Airgeadais agus Cuspóirí Ginearálta arna gceapadh ag an gComhairle in 2022:

Michael O'Keeffe – Cathaoirleach; John F Scott; Owen Blee; Mary Therese Flynn agus ceapadh Michael Redmond le linn na bliana.

Ní raibh Michael O'Keeffe ina chathaoirleach ar an gComhairle ná ar fhochoiste ar bith eile de CORU nuair a bhí sé ina Chathaoirleach ar an gCoiste Airgeadais agus Cuspóirí Ginearálta.

Tugadh cóip de Théarmaí Tagartha an Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais, ina leagtar amach a údarás agus a dhualgais, do gach comhalta a ceapadh.

Cuireadh oiliúint ionduchtúcháin ar fáil do gach comhalta nua de chuid an Choiste.

## Líon na gcruinnithe in 2022:

6

## Freastal:

Aguisín 2

## Téarmaí tagartha:

Rinne an Coiste athbhreithniú ar a Théarmaí tagartha le linn 2022 i gcomhthéacs athbhreithnithe molta ag an gCoiste Iniúchta, Riosca agus Rialachais chun comhsheasmhacht sa rialachas corparáideach a chinntiú. I mí Dheireadh Fómhair 2022, moladh go n-athródh an Coiste a ainm go dtí an 'Coiste Airgeadais, Feidhmíochta agus Acmhainní'. Tá an t-athainmniú seo le ceadú ag an gComhairle fós.

**Tá an Coiste Airgeadais agus Cuspóirí Ginearálta curtha ar bun ag an gComhairle chun maoirseacht agus comhairle a chur ar fáil maidir leis na nithe seo a leanas:**

- bainistíocht straitéiseach airgeadais agus acmhainní ag CORU lena n-áirítear;
  - Feidhmíocht eagraíochtúil maidir leis an bplean agus an cumas chun torthaí a bhaint amach,
  - Riachtanais forbartha eagrúcháin (daoine, próiseas, teicneolaíocht),
  - Barrfheabhsú agus imlonnú acmhainní lena n-áirítear Acmhainní Daonna agus TFC,
  - Soláthar;
- Comhairle a thabhairt don Chomhairle ar bhailiú, infheistíocht, iasacht agus eisíoc an airgid a thagann isteach;

- ioncam/caiteachas buiséid;
  - monatóireacht a dhéanamh ar ioncam/caiteachas buiséid faofa de chuid CORU agus tuairisciú don Chomhairle i leith na nithe sin, béim a leagan agus tuairimí a léiriú ar éagsúlachtaí agus ar an ngníomh beartaithe arna ghlacadh ag an bhFeidhmeannas de réir mar is cuí,
  - athbhreithniú a dhéanamh ar chaiteachas caipitiúil agus moltaí a dhéanamh don Chomhairle de réir mar is gá agus is iomchuí;
- Maoiniú don bhuiséad bliantúil agus aighneachtaí Plean Gnó chuig an Roinn Sláinte:
  - Athbhreithniú a dhéanamh ar mholtaí faoin mbuiséad agus faoin bplean gnó ón bhFeidhmeannas ar bhealach tráthúil agus moltaí a dhéanamh de réir mar is gá agus is iomchuí;
  - plean oibre a fhorbairt do gach bliain le cur faoi bhráid na Comhairle;
- aon toscaireachtaí ón gComhairle nach ndéantar chuig an bPríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin (POF);
- ábhair de chineál níos ginearálta arna dtarchur ag Cathaoirleach na Comhairle.

Cuirfidh an Coiste seo comhairle ar an gComhairle ag leibhéal straitéiseach maidir le cuspóirí na Straitéise Corparáidí a sheachadadh agus maidir le forbairtí gaolmhara, a bhaineann le feidhmíocht agus acmhainní CORU.

### Príomhghníomhaíochtaí in 2022:

- Athbhreithniú agus anailís déanta ar fheidhmíocht airgeadais CORU faoi dheireadh na bliana 2021 lena n-áirítear Príomhtháscairí Feidhmíochta.
- Athbhreithniú déanta ar Thuarascáil Bhliantúil na Comhairle 2021.
- Athbhreithniú déanta ar Bhuiséad Caiteachais agus Plean Gnó 2022.
- Athbhreithniú déanta ar Straitéis TFC 2022 - 2026.
- Athbhreithniú déanta ar chaiteachas Taistil an POF do 2022.
- Athbhreithniú agus anailís déanta ar fheidhmíocht airgeadais CORU 2022 i rith na bliana.
- Athbhreithniú déanta ar thuarascálacha ar ábhair éagsúla i rith na bliana lena n-áirítear: Liosta Conarthaí, Próiseas Ceadaithe Conarthaí Soláthair, Sainordú Bainc, Comhaontú Seachadta Feidhmíochta leis an Roinn Sláinte do 2022 agus Téarmaí Tagartha an Choiste.
- Athbhreithniú déanta ar Thuarascálacha Soláthair agus ar ghníomhaíochtaí soláthair 2022 i rith na bliana.
- Athbhreithniú agus moltaí déanta don Chomhairle maidir le roinnt conarthaí (15) le haghaidh seirbhísí a bhronnadh nó a athnuadh.
- Athbhreithniú déanta ar Phlean Gnó 2023.

# An Coiste Clárúcháin agus Aitheantais

**Ról:** Comhairle a chur ar an gComhairle maidir le beartais agus nósanna imeachta maidir le clárú agus aitheantas cáilíochtaí (mar Údarás Inniúil).

## Comhaltaí:

Fred Powell (Comhairle, Cathaoirleach)

Gabrielle Fitzpatrick (Comhalta Seachtrach)

Damhnait Gaughan (Ball Seachtrach)

James Forbes (An Chomhairle)

Marie Culliton (Comhalta den Bhord Clárúcháin)

Norma Judge (Comhalta Seachtrach)

Genevieve O'Halloran (An Chomhairle)

Patricia Jordan (An Chomhairle)

Tháinig deireadh le téarma na gcomhaltaí seo a leanas ar an gCoiste Clárúcháin agus Aitheantais in 2022:

- Damhnait Gaughan (cruinniú deiridh 28.09.2022);
- Marie Culliton (cruinniú deiridh 28.09.2022);
- Norma Judge (cruinniú deiridh 28.09.2022);
- Genevieve O'Halloran (cruinniú deiridh 09.03.2022)

## Líon na gcruinnithe in 2022:

4

## Freastal:

Aguisín 2

## Téarmaí tagartha:

Ba cheart na téarmaí tagartha seo a léamh i gcomhar leis na Buan-Orduithe agus na rialacha ginearálta a bhfuil feidhm acu maidir le Coistí na Comhairle.

**Bhunaigh an Chomhairle an Coiste Clárúcháin chun na feidhmeanna seo a leanas a chomhlíonadh:**

- Comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le forbairt beartais i ndáil le gach ábhar a bhaineann le clárú agus fanacht chun cinn ar gach forbairt sa réimse sin.
- Comhairle a thabhairt don Chomhairle ar bheartas a bhaineann le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí neamhnáisiúnta agus stádas Údaráis Inniúil faoi Threoir 2005/36/CE agus aon Treoracha eile a leanann.
- Comhairle a chur ar an gComhairle maidir le beartas chun déileáil le hiarratasóirí (a) ar mian leo filleadh ar chleachtadh; (b) a bhfuil cáilíochtaí acu ón am atá caite agus (c) ar mian leo iad féin a bhaint den Chlár dá ndeoin féin.
- Comhairle a chur ar an gComhairle maidir le beartas chun iarratais a mheasúnú faoi Alt 91 den Acht.
- Comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le dearbhú cáilíochta an chórais clárúcháin.
- Comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le Rialacha a dhéanamh faoi Alt 22 a bhaineann leis na hábhair seo a leanas:
  - Cothabháil cheart agus éifeachtach na gclár, lena n-áirítear nósanna imeachta
  - Na sonraí maidir le cláraitheoirí atá le hiontráil sna cláir mar aon lena n-ainmneacha
  - Cláraitheoirí a dheighilt i roinnteáin shonracha le haghaidh catagóirí éagsúla cláraitheoirí.

- Comhairle a thabhairt don Chomhairle de réir mar is iomchuí maidir le Fodhlíthe a fhaomhadh do:
  - Iarratasóirí ar chlárú
  - Iarratais le daoine a chur ar ais ar an gclár tar éis clárú a chealú
  - Coinníollacha clárúcháin i roinneán den chlár má údaraíonn an Chomhairle a leithéid
  - Critéir chun daoine a chur ar ais ar an gclár.
- Comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le cur i bhfeidhm Chuid 4 den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (arna leasú) 2005.
- Comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le rialáil na ngairmeacha ainmnithe san Acht agus cibé gairmeacha eile a chuirfear leis.
- Rioscaí agus aon bhearta maolaithe le déanamh a bhreithniú agus a athbhreithniú. Rioscaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn a aithint agus plean a leagan amach maidir le conas aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin, iad a laghdú nó iad a dhíothú nuair is féidir agus comhairle a chur ar an gcoiste Iniúchta, Riosca agus Rialachais dá réir.
- I gcomhpháirt leis an bhFeidhmeannas forbróidh an coiste clár oibre bliantúil don choiste lena n-áirítear cruinnithe foirmiúla de réir mar is cuí.
- Athbhreithniú a dhéanamh go bliantúil ar Théarmaí Tagartha an Choiste agus moltaí a thabhairt don Chomhairle maidir leis de réir mar is iomchuí.
- Tuairisciú don Chomhairle go rialta maidir le gníomhaíochtaí an Choiste

## Príomhghníomhaíochtaí in 2022:

- Sonraí aitheantais – tuairisciú staitistiúil do Bhoird Chlárúcháin
- Cur chuige malartacha maidir le cáilíochtaí idirnáisiúnta a aithint
- Clár Píolótach maidir le Cáilíochtaí a Fheictear go Minic
- Bearta Cúitimh – sonraí, cur chuige, suirbhé, tacaíochtaí iarratasóra
- Laghdú ar an méid ama a thógann sé teacht ar chinneadh maidir le haithint agus clárú
- Rochtain Pháirteach ar an gclár
- Seiceálacha maidir le Cáilíochtaí ar Chóras Sealadach agus Ócáideach
- Nósanna imeachta an AE a chur i bhfeidhm go huilíoch do gach iarratasóir atá cáilithe go hidirnáisiúnta
- Measúnóirí Aitheantais do na Boird ar fad
- Beartas maidir le muintir na hÚcráine agus dídeanaithe
- Córas CMS Cláraithe
- Deimhnithe Clárúcháin Dhigitigh
- Beartas maidir le himréiteach póilíní d’iarratasóirí eachtracha
- Beartas maidir le Litreacha dea-cháile d’iarratasóirí eachtracha
- Beartas Inscne
- Ullmhúcháin chun Clár na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh a oscailt
- Acmhainní agus Earcaíocht

# An Coiste Oideachais

**Ról:** Comhairle a chur ar an gComhairle maidir le beartais agus nósanna imeachta maidir le hoideachas, oiliúint agus forbairt ghairmiúil leanúnach.

## Comhaltaí:

Comhaltaí na Comhairle: David Irwin (Cathaoirleach go dtí Feabhra 2022); Treasa Campbell (Cathaoirleach ó Aibreán 2022); Carmel Smith, Fred Powell (go dtí Aibreán 2022); Irene Regan.

Comhaltaí Seachtracha: Áine Ní Chearnaigh; Marian O'Rourke (go dtí Lúnasa 2022); Odhrán Allen; Rena Young (ceaptha i mí Iúil 2022); Stephen Swanton (ceaptha i mí Iúil 2022); Kenneth Freeman (ceaptha i mí Iúil 2022).

## Líon na gcruinnithe in 2022:

4

## Freastal:

Aguisín 2

## Téarmaí tagartha:

- Comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le beartas agus próisis a fhorbairt agus a athbhreithniú le haghaidh faomhadh agus monatóireacht clár oideachais agus oiliúna faoi Chuid 5 den Acht
- Comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le critéir a fhorbairt agus a athbhreithniú le haghaidh faomhadh agus monatóireacht clár oideachais agus oiliúna faoi Chuid 5 den Acht
- Comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le creat-chaighdeáin inniúlachta do ghairmeacha a fhorbairt agus a athbhreithniú faoin Acht
- Comhairle a thabhairt don Chomhairle i ndáil le forbairt ghairmiúil leanúnach a fhorbairt agus a athbhreithniú
- Comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le haon treoirlínte a d'fhéadfadh sí a eisiúint do na boird chlárúcháin i ndáil le hoideachas, oiliúint agus forbairt ghairmiúil leanúnach cláraitheoirí
- Comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le haon rioscaí a d'fhéadfadh éirí as na beartais a bhaineann le (i) faomhadh agus monatóireacht ar oiriúnacht leanúnach clár oideachais agus oiliúna agus (ii) forbairt ghairmiúil leanúnach, agus comhairle a thabhairt don bhainistíocht faoi aon rioscaí a aithnítear.

## Príomhghníomhaíochtaí in 2022:

Rinne an Coiste Oideachais athbhreithniú, plé agus treoir a chur ar fáil don Fheidhmeannacht maidir leis na míreanna seo a leanas in 2022:

**Dearbhú Cáilíochta Oideachais:**

- Athbhreithniú ar Fhaisnéis do Sholáthraithe Oideachais ar Shocrúchán Cleachtais le linn phaindéim leanúnach COVID-19
- Athbhreithniú ar thaighde maidir le Cláir Oideachais a Sheachadadh agus a Bhronnadh i Stáit Éagsúla
- Athbhreithniú ar Chritéir do Chláir Oideachais agus Oiliúna – taighde agus foghlaim chun bonn eolais a chur faoi chur chuige an tionscadail
- Breithniú ar chóiríocht do thionscadal Iniúchtaí FGL, Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine

**Straitéis agus Beartas:**

- Athbhreithniú ar Chreat-Chaighdeán an Tionscadail Inniúlachta
- Athbhreithniú ar Chaighdeáin Inniúlachta Bunaithe ar Phrionsabail
- Comhairliúchán ar Dhréacht-Chaighdeáin Tuarascálacha Inniúlachta
- Acmhainn Físe Réamhchlárúcháin FGL - Tuarascáil ar Thorthaí an tSuirbhé

# An Coiste Ainmniúchán

**Ról:** An próiseas chun daoine a cheapadh ar an gCoiste a stiúradh agus moltaí a thabhairt don Chomhairle.

## Comhaltaí:

James Forbes (Cathaoirleach); Barry O'Brien; Margaret Boland; Emma Gonoud; Rachel Mooney; Miriam O'Callaghan (Ball seachtrach).

## Líon na gcruinnithe in 2022:

4

## Freastal:

Aguisín 2

Ceapfaidh an Chomhairle triúr comhaltaí ar a laghad den Chomhairle ar an gCoiste Ainmniúcháin. Ceapfar comhalta seachtrach amháin ar a laghad as an saineolas ábhartha atá acu i réimsí na hearcaíochta agus/nó acmhainní daonna.

## Téarmaí tagartha:

Tá an Coiste Ainmniúchán ar bun ag an gComhairle chun na feidhmeanna seo a leanas a chomhlíonadh:

- a bheith i gceannas ar an bpróiseas le haghaidh ceapachán chuig gach Coiste den Chomhairle trí ghlaonna ar Léirithe Spéise a thionscnamh, a bhféadfaidh Cathaoirleach an Choiste seo a dhéanamh, agus moltaí a dhéanamh don Chomhairle.
- Rachaidh an Coiste seo, más cuí, i gcomhairle le Cathaoirleach na gCoistí faoi seach roimh:
    - meastóireacht a dhéanamh ar an gcothromaíocht scileanna, eolais agus taithí a theastaíonn le haghaidh folúntais; agus
    - Cur síos a ullmhú ar an ról agus ar na cumais a theastaíonn do cheapachán ar leith. Agus aon tacar scileanna, eolais agus taithí le haghaidh róil ar leith á leagan síos acu, cuirfidh an Coiste san áireamh an gá le pleanáil éifeachtach comhleantachta agus leanúnachas laistigh de na Coistí agus, nuair is cuí, úsáid a bhaint as fógraíocht oscailte chun an cuardach a éascú.
    - Féadfaidh sé, nuair is iomchuí, iarraidh ar an bhfeidhmeannas córas scórála céad scáileáin agus é sin a chur faoi bhráid an Choiste lena fhaomhadh.
    - Breithneoidh sé iarrthóirí de réir tuillteanais agus de réir critéir oibiachtúla, agus le hurraim chuí do bhuntáistí na héagsúlachta, agus aire á tabhairt go bhfuil ainmnithe ar an eolas faoi na héilimh ama don ról agus go bhfuil dóthain ama acu don phost.
    - Cinnteoidh sé go dtugtar ionduchtú agus oiliúint chuí ar bhealach tráthúil do chomhaltaí Comhairle, Coistí agus Grúpaí Comhairleacha ar a gceapadh.
- meastóireacht a dhéanamh ar struchtúr, méid agus comhdhéanamh (lena n-áirítear cothromaíocht scileanna, eolais, taithí, cothromaíocht inscne, cuimsiú agus éagsúlacht) na gCoistí Comhairleacha agus, tar éis dul i gcomhairle le Cathaoirleach an Choiste chuí, moltaí a chur faoi bhráid na Comhairle maidir le haon athruithe a mheasfar a bheith riachtanach;
- athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais cheannaireachta neamhfheidhmiúcháin CORU, d'fhonn a chinntiú go leanfaidh CORU de bheith ag feidhmiú go héifeachtach chun a mhisean chun an pobal a chosaint a chur i gcrích.

### Príomhghníomhaíochtaí in 2022:

- Athbhreithniú ar Léirithe Spéise a fuarthas ó bhaill na Comhairle do róil an Choiste.
- Athbhreithniú ar Léirithe Spéise a fuarthas ó bhaill na Comhairle i bhfolúntais Chathaoirligh i roinnt Coistí agus ceapacháin a mholadh.
- Cathaoirleach an Choiste Ainmniúcháin agus comhaltaí eile a athcheapadh.
- Athcheapacháin chuig an gCoiste Iniúchta, Riosca agus Rialachais (ARG).
- Feachtas earcaíochta seachtraí do bhaill sheachtracha chuig an gCoiste Oideachais agus chuig an gCoiste Clárúcháin agus Aitheantais.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar léirithe a fuarthas do ról Chomhairle NMBI agus moltaí a dhéanamh don Chomhairle.
- Ainmniúcháin do Choistí na Comhairle lena n-áirítear; An Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais; An Coiste Ainmniúchán; An Coiste Clárúcháin agus Aitheantais; An Coiste Airgeadais agus Cuspóirí Ginearálta; An Coiste Oideachais; An Coiste Comhairleach um Chleachtas Gairmiúil (PPAC).
- Rinne an Coiste athbhreithniú agus moladh ar ainmniúcháin chuig: an Coiste Fiosrúcháin (Iompar/Sláinte), an Coiste Achomhairc agus an Coiste Réamhimeachtaí (PPC).
- Feachtas leanúnach earcaíochta seachtraí do bhaill ghairmiúla chuig an gCoiste Réamhimeachtaí.
- Feachtas leanúnach earcaíochta seachtraí do bhaill ghairmiúla chuig an gCoiste Réamhimeachtaí.

# An Coiste Comhairleach um Chleachtas Gairmiúil

**Ról:** Cúnamh agus comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le próisis agus nósanna imeachta a bhaineann leis an bhfeidhm dlí agus feidhmiúlachta chun cleachtadh.

### Comhaltaí:

Stephanie Manahan (Cathaoirleach); David Irwin (cuid den tréimhse – tháinig deireadh leis an mballraíocht i mBealtaine 2022); Máire Ní Thuathail; Sara Van den Bergh; Aisling Timoney; Maureen Carolan.

### Líon na gcruinnithe in 2022:

4

### Freastal:

Aguisín 2

### Téarmaí tagartha:

- Cabhrú leis an gComhairle monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar aon leasuithe ar nósanna imeachta agus próisis an Choiste Smachta chun déileáil le Gearáin, Fiosruithe agus Smacht faoi Chuid 6 den Acht thar ceann na Comhairle,
- Comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le beartas a athbhreithniú agus a fhorbairt i ndáil le Feidhmiúlacht chun Cleachtadh faoi Chuid 6 den Acht,
- Comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le ceisteanna rialachais ag éirí as Cuid 6 den Acht,
- Cabhrú leis an gComhairle anailís a dhéanamh ar fhaisnéis oibríochtúil ag eascairt as próisis an Choiste Réamhimeachtaí agus na gCoistí Fiosrúcháin,
- Cabhrú leis an gComhairle ina cuid cumarsáide maidir le Feidhmiúlacht chun Cleachtadh,
- Comhairle a thabhairt maidir le forbairt agus athbhreithniú an Chreata don Chód Iompair Ghairmiúil agus Eitice Gairmiúla thar ceann na Comhairle,
- Comhairle a thabhairt maidir le próisis agus nósanna imeachta a bhunú agus a athbhreithniú chun déileáil le hiarratasóirí ar chlárú nó ar aitheantas a dhéanann achomharc i gcoinne cinntí i ndáil le clárú nó le haitheantas,
- Comhairle a thabhairt maidir le beartais, próisis agus nósanna imeachta a bhunú agus a athbhreithniú ag éirí as cumhacht reachtach na Comhairle imeachtaí achoimre a thabhairt agus a ionchúiseamh i ndáil le cion ar bith faoin Acht,
- Comhairle a thabhairt maidir le treoirlínte chun fodhlíthe a dhéanamh i ndáil le spéaclaí a dhíol agus a oideasú.

### Príomhghníomhaíochtaí in 2022:

- Athbhreithniú dlíthiúil agus oibríochtúil ar nósanna imeachta FTP.
- Forálacha an Achta um Ghairmeacha Rialáilte (Sláinte agus Cúram Sóisialta) (Leasú), 2020 a chur i bhfeidhm agus nósanna imeachta FTP a leasú.
- Sceideal oiliúna a chur le chéile do chinnteoirí reachtúla.

# An Coiste Réamhimeachtaí

**Ról:** Is coiste imscrúdúcháin é an Coiste Réamhimeachtaí atá curtha ar bun ag CORU, mar a fhoráiltear le reachtaíocht, chun gearáin um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh a bhreithniú maidir le gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh. Cuireadh an Coiste Réamhimeachtaí ar bun faoi Chuid 6 den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005, (arna leasú).

Déanann an Coiste Réamhimeachtaí breithniú ar gach gearán, agus glacann sé cinneadh maidir le cibé acu ar cheart nó nár cheart na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- an gearán a chur ar aghaidh lena réiteach trí idirghabháil, nó
- an gearán a chur ar aghaidh lena éisteacht ag Coiste Fiosrúcháin, nó
- gan beart eile a ghlacadh.

Go príobháideach a bhíonn an Coiste Réamhimeachtaí ina suí, agus féadfaidh sé roinnt gearán a bhreithniú ag aon chruinniú amháin.

## Comhaltaí:

In 2022, bhí na comhaltaí seo a leanas ar an gCoiste Réamhimeachtaí:

**Comhaltaí nach Cláraithe iad:** Ailís ní Riain (Cathaoirleach), Anne Marie Taylor (Leas-Chathaoirleach, go dtí Meitheamh 2022) Leonora Doyle (Leas-Chathaoirleach) Mark Kane, Frank Martin, Molly Buckley, Avril Sheridan, Clodagh Geraghty

**Comhaltaí ar Oibrithe Sóisialacha iad:** Freda McKittrick, Gloria Kirwan, Mary Fennessy, Colm Lehane, Pauline Underwood

**Comhalta Cláraithe de na Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga:** Yvonne Lynch, David O'Shea, Marijke Morris

**Comhaltaí ar Diaitéitigh iad:** Sharon Patton, Sinéad Matthews

**Comhaltaí ar Radagrafaí iad:** Lorna Comiskey, Ashling O'Brien, Diana Duggan, Sean Scott (ceaptha ag an gComhairle i mí na Nollag 2022)

**Comhaltaí ar Teiripeoirí Radaíochta iad:** Ruth Woods, Laura Mullaney, Meave Kearney

**Comhalta ar Optaiméadraí í:** Joan Ryan

**Comhalta ar Radharceolaí Dáileacháin é:** John Elliot

**Comhaltaí ar Teiripeoirí Saothair iad:** Síle Rose Henehan, Kate Murphy, Sarah Murtagh, Fiona Armstrong, Mukesh Gandhi (ceaptha ag an gComhairle i mí na Nollag 2022)

**Comhalta ar Eolaithe Míochaine í:** Joanne O'Shaughnessy, Laura Clifford

**Comhaltaí ar Fisiteiripeoirí iad:** Marie Guidon, Jill Long, Marie Moore, Anne O'Connor, Fran Theron

## Líon na gcruinnithe in 2022:

Tháinig an Coiste le chéile 21 uair chun gearáin a fuair CORU a bhreithniú.

## Oiliúint:

Eagraíodh trí imeacht oiliúna don Choiste in 2022 a reáchtáladh go fíorúil.

## Príomhghníomhaíochtaí in 2022:

Fuair CORU 55 gearán nua maidir le hábhar a bhain le Feidhmiúlacht chun Cleachtadh in 2022.

# An Coiste Achomharc

**Ról:** Éisteann an Coiste Achomhairc achomhairc thar ceann na Comhairle. Tá sé de cheart ag iarratasóirí achomharc a dhéanamh ar chinntí na mBord Clárúcháin maidir le cúrsaí Aitheantais nó Clárúcháin.

## Comhaltaí:

### Comhaltaí Comhairle:

**Comhaltaí den Chomhairle arna gceapadh chun a bheith ionadaitheach do leas an phobail:** David Irwin, Barry O'Brien (d'éirigh as mí na Bealtaine 2022), Maureen Carolan.

**Comhaltaí Gairmiúla na Comhairle:** Julia Shaw, James Forbes, Patricia Jordan (arna ceapadh ag an gComhairle i mí na Nollad 2022).

### Comhaltaí den Chomhairle arna gceapadh ag an Aire:

Mary Tumelty, Margaret Boland (arna ceapadh ag an gComhairle i mí na Nollag 2022).

### Comhaltaí Neamhchomhairle:

**Comhaltaí Neamhchomhairle arna gceapadh chun bheith ionadaitheach do leas an phobail:** Cian Crosby, Karen Kelly, Cian O'Sullivan, Sinead Drinan, Aoife McPartland, Sara van Den Bergh (iad go léir ceaptha ag an gComhairle ar Meán Fómhair 2022), Matthew Holmes, Avril Sheridan, Jack Sreenan (iad go léir ceaptha ag an gComhairle an Deireadh Fómhair 2022), Samuel O'Connor (ceaptha ag an gComhairle an Nollaig 2022).

**Comhalta atá Cláraithe mar Theiripeoir Ceirde:** Emma Shinton

**Comhaltaí atá Cláraithe mar Optaiméadraí:** Sinead Ryan, Lisa Farrell

**Comhaltaí atá Cláraithe mar Fhisiteiripeoir:** Marie O'Donnell, Nicola Bolger, Aileen Sheehan (ceaptha ag an gComhairle an Samhain 2022)

**Comhaltaí atá Cláraithe mar Radagrafaí:** Niamh Brennan, Una Murphy, Michele Monahan

**Comhalta atá Cláraithe mar Theiripeoir Urlabhra agus Teanga:** Caralyn Horne

**Comhaltaí atá Cláraithe mar Oibrí Sóisialach:** Anne Holden, Mary Egan

**Comhalta atá Cláraithe mar Dhiaitéiteach:** Lorraine Moran

**Comhaltaí atá Cláraithe mar Eolaí Míochaine:** Mark Neville, Joanne O'Shaughnessy (ceaptha ag an gComhairle an Meán Fómhair 2022)

## Nós Imeachta:

- An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (an "Chomhairle") a chuireann an Coiste Achomharc ar bun de bhun alt 23 den Acht chun a cumhachtaí a fheidhmiú agus a feidhmeanna a chomhlíonadh faoi alt 42B agus alt 43 den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005, arna leasú ("an tAcht").
- Tabharfaidh an Coiste Achomharc tuairisc don Chomhairle a luaithe is féidir tar éis iarratas a éisteacht faoi alt 42B nó alt 43 den Acht.
- Suífidh an Coiste Achomharc i bpainéil de thriúr comhaltaí i gcás iarratas á éisteacht faoi alt 42B nó alt 43 den Acht. Ar gach painéal, beidh:
  - Comhalta den Chomhairle ar ceapadh chun na Comhairle é mar ionadaí do leas an phobail faoi alt 9(3)(b)(iv) nó comhalta nach mbaineann leis an gcomhairle a dhéanann ionadaíocht ar an leas ginearálta. Féadfaidh an comhalta sin gníomhú mar Chathaoirleach ar an bpainéal;
  - Comhalta den Chomhairle a ceapadh chun na Comhairle faoi fhorálacha alt 9 den Acht, seachas alt 9(3)(b)(iv), agus atá ó ghairm seachas gairm an Achomharcóra nó comhalta neamh-Chomhairle ó ghairm rialáilte seachas gairm an Achomharcóra. Féadfaidh an comhalta sin gníomhú mar Chathaoirleach ar an bpainéal; agus
  - Mar dhuine nach comhalta den Chomhairle é a bhaineann leis an ngairm chéanna leis an Achomharcóir.
  - Ní mór ar a laghad comhalta amháin den Chomhairle a bheith ar an bPainéal.

- Éistfidh an Coiste Achomharc iarratais faoi alt 42B agus alt 43 den Acht de réir Nós Imeachta Achomharc na Comhairle arna leasú ag an gComhairle ó am go chéile.

## Oiliúint:

Oiliúint leis na Boird Chlárúcháin, oiliúint ar an Treoir agus oiliúint aonair le comhaltaí nua.

## Príomhghníomhaíochtaí in 2022:

Rinne an Coiste Achomhairc cinntí maidir le 22 den 90 achomharc a fuarthas in 2022. Tá breithniú páipéarbhunaithe déanta ar ocht n-achomharc eile agus táthar ag fanacht le héisteacht ó bhéal a thionól.



# Coistí Fiosrúcháin (an Coiste Iompair Ghairmiúil agus an Coiste Sláinte)

**Ról:** Má chinntear gur gá beart eile a ghlacadh maidir le gearán i ndáil le Feidhmiúlacht chun Cleachtadh cláraí, féadfaidh Coiste Fiosrúcháin an gearán a éisteacht. D'fhéadfadh Coiste Iompair Ghairmiúil nó Coiste Sláinte a bheith ann.

Triúr a bheidh ar an gCoiste Fiosrúcháin (an Coiste Iompair Ghairmiúil nó an Coiste Sláinte, ag brath ar nádúr an ghearáin):

- aon chláraí amháin ón ngairm chéanna leis an gcláraí a ndearnadh an gearán ina choinne,
- aon chláraí amháin ó ghairm eile, agus
- aon duine amháin nach cláraí é (Cathaoirleach).

Beidh an éisteacht cosúil le héisteacht os comhair Cúirte nó Binse Fiosrúcháin. Ag an éisteacht, éisteann an Coiste Iompair Ghairmiúil nó an Coiste Sláinte fianaise ó na páirtithe sa ghearán agus is é a chinneann ar deireadh, tar éis an fhianaise a bhreithniú, an ann d'fheidhmiúlacht chun cleachtadh lagaithe i gcás an chláraí a ndearnadh an gearán ina thaobh.

Tionóltar éisteachtaí Coiste Iompair Ghairmiúil os comhair an phobail de ghnáth. Tionóltar éisteachtaí Coiste Sláinte go príobháideach de ghnáth.

## Comhaltaí:

### An Coiste Iompair Ghairmiúil:

**Comhaltaí nach Cláraithe iad:** Shane McCarthy (Cathaoirleach), Geraldine Feeney, Susan Ahern, Georgina Farren, Michael Ryan.

**Comhaltaí atá Cláraithe mar Oibrí Sóisialach:** Ruth More O'Ferrall, Cleo Yates, Brian Melaugh, Ann Holden, Monica Hynds O'Flanagan (ceaptha ag an gComhairle i Meán Fómhair 2022).

**Comhaltaí atá Cláraithe mar Optaiméadraí:** Lisa Farrell.

**Comhalta atá Cláraithe mar Optaiméadraí Dáiliúcháin:** Jillian Flaherty.

**Comhalta atá Cláraithe mar Theiripeoir Ceirde:** Christian Garcia, Stephanie Curran (ceaptha ag an gComhairle i mí Dheireadh Fómhair 2022).

**Comhaltaí atá Cláraithe mar Theiripeoir Radaíochta:** Anita O'Donovan agus Claire Poole, Laura Barry (ceaptha ag an gComhairle i Meán Fómhair 2022).

**Comhaltaí atá Cláraithe mar Radagrafaí:** Shane Foley, Michel Monahan, Vicky Cahalane agus Roseanna Santagata, David Tighe (ceaptha ag an gComhairle i mí Dheireadh Fómhair 2022).

**Comhaltaí atá Cláraithe mar Fhisiteiripeoir:** Cian Doyle agus Isibeal McCoy, Aileen Sheehan (ceaptha ag an gComhairle i mí Dheireadh Fómhair 2022).

**Comhalta atá Cláraithe mar Theiripeoir Urlabhra agus Teanga:** Caroline Howorth.

**Eolaithe Míochaine:** Esther Purcell, Kieran Harvey (beirt a cheap an Chomhairle i Meán Fómhair 2022).

**Coslianna:** Andreea Mahon (ceaptha ag an gComhairle i Meán Fómhair 2022), Conor Cahill (ceaptha ag an gComhairle i mí na Nollag 2022)

### An Coiste Sláinte:

**Comhaltaí nach Cláraithe iad:** Patrick Plunkett (Cathaoirleach), Graham Knowles, Martin Lawlor.

**Comhaltaí atá Cláraithe mar Oibrí Sóisialach:** Áine McGuirk, Karen Burke.

**Comhaltaí atá Cláraithe mar Radagrafaí:** Una Murphy, Foster Mariza (ceaptha ag an gComhairle i mí na Nollag 2022).

**Comhaltaí atá Cláraithe mar Fhisiteiripeoir:** Darren Doyle.

**Comhalta atá Cláraithe mar Theiripeoir Ceirde:** Emma Shinton,

**Comhaltaí atá Cláraithe mar Eolaí Míochaine:** John Gibbons (ceaptha ag an gComhairle i Meán Fómhair 2022).

### Oiliúint:

- Finnéithe a cheistiú
- Plé ar thorthaí
- Cinnteoireacht agus réasúnaíocht
- Pionóis agus Claontacht
- Cásanna Bréige

# Tuarascálacha Bliantúla **na mBord Clárúcháin**



# 1 Bord Clárúcháin na gComhairleoirí agus na Síciteiripeoirí

Tá cuntas sa tuarascáil seo ar ghníomhartha Bhord Clárúcháin na gComhairleoirí agus na Síciteiripeoirí in 2022, arna cur faoi bhráid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh lena cur san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil na Comhairle, 2022, faoi mar a cheanglaítear faoi Alt 25 (1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú).

## Brollach

Le linn 2022, lean an Bord Clárúcháin Comhairleoirí agus Síciteiripeoirí ar aghaidh ag teacht le chéile ar bhonn hibrideach, agus meascán de chruinnithe le daoine i láthair go pearsanta agus seisiúin fhíorúla in úsáid.

Tá áthas orainn a rá gur tháinig méadú suntasach ar an rannpháirtíocht leis na páirtithe leasmhara go léir le bliain anuas, chun nuashonruithe a sholáthar ar an éagsúlacht oibre agus ar an gcineál oibre a dhéanann an Bord.

Chun acmhainn iomlán a chruthú do na páirtithe leasmhara go léir, tá nuashonruithe déanta ag an mBord ar a gcuid oibre leanúnaí ar fáil ar shuíomh gréasáin CORU. Idir cheisteanna coitianta agus bheathaisnéisí bhaill an Bhoird agus go leor eile, táthar ag súil go mbeidh sé seo ina acmhainn úsáideach eolais do chách.

Tapaímid an deis seo chun buíochas ó chroí a ghabháil le gach ball den Bhord as an obair, as an tiomantas agus as an dúthracht le linn bhlianta múnlaitheacha an Bhoird Clárúcháin agus táimid ag tnúth le bliain ghnóthach eile in 2023.

**Brian Gillen**

*Cathaoirleach*

*Bord Clárúcháin na gComhairleoirí agus na Síciteiripeoirí*

**Ginny Hanrahan**

*Cláraitheoir*

*Bord Clárúcháin na gComhairleoirí agus na Síciteiripeoirí*

## Cúlra

Cheap an tAire Sláinte Bord Clárúcháin na gComhairleoirí agus na Síciteiripeoirí i mí Feabhra 2019. Tá foráil san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005, (arna leasú) do cheapadh 13 chomhalta dheonacha chun an Bhoird Clárúcháin.

Ní íoctar aon luach saothair le comhaltaí atá ag fónamh ar an mBord, seachas rátaí caighdeánacha taistil agus cothaithe na seirbhíse poiblí. Is comhaltaí tuata iad seachtar comhaltaí den Bhord Clárúcháin, agus is ionadaithe ón ngairm iad an seisear eile a dhéanann ionadaíocht ar na nithe seo a leanas:

- Bainistiú na seirbhísí a sholáthraíonn na gairmeacha,
- Oideachas agus oiliúint na gairme,
- Cleachtadh na gairme.

Is é Brian Gillen an Cathaoirleach ar Bhord Clárúcháin na gComhairleoirí agus na Síciteiripeoirí faoi láthair.

In 2022, tháinig an Bord Clárúcháin Comhairleoirí agus Síciteiripeoirí le chéile sé huaire.

## Ról

Faoin Acht, is é an ról atá ag Boird Chlárúcháin CORU an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin a chur chun cinn maidir le hiompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht trí chlárúchán reachtúil a dhéanamh ar ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh.

Tá an Bord Clárúcháin Comhairleoirí agus Síciteiripeoirí de chuid CORU freagrach as:

- Clár comhaltaí do na gairmeacha a chur ar bun agus a chothabháil
- Cáilíochtaí arna mbronnadh lasmuigh den Stát a mheas agus a aithint
- Cláir oideachais agus oiliúna a cheadú agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- Na riachtanais maidir le filleadh ar chleachtadh a leagan amach
- An Cód Iompair Ghairmiúil agus Eitice a leagan amach
- Na riachtanais maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach a leagan amach.

## Ceapacháin chuig an mBord

I mí Feabhra 2022, d'aithin an Bord gur athcheapadh Marcella Finnerty, Colin O'Driscoll, Jennifer Griffin, Ann Delany, Carole Glynn agus Oliver A Kelly.

Ag deireadh 2022, bhí folúntas amháin ar an mBord sa chatagóir a bhaineann le Leas an Phobail ag an mBord Clárúcháin Comhairleoirí agus Síciteiripeoirí.

## Straitéis agus Beartas

Bhreithnigh an Bord aighneachtaí ó sholáthraithe oideachais agus ó chumainn ghairmiúla maidir le cáilíochtaí atá oiriúnach d'idirthréimhse chlárúcháin do chleachtóirí reatha a luaithe a osclaítear na cláir. Rinneadh measúnú ar na cáilíochtaí aitheanta agus rinne an Bord athbhreithniú ar an obair seo go luath in 2022.

Leanann an Bord agus feidhmeannas CORU ag obair leis an Aonad Rialála Gairmiúla laistigh den Roinn Sláinte maidir leis na teidil atá le cosaint nuair a osclaítear na cláir.

Rinne an Bord dul chun cinn ar a chuid oibre maidir le dréachtú na gCaighdeán Inniúlachta do Chomhairleoirí agus na gCaighdeán Inniúlachta do Shíciteiripeoirí. Tá dul chun cinn déanta ag an mBord ar dhréachtú na gCaighdeán Inniúlachta a leanfaidh ar aghaidh go dtí 2023, mar aon le hobair ar shocrú na gCritéar do Sholáthraithe Oideachais agus Oiliúna a bhaineann leis an gcaoi a ndéantar cláir oideachais a bhainistiú agus a sheachadadh. Beidh deis ann do pháirtithe leasmhara aiseolas a thabhairt ar na dréacht-Chaighdeáin Inniúlachta agus Critéir do Chláir Oideachais agus Oiliúna sula leagfaidh an Bord síos iad agus sula gcuirfear i bhfeidhm iad i measc soláthraithe oideachais.

Reáchtáladh imeacht fíorúil halla baile do sholáthraithe oideachais, do chumainn ghairmiúla agus do pháirtithe leasmhara eile i mí na Nollag 2022 chun nuashonrú a sholáthar ar obair an Bhoird go dtí seo agus chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna roimh an obair atá beartaithe do 2023.



# Comhaltaí an Bhoird

## Brian Gillen

Cathaoirleach

Ionadaí Bainistíochta Seirbhíse

D'fhreastail ar 6 chruinniú as 6 chruinniú



## Oliver A Kelly

Ionadaí Leasa Pobail

D'fhreastail ar 5 chruinniú as 6 chruinniú



## Patrick Benson

Ionadaí Leasa Pobail

D'fhreastail ar 5 chruinniú as 6 chruinniú



## Rachel Mooney

Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh

D'fhreastail ar 3 chruinniú as 6 chruinniú



## Ann Delany

Ionadaí Leasa Pobail

D'fhreastail ar 6 chruinniú as 6 chruinniú



## Gillian O'Brien

Ionadaí Leasa Pobail

D'fhreastail ar 4 chruinniú as 6 chruinniú



## Marcella Finnerty

Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh

D'fhreastail ar 6 chruinniú as 6 chruinniú



## Colin O'Driscoll

Ionadaí Bainistíochta Seirbhíse

D'fhreastail ar 6 chruinniú as 6 chruinniú



## Jennifer Griffin

Ionadaí Oideachais

D'fhreastail ar 5 chruinniú as 6 chruinniú



## Catriona Bradley

Ionadaí Leasa Pobail

D'fhreastail ar 6 chruinniú as 6 chruinniú




## Patricia Jordan

Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh

D'fhreastail ar 6 chruinniú as 6 chruinniú



## Carole Glynn

Ionadaí Oideachais

D'fhreastail ar 5 chruinniú as 6 chruinniú



# Bord Clárúcháin na gComhairleoirí agus na Síciteiripeoirí: Freastal na gComhaltaí, 2022

| Ainm | Dátaí Éaga | Cruinnithe Sceidealta (6) | Nótaí |
|---|---|---|---|
| Brian Gillen | 24/02/2023 | 6 | Cathaoirleach |
| Patrick Benson | 24/02/2023 | 5 | |
| Ann Delany | 24/02/2025 | 6 | Téarma in éag 24/02/2022 Athcheaptha 25/02/2022 |
| Marcella Finnerty | 24/02/2025 | 6 | Téarma in éag 24/02/2022 Athcheaptha 25/02/2022 |
| Patricia Jordan | 24/02/2023 | 6 | |
| Jennifer Griffin | 24/02/2025 | 5 | |
| Colin O'Driscoll | 24/02/2025 | 6 | Téarma in éag 24/02/2022 Athcheaptha 25/02/2022 |
| Gillian O'Brien | 24/02/2023 | 4 | |
| Rachel Mooney | 24/02/2023 | 3 | |
| Oliver A Kelly | 24/02/2025 | 5 | Téarma in éag 24/02/2022 Athcheaptha 25/02/2022 |
| Catriona Bradley | 24/02/2023 | 6 | |
| Carole Glynn | 24/02/2025 | 5 | Téarma in éag 24/02/2022 Athcheaptha 25/02/2022 |




# 2 Bord Clárúcháin na nDiatéiteach

Tá cuntas sa tuarascáil seo ar ghníomhartha Bhord Clárúcháin na nDiatéiteach in 2022, arna cur faoi bhráid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh lena cur san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil na Comhairle, 2022, faoi mar a cheanglaítear faoi Alt 25 (1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú).

## Brollach

Tá áthas orainn an tuarascáil seo ar obair Bhord Clárúcháin na nDieitéiteach in 2022 a chur i láthair. Lean an Bord ar aghaidh ina ról chun an pobal a chosaint agus é ag cinntiú go gcloíonn gach cláraí leis na caighdeáin is airde iompair ghairmiúil, oideachais, oiliúna agus inniúlachta.

Leis an bpaindéim a d’fhág nár ghá ach cruinnithe fíorúla a reáchtáil sna blianta roimhe sin, d'oscail an tsochaí beagán arís in 2022. Thug sé seo deis don Bhord meascán de chruinnithe fíorúla agus cruinnithe le daoine i láthair go pearsanta a úsáid trí shamhail hibrideach. Ar an dóigh sin leanadh ar aghaidh lena ról chun iarratais ar chlárú, aitheantas agus faomhadh oideachais a mheas agus a cheadú.

Cinntíonn méadú feasachta ar an tábhacht a bhaineann le sláinte agus folláine cothaithe ar fud na tíre go bhfásann an meas atá ag an bpobal ar obair na ndieitéiteach gach bliain. Léiríodh é seo inár bhfigiúirí clárúcháin an 31 Nollaig 2022, agus taifeadadh 1,308 dieitéiteach cláraithe le CORU, méadú 8% ón mbliain roimhe sin.

Ba mhaith linn buíochas ar leith a ghabháil le comhaltaí uile an Bhoird, idir chomhaltaí reatha agus iar-chomhaltaí. Is ar bhonn deonach a ghlacann na comhaltaí páirt agus is mór againn a dtiomantas agus a rannpháirt. Táimid ag tnúth le bheith ag obair le chéile in 2023 agus muid ag leanúint lenár n-obair thábhachtach chun an ghairm a rialáil ar mhaithe le sábháilteacht an phobail.

**Geraldine Murray**

*Cathaoirleach*

*Bord Clárúcháin na nDiatéiteach*

**Ginny Hanrahan**

*Cláraitheoir*

*Bord Clárúcháin na nDiatéiteach*

## Cúlra

### Cheap an tAire Sláinte comhaltaí Bhord Clárúcháin na nDiaitéiteach i mí Feabhra 2013 ar bhonn fógra ceapacháin phoiblí.

Déantar foráil san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú) maidir le 13 chomhalta dheonacha a cheapadh chuig an mBord. Ní íoctar aon luach saothair le comhaltaí atá ag fónamh ar an mBord, seachas rátaí caighdeánacha taistil agus cothaithe na seirbhíse poiblí. Is comhaltaí tuata iad seachtar, agus is ionadaithe ón ngairm iad an seisear eile a dhéanann ionadaíocht ar na nithe seo a leanas:

- Bainistiú na seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm
- Oideachas agus oiliúint na gairme
- Cleachtadh na gairme.

Is í Geraldine Murray Cathaoirleach reatha an Bhoird Clárúcháin nDiaitéiteach.

In 2022 tháinig Bord Clárúcháin na nDiaitéiteach le chéile ocht n-uaire.

## Ról

Faoin Acht, is é an ról atá ag Boird Chlárúcháin CORU an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin a chur chun cinn maidir le hiompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht trí chlárúchán reachtúil a dhéanamh ar ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh. Tá Bord Clárúcháin na nDiatéiteach de chuid CORU freagrach as an méid seo a leanas:

- Clár comhaltaí don ghairm a chur ar bun agus a chothabháil
- Cáilíochtaí arna mbronnadh lasmuigh den Stát a mheas agus a aithint
- Cláir oideachais agus oiliúna a cheadú agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- Na riachtanais maidir le filleadh ar chleachtadh a leagan amach
- An Cód Iompair Ghairmiúil agus Eitice a cheapadh
- Na riachtanais maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach a leagan amach.

## Ceapacháin / Toghcháin

I mí Aibreáin 2022, thug an Bord le fios gur éirigh Colm Scott Byrne as an mBord agus ghabh sé buíochas leis as an méid a rinne sé. I mí na Bealtaine, d'aithin an Bord gur éirigh John Byrne as oifig agus ghabh sé buíochas leis as a thréimhse ar an mBord.

Bhí trí fholúntas ar Bhord Clárúcháin na nDiaitéiteach ag deireadh 2022. Dhá cheann sa chatagóir a bhaineann le leas an phobail, agus ceann amháin sa chatagóir a bhaineann le cleachtadh na gairme.

## Dlí

In 2022, rinne Bord Clárúcháin na nDiatéiteach fodhlí amháin mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| I.R. Uimh. 347 de 2022 | An Fodhlí um Cháilíochtaí Ceadaithe de chuid Bhord Clárúcháin na nDiaitéiteach |

## Clárúcháin

Bhí 1,308 diaitéiteach cláraithe ag Bord Clárúcháin na nDiaitéiteach amhail ar an 31 Nollaig 2022.

Tá an obair fós ar bun chun iarratais chlárúcháin nua a phróiseáil. Caithfidh an Bord Clárúcháin a bheith sásta go gcomhlíonann na hiarratasóirí na riachtanais ar fad le clárú.

- Ní mór don duine sin a bheith ina dhuine cuí oiriúnach chun an ghairm a chleachtadh.

**I gcás iontrálaithe nua:**

- Ní mór cáilíocht cheadaithe a bheith acu a chomhlíonann na caighdeáin inniúlachta atá leagtha síos ag CORU.
- Ní mór eolas leordhóthanach a bheith acu ar an teanga is gá chun cleachtadh sa Stát.

Caithfidh gach iarratasóir ar chlárúchán dul faoi ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána mar chuid den phróiseas clárúcháin.

**Faoi Nollaig 2022:**

- Fuarthas 115 iarratas chun dul isteach sa Chlár.
- D'fhág 10 ndiaitéiteach an Clár dá ndeoin féin.
- Baineadh 9 diaitéiteach den Chlár toisc nár íoc siad na táillí athnuachana.

**Diaitéitigh:**
**Staitisticí Achoimre maidir le Clárúcháin in 2022**

| Diaitéitigh: Staitisticí Achoimre maidir le Clárúcháin in 2022 | |
|---|---|
| Iarratais a fuarthas in 2022 | 115 |
| Cinntí a rinneadh in 2022 | 116 |
| Athrú BaB ar Líon na nIarratas, 2021 go 2022 | -17 |
| Athrú BaB ar Líon na gCinntí, 2021 go 2022 | +1 |
| Clár na nDiatéiteach (31/12/2022) | 1,308 |

Tá Clár na nDiaitéiteach ar fáil ar líne ag **www.coru.ie**.

## Údarás Inniúil

Mar an tÚdarás Inniúil, déanann an Bord breithniú ar cháilíochtaí idirnáisiúnta lena n-aithint roimh chlárúchán, de réir Threoir (AE) 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle Eorpach. Déantar measúnú ar na cáilíochtaí sin i gcoinne na gcaighdeán inniúlachta a cheanglaítear ar chéimithe a shásamh i bPoblacht na hÉireann.

I gcás go dtagann éagsúlachtaí móra (easnaimh) chun cinn agus an chomparáid á déanamh idir an cháilíocht ghairmiúil agus na caighdeáin inniúlachta, is gá aon oideachas agus oiliúint bhreise agus/nó aon taithí oibre iomchuí bhreise a chur san áireamh. Más ann d'éagsúlachtaí móra i gcónaí, féadfar beart cúiteamh a thairiscint don iarrthóir. An rogha a bheidh ann ná tréimhse oiriúnaithe (tréimhse chleachtaidh faoi mhaoirseacht) chun tabhairt faoi na heasnaimh a aithníodh nó an deis chun dul faoi thriail inniúlachta.

Mar an tÚdarás Inniúil don ghairm, rinne an Bord breithniú ar 53 iarratas le cáilíochtaí idirnáisiúnta a aithint in 2022.

D'aithin an Bord Clárúcháin 48 cáilíocht agus d'éiligh sé ar 5 iarratasóir beart cúitimh a chur i gcrích chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh a aithníodh ina gcáilíocht.

Nuair a thugann an tÚdarás Inniúil aitheantas do cháilíocht idirnáisiúnta, ansin bíonn an té a bhain amach an cháilíocht sin incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar chlárúchán.

**Diaitéitigh:**
**Staitisticí Achoimre maidir le hAitheantas in 2022**

| Diaitéiteach | |
|---|---|
| Iarratais a fuarthas in 2022 | 86 |
| Cinntí a rinneadh in 2022 | 53 |
| Athrú BaB ar Líon na nIarratas, 2021 go 2022 | 32 |
| Athrú BaB ar Líon na gCinntí, 2021 go 2022 | -5 |
| ***Torthaí in 2022*** | ***53*** |
| Aitheanta (iad go léir) | 48 |
| Bearta Cúitimh a Cuireadh i bhFeidhm | 5 |
| Eile | 0 |

## Oideachas

### Fodhlíthe

D'eisigh Bord Clárúcháin na nDiatéiteach an dréacht-Fhodhlí um Cháilíochtaí Ceadaithe de chuid Bhord Clárúcháin na nDiatéiteach le haghaidh comhairliúcháin phoiblí an 03 Márta 2022 ina liostaítear cáilíocht bhreise, Máistir Eolaíochta i gCothú an Duine agus Diaitéitic, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Ollscoil na hÉireann, Corcaigh mar fhianú ar an gcaighdeán inniúlachta a theastaíonn le clárú i Rannán na nDé-Eolaíochtaí den Chlár. Rinne an Bord an Fodhlí um Cháilíochtaí Faofa (I.R. 347 de 2022) an 07 Iúil 2022.

### Ceadú clár agus monatóireacht orthu

D'fhaomh Bord Clárúcháin na nDiatéiteach an clár oideachais agus oiliúna seo a leanas:

- Máistreacht Eolaíochta Cothú agus Diaitéitic i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh.

### FGL

- Chuir an Bord tús lena iniúchadh FGL ar chláraithe don tréimhse 01 Samhain 2020 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2022.



# Comhaltaí an Bhoird

## Geraldine Murray
Cathaoirleach

Deonach/Príobháideach. Ionadaí Bainistíochta Sláinte/Cúraim Shóisialaigh

D'fhreastail ar 7 gcruinniú as 8 gcruinniú



## Claire Browne
Ionadaí Bainistíochta Seirbhíse

D'fhreastail ar 6 chruinniú as 8 gcruinniú




## Mary Ann Flynn
Ionadaí Bainistíochta Seirbhíse

D'fhreastail ar 7 gcruinniú as 8 gcruinniú



## Anne Griffin
Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh

D'fhreastail ar 6 chruinniú as 8 gcruinniú



## Annemarie Bennett
Ionadaí Oideachais

D'fhreastail ar 7 gcruinniú as 8 gcruinniú



## Eamonn Dunne
Ionadaí Bainistíochta Sláinte Poiblí/Cúraim Shóisialaigh

D'fhreastail ar 5 chruinniú as 8 gcruinniú



## Christopher O'Hara
Ionadaí Leasa Pobail

D'fhreastail ar 4 chruinniú as 8 gcruinniú




## Fiona Dunlevy
Ionadaí Bainistíochta Seirbhíse

D'fhreastail ar 3 chruinniú as 7 gcruinniú




## Jan Guerin
Ionadaí Oideachais

D'fhreastail ar 7 gcruinniú as 8 gcruinniú



## Kathleen Walsh
Ionadaí Leasa Pobail

D'fhreastail ar 7 gcruinniú as 8 gcruinniú




## Colm Scott Byrne
Ionadaí Leasa Pobail

D'fhreastail ar 0 cruinniú as 3 chruinniú




## John Byrne
Ionadaí Leasa Pobail

D'fhreastail ar 1 chruinniú as 4 chruinniú



# Bord Clárúcháin na nDiaitéiteach: Freastal na gComhaltaí, 2022

| Ainm | Dátaí Éaga | Cruinnithe Sceidealta (8) | Nótaí |
|---|---|---|---|
| Geraldine Murray | 13/02/2025 | 7 | Cathaoirleach |
| Jan Guerin | 01/06/2025 | 7 | |
| Claire Browne | 13/02/2024 | 6 | |
| Kathleen Walsh | 13/02/2025 | 7 | |
| Christopher O'Hara | 13/02/2024 | 4 | |
| Fiona Dunlevy | 13/02/2025 | 3 | |
| Mary Ann Therese Flynn | 13/02/2025 | 7 | |
| Anne Griffin | 13/02/2023 | 6 | |
| Annemarie Bennett | 13/02/2024 | 7 | |
| Eamon Dunne | 13/02/2024 | 5 | |
| Colm Scott Byrne | 20/06/2025 | 0 | D’éirigh as an 13/04/2022 |
| John Byrne | 13/02/2024 | 1 | D’éirigh as an 26/05/2022 |



# 3 Bord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine

Tá cuntas sa tuarascáil seo ar ghníomhartha Bhord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine in 2022, arna cur faoi bhráid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh lena cur san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil an Bhoird, 2022, faoi mar a cheanglaítear faoi Alt 25 (1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú).

## Brollach

Le linn 2022, tháinig an Bord Clárúcháin Eolaithe Míochaine (an Bord) le chéile naoi n-uaire chun leanúint lena gcuid oibre maidir le riarachán, bainistíocht agus forbairt chun ardchaighdeáin ghairmiúla a chothú laistigh de réimse na heolaíochta leighis.

Ar an 31 Nollaig 2022, bhí 2,524 Eolaithe Leighis cláraithe ag CORU, rud a léiríonn méadú 48% ar fhigiúirí 2021. Tá an Clár le feiceáil arwww.coru.ie, agus is féidir leis an bpobal an clár a sheiceáil le fáil amach an bhfuil eolaí leighis cláraithe agus a bheith muiníneach go mbaineann an duine sin le gairm ag a bhfuil na caighdeáin riachtanacha iompair agus feidhmíochta. Táimid ag súil le dul ag obair leis na cláraithe sin lena chinntiú go ndéantar na caighdeáin is airde ó thaobh cúram othar de a sheachadadh go comhsheasmhach.

Is gné lárnach í an fhorbairt ghairmiúil leanúnach maidir le soláthar leanúnach seirbhísí sábháilte, éifeachtacha chun leasa na n-úsáideoirí seirbhíse. Críochnaíodh an t-iniúchadh FGL a bhí sceidealaithe do chláraithe don tréimhse 01 Aibreán 2021 go dtí an 31 Márta 2022 de réir mar a beartaíodh.

Bliain thar a bheith gnóthach a bhí in 2022 don ghairm agus ba mhaith le CORU buíochas a ghabháil le gach ball den Bhord as a gcuid oibre le bliain anuas agus as a dtiomantas leanúnach do ghairm an Eolaithe Leighis a rialáil, ar mhaithe le sábháilteacht an phobail.

| | |
|---|---|
| **N.B** | **Ginny Hanrahan** |
| *Cathaoirleach* | *Cláraitheoir* |
| *Bord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine* | *Bord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine* |

## Cúlra

### Cheap an tAire Sláinte Bord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine i Samhain 2016.

Tá foráil san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005, (arna leasú) do cheapadh 13 chomhalta dheonacha chun an Bhoird Clárúcháin. Ní íoctar aon luach saothair le comhaltaí atá ag fónamh ar an mBord Clárúcháin, seachas rátaí caighdeánacha taistil agus cothaithe na seirbhíse poiblí. Comhaltaí tuata is ea seachtar den Bhord Clárúcháin, agus comhaltaí de chuid na gairme is ea an seisear eile, a bhíonn ag gabháil do na réimsí seo a leanas:

- Oideachas agus oiliúint na gairme
- Bainistiú na seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm
- Cleachtadh na gairme.

Tháinig Bord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine le chéile 9 n-uaire in 2022.

## Ról

Faoin Acht, is é an ról atá ag Boird Chlárúcháin CORU an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin a chur chun cinn maidir le hiompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht trí chlárúchán reachtúil a dhéanamh ar ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh. Tá Bord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine ag CORU freagrach as na nithe seo a leanas:

- Clár comhaltaí don ghairm a chur ar bun agus a chothabháil
- Cáilíochtaí arna mbronnadh lasmuigh den Stát a mheas agus a aithint
- Cláir oideachais agus oiliúna a cheadú agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- Na riachtanais maidir le filleadh ar chleachtadh a leagan amach
- An Cód Iompair Ghairmiúil agus Eitice a leagan amach
- Na riachtanais maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach a leagan amach.

## Ceapacháin / Toghcháin

I mí na Samhna 2022, d’fhógair an Bord go leor athruithe. D'fháiltigh an Bord roimh athcheapadh Eamonn Grennan agus Karen Watret mar ionadaithe leasa phoiblí. Chuir an Bord in iúl freisin go ndeachaigh téarmaí oifige Brendan O'Reilly, John O'Loughlin agus Clodagh Geraghty in éag agus ghabh siad buíochas leis na comhaltaí ar fad as an méid a rinne siad. Ar deireadh, thug an Bord dá aire go ndeachaigh ceapachán Marie Culliton in éag mar Chathaoirleach ar an mBord Clárúcháin Eolaithe Leighis. Toghfaidh an Bord Cathaoirleach nua in 2023.

Ag deireadh 2022, bhí ceithre fholúntas ar an mBord; ceann amháin sa chatagóir ar mhaithe le leas an phobail, ceann amháin sa chatagóir bainistíochta, ceann amháin atá ag gabháil do chleachtadh na catagóire gairme, agus ceann amháin atá ag gabháil d'oideachas na catagóire gairme.

## Dlí

In 2022, rinne an Bord Clárúcháin Eolaithe Míochaine dhá fhodhlí mar seo a leanas;

| | |
|---|---|
| I.R. Uimh. 305 de 2022 | An Fodhlí um Cháilíochtaí Ceadaithe de chuid Bhord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine |
| I.R. Uimh. 468 de 2022 | An Fodhlí um Chomhaltaí a Thoghadh lena gCeapadh ar Bhord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine |

## Clárúcháin

Bhí 2,524 eolaí míochaine san iomlán cláraithe le Bord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine amhail ar an 31 Nollaig 2022. Is méadú 48% é sin ar 2021.

Tá an obair fós ar bun chun iarratais chlárúcháin nua a phróiseáil. Caithfidh an Bord Clárúcháin a bheith sásta go gcomhlíonann na hiarratasóirí na riachtanais ar fad le clárú.

**Iarratasóirí:**

- Ní mór don duine sin a bheith ina dhuine cuí oiriúnach chun an ghairm a chleachtadh.

**I gcás iontrálaithe nua:**

- Ní mór cáilíocht cheadaithe a bheith acu a chomhlíonann na caighdeáin inniúlachta atá leagtha síos ag CORU; agus
- Ní mór eolas leordhóthanach a bheith acu ar an teanga is gá chun cleachtadh sa Stát.

Caithfidh gach iarratasóir ar chlárúchán dul faoi ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána mar chuid den phróiseas clárúcháin.

**Faoi Nollaig 2022:**

- Fuarthas 285 iarratas chun dul isteach sa Chlár
- D'fhág 30 eolaí míochaine an Clár dá ndeoin féin.
- baineadh 18 eolaithe míochaine cláraithe den Chlár toisc nár íoc siad na táillí athnuachana.

**Eolaithe Míochaine:**
**Staitisticí Achoimre maidir le Clárúcháin in 2022**

| Eolaithe Míochaine: Staitisticí Achoimre maidir le Clárúcháin in 2022 | |
|---|---|
| Iarratais a fuarthas in 2022 | 285 |
| Cinntí a rinneadh in 2022 | 1023 |
| Athrú BaB ar Líon na nIarratas, 2021 go 2022 | -1109 |
| Athrú BaB ar Líon na gCinntí, 2021 go 2022 | +251 |
| Clárl na nEolaithe Míochaine:(31.12.2022) | 2,524 |

Tá Clár na n Eolaithe Míochaine ar fáil ar líne ag **www.coru.ie**.

## Údarás Inniúil

Mar an tÚdarás Inniúil, déanann an Bord Clárúcháin breithniú ar cháilíochtaí idirnáisiúnta lena n-aithint roimh chlárúchán, de réir Threoir (AE) 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle Eorpach. Déantar measúnú ar na cáilíochtaí sin i gcoinne na gcaighdeán inniúlachta a cheanglaítear ar chéimithe a shásamh i bPoblacht na hÉireann.

I gcás go dtagann éagsúlachtaí móra (easnaimh) chun cinn agus an chomparáid á déanamh idir an cháilíocht ghairmiúil agus na caighdeáin inniúlachta, is gá aon oideachas agus oiliúint bhreise agus/nó aon taithí oibre iomchuí bhreise a chur san áireamh. Más ann d'éagsúlachtaí móra i gcónaí, féadfar beart cúiteamh a thairiscint don iarrthóir. An rogha a bheidh ann ná tréimhse oiriúnaithe (tréimhse chleachtaidh faoi mhaoirseacht) chun tabhairt faoi na heasnaimh a aithníodh nó an deis chun dul faoi thriail inniúlachta.

Mar an tÚdarás Inniúil don ghairm, rinne an Bord breithniú ar 160 iarratas le cáilíochtaí idirnáisiúnta a aithint in 2022.

D'aithin an Bord Clárúcháin 121 cáilíocht agus d'éiligh sé ar 36 iarratasóir beart cúitimh a chur i gcrích chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh a aithníodh ina gcáilíocht. Nuair a thugann an tÚdarás Inniúil aitheantas do cháilíocht idirnáisiúnta, ansin bíonn an té a bhain amach an cháilíocht sin incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar chlárúchán.

**Eolaí Míochaine:**
**Staitisticí Achoimre maidir le hAitheantas in 2022**

| **Eolaí Míochaine: Staitisticí Achoimre maidir le hAitheantas in 2022** | |
|---|---|
| Iarratais a fuarthas in 2022 | 250 |
| Cinntí a rinneadh in 2022 | 160 |
| Athrú BaB ar Líon na nIarratas, 2021 go 2022 | 132 |
| Athrú BaB ar Líon na gCinntí, 2021 go 2022 | 99 |
| ***Torthaí in 2022*** | ***160*** |
| Aitheanta (iad go léir) | 121 |
| Bearta Cúitimh a Cuireadh i bhFeidhm | 36 |
| Eile | 3 |

## Oideachas

### Fodhlíthe

D'eisigh Bord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine an dréacht-Fhodhlí um Cháilíochtaí Ceadaithe de chuid Bhord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine 2022 le haghaidh comhairliúcháin phoiblí an 06 Aibreán 2022 ina liostaítear na cláir seo a leanas mar fhianú ar an gcaighdeán inniúlachta a theastaíonn le clárú i gClár na nEolaithe Leighis.

- Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) san Eolaíocht Míochaine, Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo
- Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) san Eolaíocht Míochaine, Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh
- Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) san Eolaíocht Bhithleighis, Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
- Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) san Eolaíocht Míochaine,, Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
- Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) Eolaíocht Bhithleighis (Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh - Ollscoil na hÉireann, Corcaigh) AGUS Dioplóma i gCleachtas Saotharlainne Cliniciúil (Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí)
- Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) Eolaíocht Bhithleighis (Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh - Ollscoil na hÉireann, Corcaigh) AGUS Dioplóma i gCleachtas Saotharlainne Cliniciúil (Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan)
- Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) Eolaíocht Bhithleighis (Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh - Ollscoil na hÉireann, Corcaigh) AGUS Dioplóma i gCleachtas Saotharlainne Cliniciúil (Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan)

Rinne an Bord an Fodhlí um Cháilíochtaí Faofa (I.R. 305 de 2022) an 28 Meitheamh 2022.

### Ceadú clár agus monatóireacht orthu

D'fhaomh Bord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine an clár oideachais agus oiliúna seo a leanas:

- Baitsiléir Eolaíochta (Onór.) san Eolaíocht Míochaine, Ollscoil Teicneolaíocht an Atlantaigh, Gaillimh (Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo go foirmiúil)
- Baitsiléir Eolaíochta san Eolaíocht Míochaine, Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
- Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) Eolaíocht Bhithleighis (Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh - Ollscoil na hÉireann, Corcaigh) AGUS Dioplóma i gCleachtas Saotharlainne Cliniciúil (Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan)

### FGL

Thug an Bord faoi iniúchadh FGL ar chláraithe don tréimhse 01 Aibreán 2021 go 31 Márta 2022. Roghnaíodh 18 gcláraí lena n-iniúchadh, dhiúltaigh an Bord 1 iarratas ar iarchur, agus mheas an Bord go raibh 18 dtaifead iniúchta comhlíontach.

# Comhaltaí an Bhoird



## Marie Culliton

Ionadaí Bainistíochta Seirbhíse

D'fhreastail ar 8 gcruinniú as 9 gcruinniú



## Clodagh Geraghty

Ionadaí Leasa Pobail

D'fhreastail ar 5 chruinniú as 8 gcruinniú



## Carole Glynn

Cúram Poiblí/Sóisialta

Ionadaí Bainistíochta

D'fhreastail ar 7 gcruinniú as 9 gcruinniú




## Eamon Grennan

Ionadaí Leasa Pobail

D'fhreastail ar 4 chruinniú as 9 gcruinniú



## Mary Hunt

Ionadaí Oideachais

D'fhreastail ar 8 gcruinniú as 9 gcruinniú



## Bernadette Jackson

Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh

D'fhreastail ar 8 gcruinniú as 9 gcruinniú



## John O'Loughlin

Ionadaí Bainistíochta Seirbhíse

D'fhreastail ar 6 chruinniú as 8 gcruinniú



## Brendan O'Reilly

Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh

D'fhreastail ar 5 chruinniú as 8 gcruinniú



## Irene Regan

Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh

D'fhreastail ar 6 chruinniú as 9 gcruinniú



## Pauline Treanor

Ionadaí Bainistíochta Deonach/Sláinte Príobháidí/Cúraim Shóisialta

D'fhreastail ar 9 gcruinniú as 9 gcruinniú




## Colm O'Leary

Ionadaí Leasa Pobail

D'fhreastail ar 8 gcruinniú as 9 gcruinniú




## Karen Watret

Ionadaí Leasa Pobail

D'fhreastail ar 8 gcruinniú as 9 gcruinniú

# Bord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine: Freastal na gComhaltaí, 2022

| Ainm | Dátaí Éaga | Cruinnithe Sceidealta (9) | Nótaí |
|---|---|---|---|
| Marie Culliton | 08/11/2024 | 8 | |
| Eamonn Grennan | 08/11/2026 | 4 | Téarma in éag an 08/11/2022 Athcheaptha an 09/11/2022 |
| John O'Loughlin | 08/11/2022 | 6 | Téarma in éag an 08/11/2022 |
| Brendan O'Reilly | 08/11/2022 | 5 | Téarma in éag an 08/11/2022 |
| Clodagh Geraghty | 08/11/2022 | 5 | Téarma in éag an 08/11/2022 |
| Karen Watret | 08/11/2026 | 8 | Téarma in éag an 08/11/2022 Athcheaptha an 09/11/2022 |
| Mary Hunt | 08/11/2024 | 8 | |
| Colm O'Leary | 08/11/2024 | 8 | |
| Bernadette Jackson | 08/11/2024 | 8 | |
| Irene Regan | 08/11/2024 | 6 | |
| Pauline Treanor | 08/11/2024 | 9 | |
| Carole Glynn | 08/11/2024 | 7 | |



# 4 Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair

Tá cuntas sa tuarascáil seo ar ghníomhartha Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair in 2022, arna cur faoi bhráid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh lena cur san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil na Comhairle, 2022, faoi mar a cheanglaítear faoi Alt 25 (1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú).

## Brollach

I ndiaidh bhlianta na paindéime, bhí áthas ar Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair (an Bord) teacht le chéile arís agus a bheith in ann níos mó cruinnithe ar an láthair a reáchtáil. Mar sin féin, moladh aistriú céimnithe chuig cruinnithe le comhaltaí i láthair go pearsanta agus cuireadh samhail hibrideach i bhfeidhm do 2022, Chuige sin cuireadh meascán de chruinnithe fíorúla agus na seisiúin le comhaltaí i láthair go pearsanta in úsáid.

San iomlán, tháinig an Bord le chéile ocht n-uaire i rith na bliana agus chlúdaigh sé réimse saincheisteanna a bhain leis an ngairm. Tá na huimhreacha atá cláraithe le Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair ag fás i gcónaí agus ar an 31 Nollaig 2022, bhí 3,365 Teiripeoirí Saothair cláraithe ag an mBord, rud a léiríonn méadú suntasach ar fhigiúr 2021, tráth a raibh 3,193 cláraithe le CORU.

Ba mhaith le CORU an deis seo a thapú buíochas a ghabháil le gach comhalta reatha agus iarchomhaltaí den Bhord. Is ar bhonn deonach a ghlacann na comhaltaí páirt agus is mór againn a dtiomantas agus a rannpháirt. Táimid ag tnúth le bheith ag obair le chéile in 2023, ag leanúint ar aghaidh ag forbairt agus ag feabhsú na gairme go dtí na caighdeáin is airde ar mhaithe le sábháilteacht an phobail.

**Ann Sheehan**
*Cathaoirleach*
*Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair*

**Ginny Hanrahan**
*Cláraitheoir*
*Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair*

## Cúlra

### Cheap an tAire Sláinte comhaltaí Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair i mí Feabhra 2013 ar bhonn fógra ceapacháin phoiblí.

Tá foráil san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005, (arna leasú) do cheapadh 13 chomhalta dheonacha chun an Bhoird. Ní íoctar aon luach saothair le comhaltaí atá ag fónamh ar an mBord, seachas rátaí caighdeánacha taistil agus cothaithe na seirbhíse poiblí. Is comhaltaí tuata iad seachtar comhaltaí den Bhord Clárúcháin, agus is ionadaithe ón ngairm iad an seisear eile a dhéanann ionadaíocht ar na nithe seo a leanas:

- Bainistiú na seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm,
- Oideachas agus oiliúint na gairme,
- Cleachtadh na gairme.

Is í Ann Sheehan an Cathaoirleach ar Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair faoi láthair.

Tháinig Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair le chéile ocht n-uaire in 2022.

## Ról

Faoin Acht, is é an ról atá ag an mBord an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin a chur chun cinn maidir le hiompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht trí chlárúchán reachtúil a dhéanamh ar ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh. Tá Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair de chuid CORU freagrach as an méid seo a leanas:

- Clár comhaltaí don ghairm a chur ar bun agus a chothabháil
- Cáilíochtaí arna mbronnadh lasmuigh den Stát a mheas agus a aithint
- Cláir oideachais agus oiliúna a cheadú agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- An Cód Iompair Ghairmiúil agus Eitice a cheapadh
- Na riachtanais maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach a leagan amach.

## Toghcháin / Ceapacháin

I mí an Mheithimh 2022, chuir an Bord in iúl go ndeachaigh téarma oifige Genevieve O'Halloran in éag agus ghabh sé buíochas léi as an méid a rinne sí.

Ag deireadh na bliana 2022, bhí folúntas amháin ar Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair a bhain leis an gcatagóir ‘bainistiú na gairme’.

## Clárúcháin

Bhí 3,365 teiripeoir saothair san iomlán cláraithe le Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair amhail ar an 31 Nollaig 2022.

Tá an obair fós ar bun chun iarratais chlárúcháin nua a phróiseáil. Caithfidh an Bord Clárúcháin a bheith sásta go gcomhlíonann na hiarratasóirí na riachtanais ar fad le clárú.

**Iarratasóirí:**

- Ní mór don duine sin a bheith ina dhuine cuí oiriúnach chun an ghairm a chleachtadh.

**I gcás iontrálaithe nua:**

- Ní mór cáilíocht cheadaithe a bheith acu a chomhlíonann na caighdeáin inniúlachta atá leagtha síos ag CORU.
- Ní mór eolas leordhóthanach a bheith acu ar an teanga is gá chun cleachtadh sa Stát.

Caithfidh gach iarratasóir ar chlárúchán dul faoi ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána mar chuid den phróiseas clárúcháin.

**Faoi Nollaig 2022:**

- Fuarthas 226 iarratas chun dul isteach sa Chlár
- D’fhág 43 teiripeoir saothair an Clár dá ndeoin féin.
- Baineadh 13 den Chlár toisc nár íoc siad na táillí athnuachana.

**Teiripeoirí Saothair:
Staitisticí Achoimre maidir le Clárúcháin in 2022**

| Teiripeoirí Saothair: Staitisticí Achoimre maidir le Clárúcháin in 2022 | |
|---|---|
| Iarratais a fuarthas in 2022 | 226 |
| Cinntí a rinneadh in 2022 | 219 |
| Athrú BaB ar Líon na nIarratas, 2021 go 2022 | -18 |
| Athrú BaB ar Líon na gCinntí, 2021 go 2022 | -10 |
| Clár na dTeiripeoirí Saothair (31.12.2022) | 3,365 |

Tá Clár na dTeiripeoirí Saothair ar fáil ar líne ag [www.coru.ie](http://www.coru.ie).

## Údarás Inniúil

Mar an tÚdarás Inniúil, déanann an Bord Clárúcháin breithniú ar cháilíochtaí idirnáisiúnta lena n-aithint roimh chlárúchán, de réir Threoir (AE) 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle Eorpach.

Déantar measúnú ar na cáilíochtaí sin i gcoinne na gcaighdeán inniúlachta a cheanglaítear ar chéimithe a shásamh i bPoblacht na hÉireann.

I gcás go dtagann éagsúlachtaí móra (easnaimh) chun cinn agus an chomparáid á déanamh idir an cháilíocht ghairmiúil agus na caighdeáin inniúlachta, is gá aon oideachas agus oiliúint bhreise agus/nó aon taithí oibre iomchuí bhreise a chur san áireamh. Más ann d’éagsúlachtaí móra i gcónaí, féadfar beart cúiteamh a thairiscint don iarrthóir. An rogha a bheidh ann ná tréimhse oiriúnaithe (tréimhse chleachtaidh faoi mhaoirseacht) chun tabhairt faoi na heasnaimh a aithníodh nó an deis chun dul faoi thriail inniúlachta.

Mar an tÚdarás Inniúil don ghairm, rinne an Bord breithniú ar 84 iarratas le cáilíochtaí idirnáisiúnta a aithint in 2022.

D'aithin an Bord Clárúcháin 80 cáilíocht agus d'éiligh sé ar 4 iarratasóir beart cúitimh a chur i gcrích chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh a aithníodh ina gcáilíocht. Nuair a thugann an tÚdarás Inniúil aitheantas do cháilíocht idirnáisiúnta, ansin bíonn an té a bhain amach an cháilíocht sin incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar chlárúchán.

**Teiripeoirí Saothair:
Staitisticí Achoimre maidir le hAitheantas in 2022**

| Teiripeoirí Saothair | |
|---|---|
| Iarratais a fuarthas in 2022 | 108 |
| Cinntí a rinneadh in 2022 | 84 |
| Athrú BaB ar Líon na nIarratas, 2021 go 2022 | 8 |
| Athrú BaB ar Líon na gCinntí, 2021 go 2022 | -22 |
| ***Torthaí in 2022*** | ***84*** |
| Aitheanta (iad go léir) | 80 |
| Bearta Cúitimh a Cuireadh i bhFeidhm | 4 |
| Eile | 0 |

# Comhaltaí an Bhoird

## Ann Sheehan

Cathaoirleach

Ionadaí Leasa Pobail

D’fhreastail ar 5 chruinniú as 8 gcruinniú



## Aisling Davis

Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh

D’fhreastail ar 7 gcruinniú as 8 gcruinniú



## Aisling Culhane

Ionadaí Leasa Pobail

D’fhreastail ar 6 chruinniú as 8 gcruinniú



## Dawn Johnson

Ionadaí Leasa Pobail

D’fhreastail ar 6 chruinniú as 8 gcruinniú




## John Hanily

Ionadaí Leasa Pobail

D’fhreastail ar 7 gcruinniú as 8 gcruinniú



## Eilish Macklin

Ionadaí Bainistíochta Deonach/ Sláinte Príobháidí/Cúraim Shóisialta

D’fhreastail ar 5 chruinniú as 8 gcruinniú



## Niamh Doyle

Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh

D’fhreastail ar 6 chruinniú as 8 gcruinniú




## Rosemary Smyth

Ionadaí Bainistíochta Cúraim Phoiblí/Shóisialaigh

D’fhreastail ar 7 gcruinniú as 8 gcruinniú




## Catriona Sweeney

Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh

D’fhreastail ar 7 gcruinniú as 8 gcruinniú




## Michael Bergin

Ionadaí Oideachais

D’fhreastail ar 6 chruinniú as 8 gcruinniú




## Hassan Duggow

Ionadaí Bainistíochta Seirbhíse

D’fhreastail ar 4 chruinniú as 8 gcruinniú




## Katie Robinson

Ionadaí Oideachais

D’fhreastail ar 7 gcruinniú as 8 gcruinniú




## Genevieve O’Halloran

Ionadaí Bainistíochta Seirbhíse

D’fhreastail ar 3 chruinniú as 3 chruinniú



# Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair: Freastal na gComhaltaí, 2022

| Ainm | Dátaí Éaga | Cruinnithe Sceidealta (8) | Nótaí |
|---|---|---|---|
| Ann Sheehan* | 13/02/2024 | 5 | Cathaoirleach |
| Niamh Doyle | 13/02/2024 | 6 | |
| Aisling Davis | 05/01/2023 | 7 | |
| Catriona Sweeney | 30/06/2025 | 7 | |
| Hassan Duggow | 30/06/2025 | 4 | |
| Katie Robinson | 20/07/2025 | 7 | |
| Rosemary Smyth | 13/02/2025 | 7 | |
| Eilish Macklin | 13/02/2025 | 5 | |
| Michael Bergin | 13/02/2023 | 6 | |
| Aisling Culhane | 13/02/2024 | 6 | |
| Dawn Johnson | 13/02/2025 | 6 | |
| Genevieve O'Halloran | 08/05/2022 | 3 | Téarma in éag an 08/05/2022 |
| John Hanily | 13/02/2025 | 7 | |




# 5 An Bord Clárúcháin Súil-Liachta

Tá cuntas sa tuarascáil seo ar ghníomhartha an Bhoird Clárúcháin Súil-Liachta in 2022, arna cur faoi bhráid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh lena cur san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil na Comhairle, 2022, faoi mar a cheanglaítear faoi Alt 25 (1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú).

## Brollach

Tá áthas orainn an tuarascáil seo ar obair an Bhoird Clárúcháin Súil-Liachta (an Bord) a chur i láthair in 2022. Tá an Bord freagrach as oideachas gairmiúil, iompar, oiliúint agus inniúlacht ardchaighdeáin a leagan síos agus a chur chun cinn i measc radharceolaithe dáileacháin agus optaiméadraithe.

Tháinig an Bord le chéile sé huaire in 2022. Glacadh le samhail cruinnithe hibrideacha, agus chuige sin rinneadh seisiúin le comhaltaí i láthair go pearsanta agus cruinnithe fíorúla a reáchtáil. Dhírigh an Bord ar sheachadadh a bhfeidhmeanna reachtúla atá acu, lena n-áirítear bainistiú seirbhísí, oideachais agus oiliúna, agus saincheisteanna cleachtais a bhaineann lena ngairm.

Ar an 31 Nollaig 2022, bhí 970 Optaiméadraithe agus 215 Radharceolaithe Dáileacháin cláraithe ar an mBord Clárúcháin Súil-Liachta. Is méadú é sin ar fhigiúr na bliana seo caite. Tá an Clár le feiceáil ar www.coru.ie, agus is féidir leis an bpobal an clár a sheiceáil le fáil amach an bhfuil radharceolaí dáileacháin nó optaiméadraí cláraithe agus a bheith muiníneach go mbaineann an duine sin le gairm ag a bhfuil na caighdeáin riachtanacha iompair agus feidhmíochta.

Ba mhaith linn buíochas ar leith a ghabháil le comhaltaí uile an Bhoird, idir chomhaltaí reatha agus iar-chomhaltaí. Is ar bhonn deonach a ghlacann na comhaltaí páirt agus is mór againn a dtiomantas agus a rannpháirt. Táimid ag tnúth le bheith ag obair le chéile in 2023 agus muid ag leanúint lenár n-obair thábhachtach chun an ghairm a rialáil ar mhaithe le sábháilteacht an phobail.

| | |
|---|---|
| **Seamus Boland** | **Ginny Hanrahan** |
| *Cathaoirleach* | *Cláraitheoir* |
| *An Bord Clárúcháin Súil-Liachta* | *An Bord Clárúcháin Súil-Liachta* |

## Cúlra

### Cheap an tAire Sláinte an Bord Eatramhach Clárúcháin Súil-Liachta ar an 9 Aibreán 2014.

Tionóladh an chéad chruinniú ar an 20 Bealtaine 2014, agus tháinig an Bord le chéile sé huaire in 2014 agus faoi dhó in 2015 sula ndearna an tAire an t-ordú chun an Bord Clárúcháin Súil-Liachta a chur ar bun i bhFeabhra 2015. Tionóladh an chéad chruinniú reachtúil den Bhord Clárúcháin Súil-Liachta ar an 24 Márta 2015. Tá foráil san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005, (arna leasú) do cheapadh 13 chomhalta dheonacha chun an Bhoird Clárúcháin. Ní íoctar aon luach saothair le comhaltaí atá ag fónamh ar an mBord, seachas rátaí caighdeánacha taistil agus cothaithe na seirbhíse poiblí. Is comhaltaí tuata iad seachtar, agus is ionadaithe ón ngairm iad an seisear eile, ceathrar optaiméadraithe agus beirt radharceolaithe dáiliúcháin a dhéanann ionadaíocht ar na nithe seo a leanas:

- Bainistiú na seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm
- Oideachas agus oiliúint na gairme
- Cleachtadh na gairme.

Is é Seamus Boland Cathaoirleach reatha an Bhoird Clárúcháin Súil-Liachta.

In 2022, tháinig an Bord Clárúcháin Súil-Liachta le chéile sé huaire

## Ról

Faoin Acht, is é an ról atá ag an mBord ag CORU an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin a chur chun cinn maidir le hiompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht trí chlárúchán reachtúil a dhéanamh ar ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh. Tá an Bord Clárúcháin Súil-Liachta ag CORU freagrach as na nithe seo a leanas:

- Clár comhaltaí don ghairm a chur ar bun agus a chothabháil
- Cáilíochtaí arna mbronnadh lasmuigh den Stát a mheas agus a aithint
- Cláir oideachais agus oiliúna a cheadú agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- An Cód Iompair Ghairmiúil agus Eitice a cheapadh
- Na riachtanais maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach a leagan amach.

## Ceapacháin / Toghcháin

Le linn 2022, chuir an Bord in iúl go raibh Fionnuala McGee agus Patrick McAteer ag éirí as an mBord agus ghabh siad buíochas leo beirt as an méid a rinne siad leis an mBord.

## Clárúcháin

Bhí 970 optaiméadraí cláraithe ag an mBord Clárúcháin Súil-Liachta ar an 31 Nollaig 2022. Bhí 215 radharceolaí dáileacháin cláraithe freisin, lenar cuimsíodh 149 cláraithe sa rannán ginearálta agus 66 cláraithe i rannán na lionsaí tadhaill.

Tá an obair fós ar bun chun iarratais chlárúcháin nua a phróiseáil. Caithfidh an Bord Clárúcháin a bheith sásta go gcomhlíonann na hiarratasóirí na riachtanais ar fad le clárú.

I gcás iontrálaithe nua, caithfidh siad:

- Ní mór cáilíocht cheadaithe a bheith acu a chomhlíonann na caighdeáin inniúlachta atá leagtha síos ag CORU,
- Ní mór eolas leordhóthanach a bheith acu ar an teanga is gá chun cleachtadh sa Stát,
- Ní mór dóibh a bheith ina ndaoine cuí oiriúnacha chun an ghairm a chleachtadh.

Caithfidh gach iarratasóir ar chlárúchán dul faoi ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána mar chuid den phróiseas clárúcháin.

**Faoi Nollaig 2022:**

- 96 iarratas ó Optaiméadraithe agus 16 iarratas Radharceolaithe Dáiliúcháin chun dul isteach sa Chlár a fuarthas.
- D’fhág 19 gcláraí an Clár dá ndeoin féin.
- Baineadh deichniúr cláraithe den Chlár toisc nár íoc siad na táillí athnuachana.

### Optaiméadraithe agus Radharceolaithe Dáiliúcháin Staitisticí Achoimre maidir le Clárúcháin in 2022

| Optaiméadraithe agus Radharceolaithe Dáiliúcháin Staitisticí Achoimre maidir le Clárúcháin in 2022 | |
|---|---|
| Iarratais a fuarthas in 2022 | 96 Optaiméadraí agus 16 Radharceolaí Dáiliúcháin |
| Cinntí a rinneadh in 2022 | 74 |
| Athrú BaB ar Líon na nIarratas, 2021 go 2022 | +57 |
| Athrú BaB ar Líon na gCinntí, 2021 go 2022 | +15 |
| Clár nOptaiméadraithe agus na Radharcmheastóirí Dáileacháin (31.12.2022) | 1,185 |

Tá Clár na nOptaiméadraithe agus Clár na Radharceolaithe Dáileacháin ar fáil ar líne ag www.coru.ie.

## Údarás Inniúil

Mar an tÚdarás Inniúil, déanann an Bord Clárúcháin breithniú ar cháilíochtaí idirnáisiúnta lena n-aithint roimh chlárúchán, de réir Threoir (AE) 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle Eorpach. Déantar measúnú ar na cáilíochtaí sin i gcoinne na gcaighdeán inniúlachta a cheanglaítear ar chéimithe a shásamh i bPoblacht na hÉireann.

I gcás go dtagann éagsúlachtaí móra (easnaimh) chun cinn agus an chomparáid á déanamh idir an cháilíocht ghairmiúil agus na caighdeáin inniúlachta, is gá aon oideachas agus oiliúint bhreise agus/nó aon taithí oibre iomchuí bhreise a chur san áireamh. Más ann d’éagsúlachtaí móra i gcónaí, féadfar beart cúiteamh a thairiscint don iarrthóir. An rogha a bheidh ann ná tréimhse oiriúnaithe (tréimhse chleachtaidh faoi mhaoirseacht) chun tabhairt faoi na heasnaimh a aithníodh nó an deis chun dul faoi thriail inniúlachta.

Mar an tÚdarás Inniúil don ghairm, rinne an Bord breithniú ar 90 iarratas le cáilíochtaí idirnáisiúnta a aithint in 2022.

D'aithin an Bord Clárúcháin 34 cáilíocht agus d'éiligh sé ar 56 iarratasóir beart cúitimh a chur i gcrích chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh a aithníodh ina gcáilíocht. Nuair a thugann an tÚdarás Inniúil aitheantas do cháilíocht idirnáisiúnta, ansin bíonn an té a bhain amach an cháilíocht sin incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar chlárúchán.

**Radharceolaí Dáiliúcháin:**
**Staitisticí Achoimre maidir le hAitheantas in 2022**

| Radharceolaithe | |
|---|---|
| Iarratais a fuarthas in 2022 | 16 |
| Cinntí a rinneadh in 2022 | 7 |
| Athrú BaB ar Líon na nIarratas, 2021 go 2022 | 9 |
| Athrú BaB ar Líon na gCinntí, 2021 go 2022 | 2 |
| ***Torthaí in 2022*** | ***7*** |
| Aitheanta (iad go léir) | 7 |
| Bearta Cúitimh a Cuireadh i bhFeidhm | 0 |
| Eile | 0 |

**Optaiméadraithe:**
**Staitisticí Achoimre maidir le hAitheantas in 2022**

| Optaiméadraithe: | |
|---|---|
| Iarratais a fuarthas in 2022 | 122 |
| Cinntí a rinneadh in 2022 | 83 |
| Athrú BaB ar Líon na nIarratas, 2021 go 2022 | 80 |
| Athrú BaB ar Líon na gCinntí, 2021 go 2022 | 33 |
| ***Torthaí in 2022*** | ***83*** |
| Aitheanta (iad go léir) | 27 |
| Bearta Cúitimh a Cuireadh i bhFeidhm | 56 |
| Eile | 0 |

## Oideachas

### Ceadú clár agus monatóireacht orthu

Tá an Bord Clárúcháin Súil-Liachta ag déanamh monatóireachta go fóill ar an gclár seo a leanas:

- Baitsiléir Eolaíochta i nDáileachán Oftalmach, Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath.

# Comhaltaí an Bhoird

## Seamus Boland
Cathaoirleach

Ionadaí Bainistíochta Deonach/ Sláinte Príobháidí/Cúraim Shóisialta

D'fhreastail ar 4 chruinniú as 6 chruinniú



## Vincent Roche
Ionadaí Leasa Pobail

D'fhreastail ar 4 chruinniú as 6 chruinniú



## Owen Blee
Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh

D'fhreastail ar 6 chruinniú as 6 chruinniú



## Michael Moore
Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh

D'fhreastail ar 6 chruinniú as 6 chruinniú




## Richard Brennan
Ionadaí leasa pobail

D'fhreastail ar 4 chruinniú as 6 chruinniú




## Gordon Chambers
Ionadaí Oideachais

D'fhreastail ar 5 chruinniú as 6 chruinniú




## Martin Crowe
Ionadaí Bainistíochta Seirbhíse

D'fhreastail ar 5 chruinniú as 6 chruinniú




## Ursula Byrne
Ionadaí Leasa Pobail

D'fhreastail ar 5 chruinniú as 6 chruinniú




## Paul Arthur Hersee
Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh

D'fhreastail ar 6 chruinniú as 6 chruinniú



## Patrick McAteer
Ionadaí Leasa Pobail

D'fhreastail ar 3 chruinniú as 5 chruinniú



## Declan John Hovenden
Ionadaí Oideachais

D'fhreastail ar 5 chruinniú as 6 chruinniú



## Fionnuala McGee
Ionadaí Bainistíochta Cúraim Phoiblí/Shóisialaigh

D'fhreastail ar 3 chruinniú as 3 chruinniú



## Derville Pitcher
Ionadaí Bainistíochta Seirbhíse

D'fhreastail ar 3 chruinniú as 6 chruinniú



# An Bord Clárúcháin Súil-Liachta: Freastal na gComhaltaí, 2022

| Ainm | Dátaí Éaga | Cruinnithe Boird Sceidealta (6) | Nótaí |
|---|---|---|---|
| Seamus Boland* | 03/02/2023 | 4 | Cathaoirleach |
| Derville Pitcher | 20/07/2025 | 3 | |
| Gordon Chambers | 19/08/2025 | 5 | |
| Vincent Roche | 20/06/2025 | 4 | |
| Paul Arthur Hersee | 10/02/2025 | 6 | |
| Richard Brennan | 03/02/2023 | 4 | |
| Patrick McAteer | 03/02/2023 | 3 | D'éirigh as an 04/10/2022 |
| Martin Crowe | 10/02/2023 | 5 | |
| Owen Blee | 10/02/2023 | 6 | |
| Declan John Hovenden | 10/02/2023 | 5 | |
| Fionnuala McGee | 10/02/2025 | 3 | |
| Michael Moore | 20/07/2025 | 6 | D'éirigh as an 02/06/2022 |
| Ursula Byrne | 19/08/2025 | 5 | |





# 6 Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí

Tá cuntas sa tuarascáil seo ar ghníomhartha Bhord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí in 2022, arna cur faoi bhráid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh lena cur san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil na Comhairle, 2022, faoi mar a cheanglaítear faoi Alt 25 (1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú).

## Brollach

Le linn 2022, tháinig Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí le chéile naoi n-uaire chun leanúint lena gcuid oibre maidir le riaradh, bainistiú agus forbairt a ngairme.

Gné bhunriachtanach dár ról is ea sábháilteacht an phobail agus cosaint úsáideoirí seirbhíse agus, chun an pobal a chosaint, is gá dúinn freastal ar na gairmeacha atá á rialáil againn trína chinntiú go mbíonn caighdeán oideachais na ngairmeacha sin á chosaint againn. Tá Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí ag leanúint air ag déanamh monatóireacht agus faomhadh ar chúrsaí ó réimse leathan soláthraithe oideachais. Táimid ag tnúth le fáilte a chur roimh chéimithe amach anseo ó na cúrsaí seo ag CORU chomh maith le bheith ag obair le gach cláraí chun a chinntiú go gcuirtear na caighdeáin is airde ar fáil go comhsheasmhach d'úsáideoirí seirbhíse in Éirinn.

Ba mhaith linn buíochas ar leith a ghabháil le comhaltaí uile an Bhoird, idir chomhaltaí reatha agus iar-chomhaltaí. Is ar bhonn deonach a ghlacann na comhaltaí páirt agus is mór againn a dtiomantas agus a rannpháirt.

**Róisín O'Hanlon**
*Cathaoirleach*
*Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí*

**Ginny Hanrahan**
*Cláraitheoir*
*Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí*

## Cúlra

### Cheap an tAire Sláinte comhaltaí Bhord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí ar an 20 Bealtaine 2014 ar bhonn fógra ceapacháin phoiblí.

Tá foráil san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005, (arna leasú) do cheapadh 13 chomhalta dheonacha chun an Bhoird Clárúcháin. Ní íoctar luach saothair le comhaltaí an Bhoird ach amháin rátaí caighdeánacha taistil agus cothaithe na seirbhíse poiblí.

Is comhaltaí tuata iad seachtar comhaltaí den Bhord Clárúcháin, agus is ionadaithe ón ngairm iad an seisear eile a dhéanann ionadaíocht ar na nithe seo a leanas:

- Bainistiú na seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm
- Oideachas agus oiliúint na gairme
- Cleachtadh na gairme.

Is í Róisín O'Hanlon Cathaoirleach reatha Bhord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí.

Tháinig Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí le chéile naoi n-uaire in 2022.

## Ról

Faoin Acht, is é an ról atá ag Boird Chlárúcháin CORU an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin a chur chun cinn maidir le hiompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht trí chlárúchán reachtúil a dhéanamh ar ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh.

Tá Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí de chuid CORU freagrach as an méid seo a leanas:

- Clár comhaltaí do na gairmeacha a chur ar bun agus a chothabháil
- Cáilíochtaí arna mbronnadh lasmuigh den Stát a mheas agus a aithint
- Cláir oideachais agus oiliúna a cheadú agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- Na riachtanais maidir le filleadh ar chleachtadh a leagan amach
- An Cód Iompair Ghairmiúil agus Eitice a cheapadh
- Na riachtanais maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach a leagan amach.

## Ceapacháin / Toghcháin

I mí na Bealtaine 2022, chuir an Bord go leor athruithe in iúl, lena n-áirítear athcheapadh Miriam O'Callaghan agus Eamonn Grennan. D'fhógair an Bord freisin go ndeachaigh téarmaí oifige Gillian Walker, Anne Horgan, Catherine Doody, Jane Carolan agus Padraig Heverin in éag. Ghabh an Bord buíochas leis na comhaltaí go léir ar tháinig deireadh lena téarmaí oifige as a gcuid ama agus as an méid a chuir siad leis an mBord.

I mí Lúnasa 2022, d'fháiltigh an Bord roimh cheapacháin Joanne Dowds agus Sheelagh MacNeill mar ionadaithe atá ag cleachtadh sa ghairm. D'fháiltigh an Bord freisin roimh cheapachán Róisín O'Hanlon ar an mBord mar ionadaí bainistíochta seirbhíse. I mí Lúnasa, ghlac an Bord le fógra gur éirigh Fearghal Grimes as oifig agus ghabh sé buíochas leis as a thréimhse ar an mBord.

I mí Mheán Fómhair 2022, thogh an Bord Róisín O'Hanlon mar Chathaoirleach ar an mBord.

Ag deireadh 2022, bhí dhá fholúntas ar Bhord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí.

## Clárúcháin

Bhí 5,610 fisiteiripeoir san iomlán cláraithe le Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí amhail ar an 31 Nollaig 2022.

Tá an obair fós ar bun chun iarratais chlárúcháin nua a phróiseáil. Caithfidh an Bord Clárúcháin a bheith sásta go gcomhlíonann na hiarratasóirí na riachtanais ar fad le clárú.

Rinne an Roinn Clárúcháin athbhreithniú rialta ar a cuid sonraí chun a chinntiú go ndéileáiltear le hiarratasóirí go tráthúil.

**Iarratasóirí:**

- Ní mór don duine sin a bheith ina dhuine cuí oiriúnach chun an ghairm a chleachtadh.

**I gcás iontrálaithe nua:**

- Ní mór cáilíocht cheadaithe a bheith acu a chomhlíonann na caighdeáin inniúlachta atá leagtha síos ag CORU
- Ní mór eolas leordhóthanach a bheith acu ar an teanga is gá chun cleachtadh sa Stát.

Caithfidh gach iarratasóir ar chlárúchán dul faoi ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána mar chuid den phróiseas clárúcháin.

**Faoi Nollaig 2022:**

- Fuarthas 438 iarratas chun dul isteach sa Chlár.
- D'fhág 106 cláraí an Clár as a ndeoin féin.
- baineadh 49 cláraithe den Chlár toisc nár íoc siad na táillí athnuachana..

**Fisiteiripeoirí:**
**Staitisticí Achoimre maidir le Clárúcháin in 2022**

| Fisiteiripeoirí: | |
|---|---|
| Iarratais a fuarthas in 2022 | 438 |
| Cinntí a rinneadh in 2022 | 401 |
| Athrú BaB ar Líon na nIarratas, 2021 go 2022 | +73 |
| Athrú BaB ar Líon na gCinntí, 2021 go 2022 | -325 |
| Clárl na bhFisiteiripeoirí (31.12.2022) | 5,610 |

Tá Clár na bhFisiteiripeoirí ar fáil ar líne ag www.coru.ie.

## Údarás Inniúil

Mar an tÚdarás Inniúil, déanann an Bord Clárúcháin breithniú ar cháilíochtaí idirnáisiúnta lena n-aithint roimh chlárúchán, de réir Threoir (AE) 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle Eorpach. Déantar measúnú ar na cáilíochtaí sin i gcoinne na gcaighdeán inniúlachta a cheanglaítear ar chéimithe a shásamh i bPoblacht na hÉireann.

I gcás go dtagann éagsúlachtaí móra (easnaimh) chun cinn agus an chomparáid á déanamh idir an cháilíocht ghairmiúil agus na caighdeáin inniúlachta, is gá aon oideachas agus oiliúint bhreise agus/nó aon taithí oibre iomchuí bhreise a chur san áireamh. Más ann d'éagsúlachtaí móra i gcónaí, féadfar beart cúiteamh a thairiscint don iarrthóir. An rogha a bheidh ann ná tréimhse oiriúnaithe (tréimhse chleachtaidh faoi mhaoirseacht) chun tabhairt faoi na heasnaimh a aithníodh nó an deis chun dul faoi thriail inniúlachta.

Mar an tÚdarás Inniúil don ghairm, rinne an Bord breithniú ar 209 iarratas le cáilíochtaí idirnáisiúnta a aithint in 2022.

D'aithin an Bord Clárúcháin 133 cáilíocht agus d'éiligh sé ar 76 iarratasóir beart cúitimh a chur i gcrích chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh a aithníodh ina gcáilíocht. Nuair a thugann an tÚdarás Inniúil aitheantas do cháilíocht idirnáisiúnta, ansin bíonn an té a bhain amach an cháilíocht sin incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar chlárúchán.

**Fisiteiripeoirí:**
**Staitisticí Achoimre maidir le hAitheantas in 2022**

| Fisiteiripeoir | |
|---|---|
| Iarratais a fuarthas in 2022 | 276 |
| Cinntí a rinneadh in 2022 | 209 |
| Athrú BaB ar Líon na nIarratas, 2021 go 2022 | 106 |
| Athrú BaB ar Líon na gCinntí, 2021 go 2022 | 47 |
| ***Torthaí in 2022*** | ***209*** |
| Aitheanta (iad go léir) | 133 |
| Bearta Cúitimh a Cuireadh i bhFeidhm | 76 |
| Eile | 0 |

## Oideachas

### Ceadú agus monatóireacht cláir

Bhí Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí sásta maidir le hoiriúnacht leanúnach an chláir seo a leanas in 2022:

- Máistir Eolaíochta san Fhisiteiripe, Ollscoil Luimnigh

Tá Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí ag déanamh monatóireachta go fóill ar an gclár seo a leanas:

- Baitsiléir Eolaíochta san Fhisiteiripe, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath



# Comhaltaí an Bhoird

## Róisín O'Hanlon
Cathaoirleach

Ionadaí Bainistíochta Seirbhíse

D'fhreastail ar 3 chruinniú as 3 chruinniú




## Gillian Walker
Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh

D'fhreastail ar 4 chruinniú as 4 chruinniú



## Jane Carolan
Deonach/Príobháideach. Ionadaí Bainistíochta Sláinte/ Cúraim Shóisialaigh

D'fhreastail ar 2 chruinniú as 4 chruinniú



## Catherine Doody
Deonach/Príobháideach. Ionadaí Bainistíochta Sláinte/ Cúraim Shóisialaigh

D'fhreastail ar 1 chruinniú as 4 chruinniú



## Eamonn Grennan
Ionadaí Leasa Pobail

D'fhreastail ar 5 chruinniú as 9 gcruinniú




## Róna McLoughlin
Ionadaí Bainistíochta Seirbhíse

D'fhreastail ar 7 gcruinniú as 9 gcruinniú




## Maeve Cleary
Ionadaí Oideachais

D'fhreastail ar 5 chruinniú as 9 gcruinniú




## John Biggins
Ionadaí Leasa Pobail

D'fhreastail ar 6 chruinniú as 9 gcruinniú




## Miriam O'Callaghan
Ionadaí Leasa Pobail

D'fhreastail ar 9 gcruinniú as 9 gcruinniú




## Joanne Dowds
Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh

D'fhreastail ar 3 chruinniú as 3 chruinniú




## Sheelagh McNeill
Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh

D'fhreastail ar 3 chruinniú as 3 chruinniú




## Corinne Evans
Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh

D'fhreastail ar 7 gcruinniú as 9 gcruinniú




## Fearghal Grimes
Deonach/Príobháideach. Bainistíocht Sláinte/Cúraim Shóisialaigh

D'fhreastail ar 3 chruinniú as 3 chruinniú




## Padraig Heverin
Ionadaí leasa pobail

D'fhreastail ar 2 chruinniú as 4 chruinniú



## Anne Horgan
Ionadaí Bainistíochta Seirbhíse

D'fhreastail ar 3 chruinniú as 4 chruinniú



# Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí: Freastal na gComhaltaí, 2022

| Ainm | Dátaí Éaga | Cruinnithe Boird Sceidealta (9) | Nótaí |
|---|---|---|---|
| Róisín O'Hanlon* | 04/08/2026 | 3 | Cathaoirleach (Ceaptha an 31/08/2022) |
| Sheelagh MacNeill | 04/08/2026 | 3 | Ceaptha an 31/08/2022 |
| Corinne Evans | 20/07/2025 | 7 | |
| Rona McLaughlin | 20/07/2025 | 7 | |
| Joanne Dowds | 04/08/2026 | 3 | Ceaptha an 31/08/2022 |
| Maeve Cleary | 19/05/2024 | 5 | |
| John Biggins | 19/05/2024 | 6 | |
| Miriam O'Callaghan | 19/05/2026 | 9 | Téarma in éag an 19/05/2022 Athcheaptha an 20/05/2022 |
| Eamonn Grennan | 19/05/2026 | 5 | Téarma in éag an 19/05/2022 Athcheaptha an 20/05/2022 |
| Gillian Walker | 19/05/2022 | 4 | Téarma in éag an 19/05/2022 |
| Anne Horgan | 19/05/2022 | 3 | Téarma in éag an 19/05/2022 |
| Catherine Doody | 19/05/2022 | 1 | Téarma in éag an 19/05/2022 |
| Jane Carolan | 19/05/2022 | 2 | Téarma in éag an 19/05/2022 |
| Padraig Heverin | 19/05/2022 | 2 | Téarma in éag an 19/05/2022 |
| Fearghal Grimes | 19/05/2024 | 2 | D’éirigh as an 04/08/2022 |



# 7 Bord Clárúcháin na gCoslianna

Tá cuntas sa tuarascáil seo ar ghníomhartha Bord Clárúcháin na gCoslianna in 2022, arna cur faoi bhráid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh lena cur san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil na Comhairle, 2022, faoi mar a cheanglaítear faoi Alt 25(1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú).

## Brollach

Le linn 2022, tháinig Bord Clárúcháin na gCoslianna le chéile sé huaire ar bhonn hibrideach, agus meascán de chruinnithe le daoine i láthair go pearsanta agus seisiúin fhíorúla in úsáid. Osclaíodh an Clár do Choslianna an 31 Márta 2021 agus ón dáta sin i leith tá an Bord ag obair ar cháilíochtaí oideachais a chosaint agus iarratais ar chlárú chuig an gClár a fhaomhadh.

In 2022, chuir an Roinn Sláinte in iúl don Bhord go mbeadh 'Chiropodist' ina theideal cosanta. Tugann an t-aistriú chuig clárú reachtúil do choslianna leis an teideal ‘Podiatrist’ agus ‘Chiropodist’ araon cosaint níos fearr don phobal trí chaighdeáin iompair, eitice agus feidhmíochta, oiliúint oideachais agus inniúlacht a leagan síos dóibh siúd ar éirigh leo ar glacadh lena n-iarratais chun clárú. Is iad na cleachtóirí a chloíonn leis na caighdeáin atá leagtha amach ag Bord Clárúcháin na gCoslianna, agus na cleachtóirí sin amháin, a bheidh i dteideal dul i mbun cleachtaidh faoin teideal.

Ar an 31 Nollaig 2022, bhí 135 Coslianna cláraithe le CORU. Tá súil ag an mBord Clárúcháin go dtiocfaidh méadú mór ar an líon sin in 2023 de réir mar a thagann cleachtóirí chun cinn chun clárú mar choslianna faoin teideal 'Podiatrist' nó faoin teideal 'Chiropodist'. Is cloch mhíle thábhachtach í 2023 don ghairm seo mar ar an 31 Márta 2023, tiocfaidh deireadh leis an idirthréimhse do choslianna atá ag iarraidh clárú trí bhíthin na hidirthréimhse chlárúcháin do chleachtóirí reatha.

Ba mhaith linn buíochas ar leith a ghabháil le comhaltaí uile an Bhoird, idir chomhaltaí reatha agus iar-chomhaltaí. Táimid ag tnúth le bheith ag obair le chéile in 2023 agus muid ag leanúint lenár n-obair thábhachtach chun an ghairm a rialáil ar mhaithe le sábháilteacht an phobail.

**Catherine Clune Mulvaney**

*Cathaoirleach*

*Bord Clárúcháin na gCoslianna*

**Ginny Hanrahan**

*Cláraitheoir*

*Bord Clárúcháin na gCoslianna*

## Cúlra

### Cheap an tAire Sláinte Bord Clárúcháin na gCoslianna i mí Dheireadh Fómhair 2018.

Tá foráil san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005, (arna leasú) do cheapadh 13 chomhalta dheonacha chun an Bhoird. Ní íoctar aon luach saothair le comhaltaí atá ag fónamh ar an mBord, seachas rátaí caighdeánacha taistil agus cothaithe na seirbhíse poiblí.

Is comhaltaí tuata iad seachtar comhaltaí den Bhord Clárúcháin, agus is ionadaithe ón ngairm iad an seisear eile a dhéanann ionadaíocht ar na nithe seo a leanas:

- Bainistiú na seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm
- Oideachas agus oiliúint na gairme
- Cleachtadh na gairme.

Is í Catherine Clune Mulvaney Cathaoirleach reatha Bhord Clárúcháin na gCoslianna.

In 2022, tháinig Bord Clárúcháin na gCoslianna le chéile sé huaire

## Ról

Faoin Acht, is é an ról atá ag Boird Chlárúcháin CORU an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin a chur chun cinn maidir le hiompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht trí chlárúchán reachtúil a dhéanamh ar ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh.

Tá Bord Clárúcháin na gCoslianna de chuid CORU freagrach as na nithe seo a leanas:

- Clár comhaltaí don ghairm a chur ar bun agus a chothabháil
- Cáilíochtaí arna mbronnadh lasmuigh den Stát a mheas agus a aithint
- Cláir oideachais agus oiliúna a cheadú agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- Na riachtanais maidir le filleadh ar chleachtadh a leagan amach
- An Cód Iompair Ghairmiúil agus Eitice a cheapadh
- Na riachtanais maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach a leagan amach.

## Ceapacháin / Toghcháin

I mí Dheireadh Fómhair 2022, luaigh an Bord go ndeachaigh téarmaí oifige Cheryl O'Neill agus Sean Dineen in éag agus ghabh sé buíochas leo as an méid a rinne siad le linn a gcuid ama. I mí Dheireadh Fómhair, chuir an Bord fáilte roimh athcheapadh Angela McAnearney, David Watterson, Kieran O'Leary, Aonghus O'Loughlin, agus Catherine Clune Mulvaney.

Ag deireadh na bliana 2022, bhí trí fholúntas ar Bhord Clárúcháin na gCoslianna do bheirt bhall a bhí ag gabháil do chleachtadh na gairme agus ball amháin a raibh baint acu le hoideachas.

## Clárúcháin

Bhí 135 coslianna cláraithe ag Bord Clárúcháin na nDiaitéiteach ar an 31 Nollaig 2022.

Tá an obair fós ar bun chun iarratais chlárúcháin nua a phróiseáil. Caithfidh an Bord Clárúcháin a bheith sásta go gcomhlíonann na hiarratasóirí na riachtanais ar fad le clárú.

**Iarratasóirí:**

- Ní mór don duine sin a bheith ina dhuine cuí oiriúnach chun an ghairm a chleachtadh.

**I gcás iontrálaithe nua:**

- Ní mór cáilíocht cheadaithe a bheith acu a chomhlíonann na caighdeáin inniúlachta atá leagtha síos ag CORU
- Ní mór eolas leordhóthanach a bheith acu ar an teanga is gá chun cleachtadh sa Stát.

Caithfidh gach iarratasóir ar chlárúchán dul faoi ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána mar chuid den phróiseas clárúcháin.

**Faoi Nollaig 2022:**

- Fuarthas 166 iarratas chun dul isteach sa Chlár.
- D'fhág 1 chláraí an Clár dá dheoin féin.
- Ní raibh aon tréimhse athnuachana ann do Choslianna in 2022.

**Coslianna:**
**Staitisticí Achoimre maidir le Clárúcháin in 2022**

| Coslianna: Staitisticí Achoimre maidir le Clárúcháin in 2022 | |
|---|---|
| Iarratais a fuarthas in 2022 | 166 |
| Cinntí a rinneadh in 2022 | 105 |
| Bord Clárúcháin na gCoslianna (31.12.2022) | 135 |

Tá Clár na gCoslianna ar fáil ar líne ag www.coru.ie.

## Údarás Inniúil

Mar an tÚdarás Inniúil, déanann an Bord Clárúcháin breithniú ar cháilíochtaí idirnáisiúnta lena n-aithint roimh chlárúchán, de réir Threoir (AE) 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle Eorpach. Déantar measúnú ar na cáilíochtaí sin i gcoinne na gcaighdeán inniúlachta a cheanglaítear ar chéimithe a shásamh i bPoblacht na hÉireann.

I gcás go dtagann éagsúlachtaí móra (easnaimh) chun cinn agus an chomparáid á déanamh idir an cháilíocht ghairmiúil agus na caighdeáin inniúlachta, is gá aon oideachas agus oiliúint bhreise agus/nó aon taithí oibre iomchuí bhreise a chur san áireamh. Más ann d'éagsúlachtaí móra i gcónaí, féadfar beart cúiteamh a thairiscint don iarrthóir. An rogha a bheidh ann ná tréimhse oiriúnaithe (tréimhse chleachtaidh faoi mhaoirseacht) chun tabhairt faoi na heasnaimh a aithníodh nó an deis chun dul faoi thriail inniúlachta.

Mar an tÚdarás Inniúil don ghairm, rinne an Bord breithniú ar 5 iarratas le cáilíochtaí idirnáisiúnta a aithint in 2022.

D'aithin an Bord Clárúcháin 5 cháilíocht agus d'éiligh sé ar 0 iarratasóir beart cúitimh a chur i gcrích chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh a aithníodh ina gcáilíocht.

Nuair a thugann an tÚdarás Inniúil aitheantas do cháilíocht idirnáisiúnta, ansin bíonn an té a bhain amach an cháilíocht sin incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar chlárúchán.

**Coslianna:**
**Staitisticí Achoimre maidir le hAitheantas in 2022**

| Coslianna | |
|---|---|
| Iarratais a fuarthas in 2022 | 18 |
| Cinntí a rinneadh in 2022 | 5 |
| Athrú BaB ar Líon na nIarratas, 2021 go 2022 | 12 |
| Athrú BaB ar Líon na gCinntí, 2021 go 2022 | 4 |
| ***Torthaí in 2022*** | ***5*** |
| Aitheanta (iad go léir) | 5 |
| Bearta Cúitimh a Cuireadh i bhFeidhm | 0 |
| Eile | 0 |

## Oideachas

### Fodhlíthe

D'eisigh Bord Clárúcháin na gCoslianna an dréacht-Fhodhlí um Chlár na gCáilíochtaí Faofa de chuid Bhord Clárúcháin na gCoslianna 2022 le haghaidh comhairliúcháin phoiblí an 19 Meán Fómhair 2022 ina liostaítear an Baitsiléir Eolaíochta sa Chosmhíochaine, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, mar fhianú ar an gcaighdeán inniúlachta a theastaíonn le clárú i Rannán na gCoslianna den Chlár.

Déanfaidh an Bord a Fhodhlí um Cháilíochtaí Faofa in 2023.

### Ceadú clár agus monatóireacht orthu

D'fhaomh Bord Clárúcháin na nDiatéiteach an clár oideachais agus oiliúna seo a leanas:

- Baitsiléir Eolaíochta sa Chosmhíochaine, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh



# Comhaltaí an Bhoird

## Catherine Clune Mulvaney
Cathaoirleach

Ionadaí Leasa Pobail

D'fhreastail ar 4 chruinniú as 6 chruinniú



## Noel Beecher
Ionadaí Leasa Pobail

D'fhreastail ar 6 chruinniú as 6 chruinniú



## Sean Dinneen
Ionadaí Oideachais

D'fhreastail ar 3 chruinniú as 5 chruinniú



## Angela McAnearney
Ionadaí Leasa Pobail

D'fhreastail ar 6 chruinniú as 6 chruinniú




## Caroline McIntosh
Ionadaí Oideachais

D'fhreastail ar 4 chruinniú as 6 chruinniú



## Éamonn Kelly
Ionadaí Leasa Pobail

D'fhreastail ar 4 chruinniú as 6 chruinniú



## Kieran O'Leary
Ionadaí Bainistíochta Sláinte Príobháidí/Cúraim Shóisialta

D'fhreastail ar 4 chruinniú as 6 chruinniú



## Aonghus O'Loughlin
Ionadaí Leasa Pobail

D'fhreastail ar 5 chruinniú as 6 chruinniú



## Cheryl O'Neill
Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh

D'fhreastail ar 5 chruinniú as 5 chruinniú



## Martina Ryan
Ionadaí Bainistíochta Cúraim Phoiblí/Shóisialaigh

D'fhreastail ar 5 chruinniú as 6 chruinniú



## Julia Shaw
Ionadaí Bainistíochta Seirbhíse

D'fhreastail ar 5 chruinniú as 6 chruinniú



## David Watterson
Ionadaí Bainistíochta Seirbhíse

D'fhreastail ar 3 chruinniú as 6 chruinniú



# Bord Clárúcháin na gCoslianna: Freastal na gComhaltaí, 2022

| Ainm | Dátaí Éaga | Cruinnithe Boird Sceidealta (6) | Nótaí |
|---|---|---|---|
| Catherine Clune Mulvaney | 15/10/2026 | 4 | Téarma in éag an 15/10/2022<br>Athcheaptha an 16/10/2022 |
| Cheryl O'Neill | 15/10/2022 | 5 | Téarma in éag an 15/10/2022 |
| Angela McAnearney | 15/10/2026 | 6 | Téarma in éag an 15/10/2022<br>Athcheaptha an 16/10/2022 |
| Julia Shaw | 15/10/2024 | 5 | |
| David Watterson | 15/10/2026 | 3 | Téarma in éag an 15/10/2022<br>Athcheaptha an 16/10/2022 |
| Caroline McIntosh | 15/10/2024 | 4 | |
| Martina Ryan | 15/10/2024 | 5 | |
| Kieran O'Leary | 15/10/2026 | 4 | Téarma in éag an 15/10/2022<br>Athcheaptha an 16/10/2022 |
| Sean Dinneen | 15/10/2022 | 3 | Téarma in éag an 15/10/2022 |
| Noel Beecher | 15/10/2024 | 6 | |
| Éamonn Kelly | 15/10/2024 | 4 | |
| Aonghus O'Loughlin | 15/10/2026 | 5 | Téarma in éag an 15/10/2022<br>Athcheaptha an 16/10/2022 |



# 8 Bord Clárúcháin na Síceolaithe

Tá cuntas sa tuarascáil seo ar ghníomhartha Bord Clárúcháin na Síceolaithe in 2022, arna cur faoi bhráid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh lena cur san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil na Comhairle, 2022, faoi mar a cheanglaítear faoi Alt 25(1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú).

## Brollach

In 2022, tháinig Bord Clárúcháin na Síceolaithe (an Bord) le chéile cúig huaire agus lean sé ar ag díriú ar chreat rialála a fhorbairt don ghairm i gcomhréir leis an Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, in a leagtar amach an chaoi a bhfuil an ghairm le rialú.

Tá an obair a bhaineann le clár a oscailt do ghairm cosúil leis an tsíceolaíocht casta. Tá an Bord ag smaoineamh ar chur chuige déshrutha agus céimnithe a chur i bhfeidhm chun an ghairm a rialáil. Chun é seo a dhéanamh, táimid ag scrúdú cé na speisialtóirí síceolaíochta ar cheart tosaíocht a thabhairt dóibh le haghaidh rialacháin chun moladh a dhéanamh don Aire Sláinte.

Cuirfear nuashonruithe iomlána ar dhul chun cinn obair Bhord Clárúcháin na Síceolaithe ar fáil ar shuíomh gréasáin CORU agus ar nuachtlitir CORU do gach páirtí leasmhar agus síntiúsóir.

Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghlacadh leis na Comhaltaí Boird as a dtiomantas don ról i rith bhlianta tosaigh an Bhoird Clárúcháin. Táimid ag tnúth le bheith ag obair le chéile in 2023 agus dul chun cinn tábhachtach a dhéanamh i dtreo rialáil reachtúil síceolaithe in Éirinn.

**Paul Longmore**

*Cathaoirleach*

*Bord Clárúcháin na Síceolaithe*

**Ginny Hanrahan**

*Cláraitheoir*

*Bord Clárúcháin na Síceolaithe*

## Cúlra

### Cheap an tAire Sláinte Bord Clárúcháin na Síceolaithe in Iúil 2017.

Tá foráil san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005, (arna leasú) do cheapadh 13 chomhalta dheonacha chun an Bhoird Clárúcháin. Ní íoctar aon luach saothair le comhaltaí atá ag fónamh ar an mBord, seachas rátaí caighdeánacha taistil agus cothaithe na seirbhíse poiblí.

Is comhaltaí tuata iad seachtar comhaltaí den Bhord Clárúcháin, agus is ionadaithe ón ngairm iad an seisear eile a dhéanann ionadaíocht ar na nithe seo a leanas:

- Bainistiú na seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm,
- Oideachas agus oiliúint na gairme
- Cleachtadh na gairme.

Is é Paul Longmore Cathaoirleach reatha an Bhoird Clárúcháin Síceolaithe.

In 2022, tháinig Bord Clárúcháin na Síceolaithe le chéile cúig huaire.

## Ról

Faoin Acht, is é an ról atá ag Boird Chlárúcháin CORU an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin a chur chun cinn maidir le hiompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht trí chlárúchán reachtúil a dhéanamh ar ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh.

Tá Bord Clárúcháin na Síceolaithe ag CORU freagrach as na nithe seo a leanas:

- Clár comhaltaí don ghairm a chur ar bun agus a chothabháil
- Cáilíochtaí arna mbronnadh lasmuigh den Stát a mheas agus a aithint
- Cláir oideachais agus oiliúna a cheadú agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- Na riachtanais maidir le filleadh ar chleachtadh a leagan amach
- An Cód Iompair Ghairmiúil agus Eitice a leagan amach
- Na riachtanais maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach a leagan amach.

## Ceapacháin / Toghcháin

Le linn 2022, d'aithin an Bord gur éirigh Niall Byrne as mar ionadaí leasa phoiblí, Gráinne Kirwan mar ionadaí a bhí ag gabháil d'oideachas na gairme agus Kathleen Vickers mar ionadaí ar leas an phobail i gcoitinne agus cuireadh buíochas ar leith in iúl dóibh go léir as a gcuid ama ar an mBord.

Ag deireadh 2022 bhí ceithre fholúntas ag an mBord Clárúcháin Síceolaithe, lena n-áirítear dhá cheann sa chatagóir a bhaineann le leas an phobail, ceann amháin sa chatagóir oideachais, agus ceann amháin sa chatagóir a bhaineann le bainistíocht san earnáil deonach/príobháideach, agus sláinte/cúraim shóisialta.

## Straitéis agus Beartas

Lean an Bord ar aghaidh ag fiosrú na roghanna atá ar fáil chun rialáil Síceolaithe a chur chun cinn tar éis an aiseolais a fuarthas don chomhairliúchán tosaigh ar na dréacht-Chaighdeáin Inniúlachta don ghairm agus na Critéir do Chláir Oideachais agus Oiliúna in 2021.

Fuair an Bord treoir ón Aire Sláinte maidir leis an mbealach is fearr le dul ar aghaidh le rialáil na gairme i mí Lúnasa 2022 le príomhfhócas ar chosaint an phobail.

Tá an Bord ag obair chun an treoir atá leagtha síos ag an Aire a chur i bhfeidhm chun rialáil na gairme a chur chun cinn trí úsáid a bhaint as cur chuige céimnithe, déshrutha oibre a chuirfidh rialáil speisialtóirí síceolaíochta chun cinn ar an gcéad dul síos, agus ag an am céanna leanúint ar aghaidh ag obair i dtreo chuspóir fadtéarmach an teideal 'Síceolaí' a chosaint .

Leanfaidh an Bord leis an obair seo a chur chun cinn in 2023.



# Comhaltaí an Bhoird

## Paul Longmore

Cathaoirleach

Ionadaí Bainistíochta Deonach/ Sláinte Príobháidí/Cúraim Shóisialta

D'fhreastail ar 3 chruinniú as 5 chruinniú



## Niall Byrne

Ionadaí Leasa Pobail

D'fhreastail ar 0 cruinniú as 2 chruinniú



## Joan Fitzgerald

Ionadaí Leasa Pobail

D'fhreastail ar 4 chruinniú as 5 chruinniú



## Sinead Fitzgerald

Ionadaí Bainistíochta Seirbhíse

D'fhreastail ar 5 chruinniú as 5 chruinniú



## Gráinne Kirwan

Ionadaí Oideachais

D'fhreastail ar 2 chruinniú as 3 chruinniú



## Edel Moloney

Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh

D'fhreastail ar 4 chruinniú as 5 chruinniú



## Kathleen Vickers

Ionadaí Leasa Pobail

D'fhreastail ar 1 chruinniú as 4 chruinniú



## Eimear Spain

Ionadaí Oideachais

D'fhreastail ar 4 chruinniú as 5 chruinniú



## Fiona Weldon

Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh

D'fhreastail ar 3 chruinniú as 5 chruinniú



## Kieran Woods

Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh

D'fhreastail ar 1 chruinniú as 5 chruinniú



## Ian Boyle Harper

Ionadaí Leasa Pobail

D'fhreastail ar 3 chruinniú as 5 chruinniú




## An tUas. Stephen Kealy

Ionadaí Bainistíochta Seirbhíse

D'fhreastail ar 5 chruinniú as 5 chruinniú



# Bord Clárúcháin na Síceolaithe: Freastal na gComhaltaí, 2022

| Ainm | Dátaí Éaga | Cruinnithe Boird Sceidealta (5) | Nótaí |
|---|---|---|---|
| Paul Longmore* | 20/07/2023 | 3 | Cathaoirleach |
| Edel Moloney | 20/07/2023 | 4 | |
| Kieron Woods | 20/07/2023 | 1 | |
| Sinead Fitzgerald | 20/07/2025 | 5 | |
| An tUas. Stephen Kealy | 20/07/2024 | 5 | |
| Fiona Weldon | 20/07/2025 | 3 | |
| Eimear Spain | 20/07/2025 | 4 | |
| Joan Fitzgerald | 20/07/2025 | 4 | |
| Kathleen Vickers | 20/07/2025 | 1 | D'éirigh as an 18/10/2022 |
| Ian Boyle Harper | 20/07/2023 | 3 | |
| Niall Byrne | 20/07/2023 | 0 | D'éirigh as an 07/06/2022) |
| Gráinne Kirwan | 20/07/2025 | 2 | D'éirigh as an 09/09/2022 |



# 9 Bord Clárúcháin na Radagrafaithe*

Tá cuntas sa tuarascáil seo ar ghníomhartha Bhord Clárúcháin na Radagrafaithe in 2022, arna cur faoi bhráid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh lena cur san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil na Comhairle, 2022, faoi mar a cheanglaítear faoi Alt 25 (1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú).

## Brollach

Tháinig Bord Clárúcháin na Radagrafaithe (An Bord) le chéile 9 n-uaire in 2022. Ag glacadh le samhail hibrideach, bhí meascán de sheisiúin le comhaltaí i láthair go pearsanta agus cruinnithe fíorúla ann i rith na bliana.

Is gné lárnach í an fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) maidir le soláthar leanúnach seirbhísí sábháilte, éifeachtacha chun leasa na n-úsáideoirí seirbhíse. Measann an Bord go bhfuil Forbairt Ghairmiúil Leanúnach ina bunchloch do gach gairmí sláinte agus cúraim shóisialta agus tá aidhmeanna straitéiseacha i bhfeidhm aige a léiríonn an tuairim sin. Cuireadh iniúchadh ar thaifid FGL cláraithe don tréimhse 01 Samhain 2020 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2022 i gcrích chun a chinntiú gur chomhlíon caighdeáin agus cleachtas FGL na leibhéil riachtanacha mar atá leagtha amach ag an mBord.

Bhí 2,987 radagrafaí agus 514 teiripeoir radaíochta san iomlán cláraithe le Bord Clárúcháin na Radagrafaithe amhail ar an 31 Nollaig 2022. Tá Rannán na Raideagrafaithe agus Rannán na dTeiripeoirí Radaíochta den Chlár ar fáil ar líne ag www.coru.ie.

Aithnímid go bhfuil an obair a dhéanann CORU ag brath ar obair chrua agus ar dhíograis ár gcomhaltaí Boird, idir chomhaltaí reatha agus iarchomhaltaí. Ba mhaith linn ár bhfíorbhuíochas a chur in iúl maidir le hiarratas, dúthracht agus tiomantas gach comhalta Boird do Bhord Clárúcháin na Radagrafaithe agus dá chuid oibre reachtúla le linn 2022.

**Niamh Moran**

*Cathaoirleach*

*An Bord Cláraithe Radagrafaithe*

**Ginny Hanrahan**

*Cláraitheoir*

*An Bord Cláraithe Radagrafaithe*

## Cúlra

Cheap an tAire Sláinte Bord Clárúcháin na Radagrafaithe in Eanáir 2012. Tá foráil san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005, (arna leasú) do cheapadh 13 chomhalta dheonacha chun an Bhoird Clárúcháin. Ní íoctar aon luach saothair le comhaltaí atá ag fónamh ar an mBord Clárúcháin, seachas rátaí caighdeánacha taistil agus cothaithe na seirbhíse poiblí.

Is comhaltaí tuata iad seachtar comhaltaí den Bhord Clárúcháin, agus is ionadaithe ón ngairm iad an seisear eile a dhéanann ionadaíocht ar na nithe seo a leanas:

- Bainistiú na seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm,
- Oideachas agus oiliúint na gairme
- Cleachtadh na gairme.

Is í Niamh Moore Cathaoirleach reatha Bhord Clárúcháin na Radagrafaithe.

Tháinig Bord Clárúcháin na Radagrafaithe le chéile 9 n-uaire in 2022.

## Ról

Faoin Acht, is é an ról atá ag Boird Chlárúcháin CORU an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin a chur chun cinn maidir le hiompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht trí chlárúchán reachtúil a dhéanamh ar ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh.

Tá na feidhmeanna seo a leanas ag an mBord Cláraithe Radagrafaithe dá réir sin:

- Clár comhaltaí don ghairm a chur ar bun agus a chothabháil
- Cáilíochtaí arna mbronnadh lasmuigh den Stát a mheas agus a aithint
- Cláir oideachais agus oiliúna a cheadú agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- An Cód Iompair Ghairmiúil agus Eitice a cheapadh
- Na riachtanais maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach a leagan amach.

## Toghcháin / Ceapacháin

I mí Eanáir 2022, luaigh an Bord go ndeachaigh téarma oifige Edel Smyth in éag mar ionadaí leasa phoiblí agus ghabh sé buíochas léi as an méid a rinne sí. D’aithin an Bord freisin athcheapadh Deirdre O'Keeffe, David Delaney agus Carmel Breaden.

I mí an Mhárta, d’fhógair Bord go leor athruithe, lena n-áirítear athcheapacháin Claire Hogan agus Michelle Leech. D'fháiltigh an Bord freisin roimh cheapachán Eddie Conron mar ionadaí a bhí ag gabháil do bhainistíocht na gairme.

I mí an Mhárta chomh maith, thogh an Bord Niamh Moore mar Chathaoirleach nua ar Bhord Clárúcháin na Radagrafaithe. I mí Aibreáin, luaigh an Bord gur éirigh Ronan Quirke as mar ionadaí leasa phoiblí agus ghabh sé buíochas leis as an méid a rinne sé.

Ag deireadh na bliana 2022, bhí dhá fholúntas ar Bhord Clárúcháin na Radagrafaithe, sa chatagóir a bhaineann le leas an phobail.

## Dlí

In 2022, rinne Bord Clárúcháin na Radagrafaithe fodhlí amháin mar seo a leanas;

| | |
|---|---|
| I.R. Uimh. 252 de 2022 | An Fodhlí um Cháilíochtaí Ceadaithe agus um Rannáin an Chláir de chuid an Bhord Clárúcháin na Radagrafaith (Leasú) |

## Clárúcháin

Bhí 2,987 radagrafaí agus 514 teiripeoir radaíochta san iomlán cláraithe le Bord Clárúcháin na Radagrafaithe amhail ar an 31 Nollaig 2022.

Tá an obair fós ar bun chun iarratais chlárúcháin nua a phróiseáil. Caithfidh an Bord Clárúcháin a bheith sásta go gcomhlíonann na hiarratasóirí na riachtanais ar fad le clárú.

**Iarratasóirí:**

- Ní mór don duine sin a bheith ina dhuine cuí oiriúnach chun an ghairm a chleachtadh.

**I gcás iontrálaithe nua:**

- Ní mór cáilíocht cheadaithe a bheith acu a chomhlíonann na caighdeáin inniúlachta atá leagtha síos ag CORU; agus
- Ní mór eolas leordhóthanach a bheith acu ar an teanga is gá chun cleachtadh sa Stát.

Caithfidh gach iarratasóir ar chlárúchán dul faoi ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána mar chuid den phróiseas clárúcháin.

**Faoi Nollaig 2022:**

- Fuarthas 369 iarratas chun dul isteach sa Chlár.
- D'fhág 61 cláraí an Clár dá dheoin féin.
- baineadh 56 cláraithe den Chlár toisc nár íoc siad na táillí athnuachana.

### Radagrafaithe agus Teiripeoirí Radaíochta: Staitisticí Achoimre maidir le Clárúcháin in 2022

| Radagrafaithe agus Teiripeoirí Radaíochta: | |
|---|---|
| Iarratais a fuarthas in 2022 | 321 Radagrafaithe + 48 Teiripeoirí Radaíochta |
| Cinntí a rinneadh in 2022 | 337 |
| Athrú BaB ar Líon na nIarratas, 2021 go 2022 | +65 |
| Athrú BaB ar Líon na gCinntí, 2021 go 2022 | +58 |
| ClárI na radagrafaithe agus na Teiripeoirí Radaíochta (31.12.2022) | 3,501 |

Tá Rannán na Raideagrafaithe agus Rannán na dTeiripeoirí Radaíochta den Chlár ar fáil ar líne ag **www.coru.ie**.

## Údarás Inniúil

Mar an tÚdarás Inniúil, déanann an Bord breithniú ar cháilíochtaí idirnáisiúnta lena n-aithint roimh chlárúchán, de réir Threoir (AE) 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle Eorpach. Déantar measúnú ar na cáilíochtaí sin i gcoinne na gcaighdeán inniúlachta a cheanglaítear ar chéimithe a shásamh i bPoblacht na hÉireann.

I gcás go dtagann éagsúlachtaí móra (easnaimh) chun cinn agus an chomparáid á déanamh idir an cháilíocht ghairmiúil agus na caighdeáin inniúlachta, is gá aon oideachas agus oiliúint bhreise agus/nó aon taithí oibre iomchuí bhreise a chur san áireamh. Más ann d'éagsúlachtaí móra i gcónaí, féadfar beart cúiteamh a thairiscint don iarrthóir. An rogha a bheidh ann ná tréimhse oiriúnaithe (tréimhse chleachtaidh faoi mhaoirseacht) chun tabhairt faoi na heasnaimh a aithníodh nó an deis chun dul faoi thriail inniúlachta.

Mar an tÚdarás Inniúil don ghairm, rinne an Bord breithniú ar 239 iarratas le cáilíochtaí idirnáisiúnta a aithint in 2022.

D'aithin an Bord Clárúcháin 166 cáilíocht agus d'éiligh sé ar 73 iarratasóir beart cúitimh a chur i gcrích chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh a aithníodh ina gcáilíocht. Bhain 145 iarratas díobh le raideagrafaithe agus bhain na 21 n-iarratas eile le teiripeoirí radaíochta. Iarradh ar 67 raideagrafaí a chuir iarratas isteach bearta cúitimh a ghlacadh, agus iarradh ar 6 theiripeoir amháin bearta cúitimh a ghlacadh.

Nuair a bhíonn aitheantas tugtha do cháilíocht idirnáisiúnta ag an Údarás Inniúil, ansin tá an té a bhain amach an cháilíocht sin incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar chlárúchán

### Radiographers: Staitisticí Achoimre maidir le hAitheantas in 2022

| Radagrafaithe | |
|---|---|
| Iarratais a fuarthas in 2022 | 242 |
| Cinntí a rinneadh in 2022 | 212 |
| Athrú BaB ar Líon na nIarratas, 2021 go 2022 | 58 |
| Athrú BaB ar Líon na gCinntí, 2021 go 2022 | 82 |
| ***Torthaí in 2022*** | ***212*** |
| Aitheanta (iad go léir) | 145 |
| Bearta Cúitimh a Cuireadh i bhFeidhm | 67 |
| Eile | 0 |

### Teiripeoirí Radaíochta Staitisticí Achoimre maidir le hAitheantas in 2022

| Teiripeoirí Radaíochta | |
|---|---|
| Iarratais a fuarthas in 2022 | 15 |
| Cinntí a rinneadh in 2022 | 27 |
| Athrú BaB ar Líon na nIarratas, 2021 go 2022 | -7 |
| Athrú BaB ar Líon na gCinntí, 2021 go 2022 | 16 |
| ***Torthaí in 2022*** | ***27*** |
| Aitheanta (iad go léir) | 21 |
| Bearta Cúitimh a Cuireadh i bhFeidhm | 6 |
| Eile | 0 |

## Oideachas

### Fodhlíthe

An 25 Bealtaine 2022, rinne an Bord Clárúcháin Radagrafaithe an Fodhlí um Cháilíochtaí Ceadaithe agus um Rannáin an Chláir de chuid an Bhoird Cláraithe Radagrafaithe (Leasú) (I.R. Uimh. 252 de 2022).

### FGL

Chuir an Bord tús lena iniúchadh FGL ar chláraithe don tréimhse 01 Samhain 2020 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2022.

# Comhaltaí an Bhoird

## Niamh Moran

Cathaoirleach

Ionadaí Oideachais

D'fhreastail ar 8 gcruinniú as 9 gcruinniú




## Carmel Breaden

Ionadaí Leasa Pobail

D'fhreastail ar 7 gcruinniú as 9 gcruinniú



## Claire Hogan

Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh

D'fhreastail ar 5 chruinniú as 8 gcruinniú



## Cliona McGovern

Ionadaí Oideachais

D'fhreastail ar 5 chruinniú as 9 gcruinniú




## Deirdre O'Keeffe

Ionadaí Bainistíochta Cúraim Phoiblí/Shóisialaigh

D'fhreastail ar 7 gcruinniú as 9 gcruinniú




## Edel Smyth

Ionadaí Leasa Pobail

D'fhreastail ar 1 chruinniú amháin as 1



## Michelle Sugrue

Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh

D'fhreastail ar 9 gcruinniú as 9 gcruinniú




## Ciaran Walsh

Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh

D'fhreastail ar 6 chruinniú as 8 gcruinniú




## Dermot Manning

Ionadaí Leasa Pobail

D'fhreastail ar 6 chruinniú as 9 gcruinniú




## Ronan Quirke

Ionadaí Leasa Pobail

D'fhreastail ar 0 cruinniú as 3 chruinniú




## Michelle Leech

Ionadaí Bainistíochta Seirbhíse

D'fhreastail ar 6 chruinniú as 8 gcruinniú




## Eddie Conron

Ionadaí Bainistíochta Seirbhíse

D'fhreastail ar 6 chruinniú as 7 gcruinniú



# Bord Clárúcháin na Radagrafaithe: Freastal na gComhaltaí, 2022

| Ainm | Dátaí Éaga | Cruinnithe Boird Sceidealta (9) | Nótaí |
|---|---|---|---|
| Niamh Moore* | 23/01/2024 | 8 | Cathaoirleach |
| Michelle Sugrue | 23/01/2024 | 9 | |
| Ciaran Walsh | 23/01/2024 | 6 | |
| Michelle Leech | 28/02/2026 | 6 | Téarma in éag an 23/01/2022 Athcheaptha an 29/03/2022 |
| Eddie Conron | 28/02/2026 | 6 | Ceaptha an 29/03/2022 |
| Claire Hogan | 28/02/2026 | 5 | Téarma in éag an 23/01/2022 Athcheaptha an 29/03/2022 |
| Deirdre O'Keeffe | 23/01/2026 | 7 | Téarma in éag an 23/01/2022 Athcheaptha an 24/01/2022 |
| David Delaney | 23/01/2026 | 8 | Téarma in éag an 23/01/2022 Athcheaptha an 24/01/2022 |
| Cliona McGovern | 23/01/2024 | 5 | |
| Carmel Breaden | 23/01/2026 | 7 | Téarma in éag an 23/01/2022 Athcheaptha an 24/01/2022 |
| Ronan Quirke | 23/01/2024 | 0 | D'éirigh as an 14/04/2022 |
| Dermot Manning | 23/01/2024 | 6 | |
| Edel Smyth | 23/01/2022 | 1 | Téarma in éag an 23/01/2022 |



# 10 Bord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh

Tá cuntas sa tuarascáil seo ar ghníomhartha Bord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh in 2022, arna cur faoi bhráid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh lena cur san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil na Comhairle, 2022, faoi mar a cheanglaítear faoi Alt 25(1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú).

## Brollach

In 2022, thug Bord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh faoi obair shuntasach chun monatóireacht a dhéanamh ar líon ard iarratas ar fhaomhadh do chláir oideachais agus chuaigh i mbun ullmhúcháin le go bhféadfaí cleachtóirí reatha a chur leis an gClár. Tháinig Bord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh le chéile deich n-uaire i rith na bliana chun caighdeáin chearta oideachais agus oiliúna na gairme a bhunú chun ról bunúsach CORU maidir le cosaint an phobail a chinntiú.

Bliain chinniúnach a bheidh in 2023 d'Oibrithe Cúraim Shóisialaigh mar go mbeidh sé ar an gcéad bhliain ina ndéantar an ghairm sin a rialáil in Éirinn. Ón 30 Samhain 2023, osclófar an Clár chun glacadh le hiarratais nua do bhaill ionchasacha ó ghairm na Oibre Cúraim Shóisialaigh.

Cuireann oibrithe cúraim shóisialaigh seirbhís ríthábhachtach ar fáil, agus tá an-tábhacht ag baint le caidreamh bunaithe ar iontaoibh agus ar mhuinín. Forbairt dhearfach atá san aistriú i dtreo clárú reachtúil, rud a chuirfidh le stádas na gairme agus, an rud is tábhachtaí, rud a chuirfidh an pobal ar a suaimhneas go gcloíonn oibrithe cúraim shóisialaigh cláraithe le caighdeáin fhaofa shonracha.

Ba mhaith le CORU buíochas a ghabháil leis an mBord Clárúcháin as a gcuid oibre crua agus as a dtiomantas leanúnach chun rialáil na hoibre cúraim shóisialaigh a chur chun cinn agus i dteannta a chéile, táimid ag tnúth leis an gClár d'iarratasóirí ionchasacha a oscailt in 2023.

| **Tim Murphy** | **Ginny Hanrahan** |
|---|---|
| *Cathaoirleach* | *Cláraitheoir* |
| *Bord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh* | *Bord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh* |

## Cúlra

Cheap an tAire Sláinte Bord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh i mí an Mhárta 2015. Tá foráil san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005, (arna leasú) do cheapadh 13 chomhalta dheonacha chun an Bhoird Clárúcháin. Ní íoctar aon luach saothair le comhaltaí atá ag fónamh ar an mBord Clárúcháin, seachas rátaí caighdeánacha taistil agus cothaithe na seirbhíse poiblí. Is comhaltaí tuata iad seachtar comhaltaí den Bhord Clárúcháin, agus is ionadaithe ón ngairm iad an seisear eile a dhéanann ionadaíocht ar na nithe seo a leanas:

- Oideachas agus oiliúint na gairme
- lucht bainistíochta ar na seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm, agus
- Cleachtadh na gairme.

Is é Tim Murphy Cathaoirleach reatha Bhord Clárúcháin na Oibrithe Cúraim Shóisialaigh.

In 2022, tháinig Bord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh le chéile deich n-uaire.

## Ról

Faoin Acht, is é an ról atá ag Boird Chlárúcháin CORU an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin a chur chun cinn maidir le hiompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht trí chlárúchán reachtúil a dhéanamh ar ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh. Tá Bord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh de chuid CORU freagrach as an méid seo a leanas:

- Clár comhaltaí don ghairm a chur ar bun agus a chothabháil
- Cáilíochtaí arna mbronnadh lasmuigh den Stát a mheas agus a aithint
- Cláir oideachais agus oiliúna a cheadú agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- Na riachtanais maidir le filleadh ar chleachtadh a leagan amach
- An Cód Iompair Ghairmiúil agus Eitice a cheapadh
- Na riachtanais maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach a leagan amach.

## Ceapacháin / Toghcháin

Ní raibh aon cheapacháin ná comhaltacht a chuaigh in éag in 2022. Ní raibh folúntas ar bith ar Bhord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh ag deireadh 2022.

## Oideachas

### Ceadú clár agus monatóireacht orthu

Tá an Bord Clárúcháin d'Oibrithe Cúraim Shóisialaigh fós ag próiseáil líon ard iarratas ar fhaomhadh do chláir. D'fhógair an Bord Clárúcháin oscailt a chláir an 30 Samhain 2023, agus eiseoidh sé a chéad Fhodhlí um Cháilíochtaí Faofa le haghaidh comhairliúcháin phoiblí i mí na Bealtaine 2023.

# Comhaltaí an Bhoird

## Tim Murphy
Cathaoirleach
Ionadaí Leasa Pobail
D'fhreastail ar 8 gcruinniú as 10 gcruinniú



## Maurice Fenton
Ionadaí Bainistíochta Seirbhíse
D'fhreastail ar 9 gcruinniú as 10 gcruinniú



## Imelda Finerty
Ionadaí Leasa Pobail
D'fhreastail ar 6 chruinniú as 10 gcruinniú



## James Forbes
Ionadaí Bainistíochta Seirbhíse
D'fhreastail ar 6 chruinniú as 10 gcruinniú



## Dunia Hutchinson
Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh
D'fhreastail ar 9 gcruinniú as 10 gcruinniú



## Ado Mckenna
Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh
D'fhreastail ar 8 gcruinniú as 10 gcruinniú



## Jim Walsh
Ionadaí Oideachais
D'fhreastail ar 10 gcruinniú as 10 gcruinniú



## Noelle Reilly
Ionadaí Oideachais
D'fhreastail ar 9 gcruinniú as 10 gcruinniú



## Helena Doody
Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh
D'fhreastail ar 10 gcruinniú as 10 gcruinniú



## Lisa Molloy
Ionadaí Leasa Pobail
D'fhreastail ar 9 gcruinniú as 10 gcruinniú



## Anne Marie Cullen
Ionadaí Leasa Pobail
D'fhreastail ar 8 gcruinniú as 10 gcruinniú



## Jessica Bartak Healy
Ionadaí Bainistíochta Sláinte Príobháidí/Cúraim Shóisialta
D'fhreastail ar 9 gcruinniú as 10 gcruinniú



## Patrick McGarty
Ionadaí Bainistíochta Cúraim Phoiblí/Shóisialaigh
D'fhreastail ar 9 gcruinniú as 10 gcruinniú



# Bord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh: Freastal na gComhaltaí, 2022

| Ainm | Dátaí Éaga | Cruinnithe Boird Sceidealta (10) | Nótaí |
|---|---|---|---|
| Tim Murphy | 26/03/2023 | 8 | Cathaoirleach |
| Dunia Hutchinson | 26/03/2023 | 9 | |
| Adrian McKenna | 26/03/2023 | 8 | |
| Maurice Fenton | 26/03/2023 | 9 | |
| James Forbes | 26/03/2023 | 6 | |
| Noelle Reilly | 30/06/2025 | 9 | |
| Patrick McGarty | 05/05/2025 | 9 | |
| Jessica Bartak Healy | 05/05/2025 | 9 | |
| Jim Walsh | 26/03/2023 | 10 | |
| Lisa Molloy | 05/05/2025 | 9 | |
| Anne Marie Cullen | 05/05/2025 | 8 | |
| Imelda Finerty | 26/03/2023 | 6 | |
| Helena Doody | 30/06/2025 | 10 | |



# 11 Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha

Tá cuntas sa tuarascáil seo ar ghníomhaíochtaí Bhord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha in 2022, arna cur faoi bhráid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh lena cur san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil na Comhairle, 2022, faoi mar a cheanglaítear faoi Alt 25 (1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú).

## Brollach

Le linn 2022, tháinig Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha le chéile naoi n-uaire chun a bhfreagrachtaí reachtúla a chomhlíonadh. Áirítear leis an obair seo faomhadh agus monatóireacht clár ar chúrsaí éagsúla oideachais ar fud na hÉireann don ghairm. Cinntíonn an Bord go gcomhlíonann agus go sásaíonn gach cúrsa ainmnithe critéir an Bhoird agus go gcomhlíonann céimithe atá ag teacht chun cinn na caighdeáin inniúlachta a theastaíonn don ghairm.

Bhí 5,146 oibrí sóisialach san iomlán cláraithe le Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha amhail ar an 31 Nollaig 2022, líon arb ionann é agus méadú 4% ar an líon in 2021. Táimid ag súil le dul ag obair leis na cláraithe sin lena chinntiú go ndéantar na caighdeáin is airde ó thaobh cúram othar de a sheachadadh go comhsheasmhach.

Ba mhaith linn buíochas ar leith a ghabháil le comhaltaí uile an Bhoird, idir chomhaltaí reatha agus iar-chomhaltaí. Is ar bhonn deonach a ghlacann na comhaltaí páirt agus is mór againn a dtiomantas agus a rannpháirt. Táimid ag tnúth le bheith ag obair le chéile in 2023 agus muid ag leanúint lenár n-obair thábhachtach chun an ghairm a rialáil ar mhaithe le sábháilteacht an phobail.

| **Perry Share** | **Ginny Hanrahan** |
| --- | --- |
| *Cathaoirleach* | *Cláraitheoir* |
| *Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha* | *Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha* |

## Cúlra

### Cheap an tAire Sláinte Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha i Lúnasa 2010.

Tá roinnt athruithe tagtha ar na comhaltaí Boird mar thoradh ar thoghcháin do na comhaltaí gairmiúla den Bhord agus comhaltaí tuata nua a bheith ceaptha. Tá foráil san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005, (arna leasú) do cheapadh 13 chomhalta dheonacha chun an Bhoird Clárúcháin. Ní íoctar aon luach saothair le comhaltaí atá ag fónamh ar an mBord, seachas rátaí caighdeánacha taistil agus cothaithe na seirbhíse poiblí. Is comhaltaí tuata iad seachtar, agus is ionadaithe ón ngairm iad an seisear eile a dhéanann ionadaíocht ar na nithe seo a leanas:

- Bainistiú na seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm
- Oideachas agus oiliúint na gairme
- Cleachtadh na gairme.

Is é Perry Share Cathaoirleach reatha Bhord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha.

Tháinig Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha le chéile 9 n-uaire in 2022.

## Ról

Faoin Acht, is é an ról atá ag Boird Chlárúcháin CORU an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin a chur chun cinn maidir le hiompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht trí chlárúchán reachtúil a dhéanamh ar ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh. Tá Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha de chuid CORU freagrach as an méid seo a leanas:

- Clár comhaltaí don ghairm a chur ar bun agus a chothabháil
- Cáilíochtaí arna mbronnadh lasmuigh den Stát a mheas agus a aithint
- Cláir oideachais agus oiliúna a cheadú agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- Na riachtanais maidir le filleadh ar chleachtadh a leagan amach
- An Cód Iompair Ghairmiúil agus Eitice a cheapadh
- Na riachtanais maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach a leagan amach.

## Ceapacháin / Toghcháin

I mí Lúnasa 2022, luaigh an Bord go leor athruithe, lena n-áirítear ceapachán Áine Davin mar ionadaí a bhí ag gabháil do chleachtadh na gairme, agus Maria McGloughlin mar ionadaí a bhí ag gabháil do bhainistíocht na gairme. Sa mhí chéanna, luaigh an Bord athcheapacháin Colm O'Doherty agus Pat Bennett.

Luaigh an Bord freisin gur éirigh Patricia Sheridan as agus d'aithin siad go ndeachaigh téarmaí oifige Padraig Heverin, John Hanily, Marie Kennedy, Caroline McGregor agus Gabrielle Fitzpatrick in éag. Ghabh an Bord buíochas leis na comhaltaí go léir ar tháinig deireadh lena téarmaí oifige as a gcuid ama agus as an méid a chuir siad leis an mBord.

I mí Lúnasa, thogh an Bord Perry Share mar Chathaoirleach ar Bhord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha.

Ag deireadh na bliana 2022, bhí ceithre fholúntas ag an mBord Clárúcháin d'Oibrithe Sóisialta, ceann amháin sa chatagóir a bhaineann le leas an phobail, ceann amháin sa chatagóir a bhaineann le cleachtadh na gairme, ceann amháin sa chatagóir Bainistíochta Cúraim Phoiblí/Shóisialta agus ceann amháin sa chatagóir a bhaineann le oideachais sa ghairm.

## Dlí

In 2022, rinne Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha fodhlí amháin mar seo a leanas;

| | |
|---|---|
| I.R. Uimh. 311 de 2022 | An Fodhlí um Cháilíochtaí Ceadaithe de chuid Bhord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha |

## Clárúcháin

Bhí 5,146 oibrí sóisialach san iomlán cláraithe le Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha amhail ar an 31 Nollaig 2022.

Tá an obair fós ar bun chun iarratais chlárúcháin nua a phróiseáil. Caithfidh an Bord Clárúcháin a bheith sásta go gcomhlíonann na hiarratasóirí na riachtanais ar fad le clárú.

**Iarratasóirí:**

- Ní mór don duine sin a bheith ina dhuine cuí oiriúnach chun an ghairm a chleachtadh.

**I gcás iontrálaithe nua:**

- Ní mór cáilíocht cheadaithe a bheith acu a chomhlíonann na caighdeáin inniúlachta atá leagtha síos ag CORU; agus
- Ní mór eolas leordhóthanach a bheith acu ar an teanga is gá chun cleachtadh sa Stát.

Caithfidh gach iarratasóir ar chlárúchán dul faoi ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána mar chuid den phróiseas clárúcháin.

**Faoi Nollaig 2022:**

- Fuarthas 331 iarratas chun dul isteach sa Chlár.
- D'fhág 56 oibrí sóisialach an Clár dá dheoin féin.
- Baineadh 61 oibrí sóisialach den Chlár toisc nár íoc siad na táillí athnuachana.

**Staitisticí Achoimre maidir le Clárúcháin in 2022**

| Oibrithe Sóisialacha | |
|---|---|
| Iarratais a fuarthas in 2022 | 331 |
| Cinntí a rinneadh in 2022 | 276 |
| Athrú BaB ar Líon na nIarratas, 2021 go 2022 | +35 |
| Athrú BaB ar Líon na gCinntí, 2021 go 2022 | +31 |
| Clár na nOibrithe Sóisialacha (31.12.2022) | 5,146 |

Tá Clár na nOibrithe Sóisialacha ar fáil ar líne ag **www.coru.ie**.

## Údarás Inniúil

Mar an tÚdarás Inniúil, déanann an Bord Clárúcháin breithniú ar cháilíochtaí idirnáisiúnta lena n-aithint roimh chlárúchán, de réir Threoir (AE) 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle Eorpach. Déantar measúnú ar na cáilíochtaí sin i gcoinne na gcaighdeán inniúlachta a cheanglaítear ar chéimithe a shásamh i bPoblacht na hÉireann.

I gcás go dtagann éagsúlachtaí móra (easnaimh) chun cinn agus an chomparáid á déanamh idir an cháilíocht ghairmiúil agus na caighdeáin inniúlachta, is gá aon oideachas agus oiliúint bhreise agus/nó aon taithí oibre iomchuí bhreise a chur san áireamh. Más ann d'éagsúlachtaí móra i gcónaí, féadfar beart cúiteamh a thairiscint don iarrthóir. An rogha a bheidh ann ná tréimhse oiriúnaithe (tréimhse chleachtaidh faoi mhaoirseacht) chun tabhairt faoi na heasnaimh a aithníodh nó an deis chun dul faoi thriail inniúlachta.

Mar an tÚdarás Inniúil don ghairm, rinne an Bord breithniú ar 92 iarratas le cáilíochtaí idirnáisiúnta a aithint in 2022.

D'aithin an Bord Clárúcháin 74 cáilíocht agus d'éiligh sé ar 18 n-iarratasóir beart cúitimh a chur i gcrích chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh a aithníodh ina gcáilíocht. Nuair a thugann an tÚdarás Inniúil aitheantas do cháilíocht idirnáisiúnta, ansin bíonn an té a bhain amach an cháilíocht sin incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar chlárúchán.

**Oibrithe Sóisialacha Staitisticí Achoimre maidir le hAitheantas in 2022**

| Oibrithe Sóisialacha | |
|---|---|
| Iarratais a fuarthas in 2022 | 144 |
| Cinntí a rinneadh in 2022 | 92 |
| Athrú BaB ar Líon na nIarratas, 2021 go 2022 | 57 |
| Athrú BaB ar Líon na gCinntí, 2021 go 2022 | 35 |
| ***Torthaí in 2022*** | ***92*** |
| Aitheanta (iad go léir) | 74 |
| Bearta Cúitimh a Cuireadh i bhFeidhm | 18 |
| Eile | 0 |

## Oideachas

### Fodhlíthe

D'eisigh Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha a dhréacht-Fhodhlí um Cháilíochtaí Ceadaithe agus um Rannáin an Chláir de chuid Bhord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha 2022 le haghaidh comhairliúcháin phoiblí an 22 Feabhra 2022 ina liostaítear Máistir Ealaíon san Obair Shóisialta, Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh mar fhianú ar an gcaighdeán inniúlachta a theastaíonn le clárú i Rannán na nOibrithe Sóisialacha den Chlár.

Rinne an Bord an Fodhlí um Cháilíochtaí Faofa (I.R. 311 de 2022) an 29 Meitheamh 2022.

## Ceadú agus monatóireacht cláir

Chuir Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha monatóireacht ar na cláir seo a leanas i gcrích in 2022:

- Máistir Ealaíon san Obair Shóisialach, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
- Máistir san Obair Shóisialach i Staidéar ar Obair Shóisialach, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
- Dioplóma Iarchéime i Staidéar Oibre Shóisialaigh, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

Tá Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha ag déanamh monatóireachta go fóill ar an gclár seo a leanas:

- Máistreacht agus Dioplóma Iarchéime san Obair Shóisialach, Ollscoil Bhaile Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide
- Baitsiléir sa Staidéar Sóisialta, Ollscoil Bhaile Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide
- Máistreacht san Eolaíocht Shóisialta (Obair Shóisialta) agus Dioplóma Iarchéime in Obair Shóisialta, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
- Baitsiléir Oibre Sóisialta, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

# Comhaltaí an Bhoird

## Perry Share
Cathaoirleach

Ionadaí Oideachais

D'fhreastail ar 9 gcruinniú as 9 gcruinniú



## Marie Kennedy
Ionadaí Bainistíochta Seirbhíse

D'fhreastail ar 5 chruinniú as 5 chruinniú




## Gabrielle Fitzpatrick
Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh

D'fhreastail ar 5 chruinniú as 5 chruinniú



## John Hanily
Ionadaí Bainistíochta Sláinte Poiblí/Cúraim Shóisialaigh

D'fhreastail ar 4 chruinniú as 5 chruinniú



## Padraig Heverin
Ionadaí Leasa Pobail

D'fhreastail ar 2 chruinniú as 5 chruinniú



## Miriam O'Callaghan
Ionadaí Leasa Pobail

D'fhreastail ar 9 gcruinniú as 9.




## Caroline McGregor
Ionadaí Oideachais

D'fhreastail ar 4 chruinniú as 5 chruinniú




## Hugh Farrell
Ionadaí Leasa Pobail

D'fhreastail ar 8 gcruinniú as 9 gcruinniú




## Patrick Bennett
Ionadaí Bainistíochta Sláinte Príobháidí/Cúraim Shóisialta

D'fhreastail ar 7 gcruinniú as 8 gcruinniú




## Colm O'Doherty
Ionadaí Leasa Pobail

D'fhreastail ar 8 gcruinniú as 8 gcruinniú




## Adrienne Mary Byrne
Ionadaí Bainistíochta Seirbhíse

D'fhreastail ar 7 gcruinniú as 9 gcruinniú




## Yvonne Lennox
Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh

D'fhreastail ar 6 chruinniú as 9 gcruinniú



## Patricia Sheridan
Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh

D'fhreastail ar 1 chruinniú amháin as 6 chruinniú




## Maria McGloughlin
Ionadaí Bainistíochta Seirbhíse

D'fhreastail ar 3 chruinniú as 3 chruinniú




## Áine Davin
Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh

D'fhreastail ar 3 chruinniú as 3 chruinniú



# Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha: Freastal na gComhaltaí, 2022

| Ainm | Dátaí Éaga | Cruinnithe Boird Sceidealta (9) | Nótaí |
|---|---|---|---|
| Perry Share* | 04/08/2024 | 9 | Cathaoirleach |
| Áine Davin | 04/08/2026 | 3 | Ceaptha an 31/08/2022 |
| Adrienne Mary Byrne | 04/08/2024 | 7 | |
| Maria McGloughlin | 04/08/2026 | 3 | Ceaptha an 31/08/2022 |
| Pat Bennett | 04/08/2026 | 7 | Téarma in éag an 04/08/2022 Athcheaptha an 31/08/2022 |
| Yvonne Lennox | 04/08/2024 | 6 | |
| Hugh Farrell | 20/06/2025 | 8 | |
| Miriam O'Callaghan | 20/06/2025 | 9 | |
| Colm O'Doherty | 04/08/2026 | 8 | Téarma in éag an 04/08/2022 Athcheaptha an 31/08/2022 |
| Patricia Sheridan | 04/08/2024 | 1 | D'éirigh as an 09/08/2022 |
| Padraig Heverin | 04/08/2022 | 2 | Téarma in éag an 04/08/2022 |
| John Hanily | 04/08/2022 | 4 | Téarma in éag an 04/08/2022 |
| Marie Kennedy | 04/08/2022 | 5 | Téarma in éag an 04/08/2022 |
| Caroline McGregor | 04/08/2022 | 4 | Téarma in éag an 04/08/2022 |
| Gabrielle Fitzpatrick | 04/08/2022 | 5 | Téarma in éag an 04/08/2022 |



# 12 Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga

Tá cuntas sa tuarascáil seo ar ghníomhaíochtaí Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga in 2022, arna cur faoi bhráid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh lena cur san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil na Comhairle, 2022, faoi mar a cheanglaítear faoi Alt 25 (1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú).

## Brollach

Le linn 2022, tháinig Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga (an Bord) le chéile sé huaire, ag glacadh le samhail hibrideach ina seisiúin le comhaltaí i láthair go pearsanta agus cruinnithe fíorúla in úsáid.

Lean an Bord lena bpríomhobair maidir le monatóireacht agus faomhadh a dhéanamh ar chúrsaí oideachais a bhaineann leis an ngairm. Gné bhunriachtanach dár ról is ea sábháilteacht an phobail agus cosaint úsáideoirí seirbhíse agus, chun an pobal a chosaint, is gá dúinn freastal ar na gairmeacha atá á rialáil againn trína chinntiú go mbíonn caighdeán oideachais na ngairmeacha sin á chosaint againn.

Is gné lárnach í an fhorbairt ghairmiúil leanúnach maidir le soláthar leanúnach seirbhísí sábháilte, éifeachtacha chun leasa na n-úsáideoirí seirbhíse. Tar éis roinnt cláraithe a roghnú go randamach, chuir an Bord an tréimhse iniúchta FGL don ghairm i gcrích i mí Dheireadh Fómhair 2022 agus bhí siad sásta gur comhlíonadh na hardchaighdeáin inniúlachta maidir le heolas, scileanna agus feidhmíocht de réir mar a bhí ag teastáil.

Ba mhaith linn buíochas ar leith a ghabháil le comhaltaí uile an Bhoird, idir chomhaltaí reatha agus iar-chomhaltaí. Is ar bhonn deonach a ghlacann na comhaltaí páirt agus is mór againn a dtiomantas agus a rannpháirt. Táimid ag tnúth le bheith ag obair le chéile in 2023 agus muid ag leanúint lenár n-obair thábhachtach chun an ghairm a rialáil ar mhaithe le sábháilteacht an phobail.

**Bernard Hegarty**

*Cathaoirleach*

*Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga*

**Ginny Hanrahan**

*Cláraitheoir*

*Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga*

## Cúlra

Cheap an tAire Sláinte comhaltaí Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga i mí Feabhra 2013 ar bhonn fógra ceapacháin phoiblí. Tá foráil san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005, (arna leasú) do cheapadh 13 chomhalta dheonacha chun an Bhoird Clárúcháin. Ní íoctar aon luach saothair le comhaltaí atá ag fónamh ar an mBord Clárúcháin, seachas rátaí caighdeánacha taistil agus cothaithe na seirbhíse poiblí. Comhaltaí tuata is ea seachtar de na comhaltaí a ceapadh, agus comhaltaí de chuid na gairme is ea an seisear eile, a bhíonn ag gabháil do na réimsí seo a leanas:

- Bainistiú na seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm,
- Oideachas agus oiliúint na gairme
- Cleachtadh na gairme.

Is é Bernard Hegarty Cathaoirleach reatha Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga.

In 2022, tháinig an Bord Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga le chéile sé huaire

## Ról

Faoin Acht, is é an ról atá ag na Boird Chlárúcháin an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin a chur chun cinn maidir le hiompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht trí chlárúchán reachtúil a dhéanamh ar ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh. Tá Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga de chuid CORU freagrach as an méid seo a leanas:

- Clár comhaltaí don ghairm a chur ar bun agus a chothabháil
- Cáilíochtaí arna mbronnadh lasmuigh den Stát a mheas agus a aithint
- Cláir oideachais agus oiliúna a cheadú agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- An Cód Iompair Ghairmiúil agus Eitice a cheapadh
- Na riachtanais maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach a leagan amach.

## Ceapacháin / Toghcháin

I mí na Bealtaine 2022, luaigh Bord go ndeachaigh téarma oifige Geraldine Moran in éag mar ionadaí a bhí ag gabháil do chleachtadh na gairme.

Chuir an Bord fáilte ar ais roimh Ruth Charles tar éis a hathcheaptha mar ionadaí a bhíonn ag plé le bainistiú na gairme.

Ag deireadh na bliana 2022, bhí ceithre fholúntas ag Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga, ceann amháin sa chatagóir a bhaineann le leas an phobail, ceann amháin sa chatagóir a bhaineann le cleachtadh na gairme, agus ceann amháin sa chatagóir a bhaineann le oideachais sa ghairm.

## Clárúcháin

Bhí 2,296 teiripeoir urlabhra agus teanga san iomlán cláraithe le Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga amhail ar an 31 Nollaig 2022.

Tá an obair fós ar bun chun iarratais chlárúcháin nua a phróiseáil. Caithfidh an Bord Clárúcháin a bheith sásta go gcomhlíonann na hiarratasóirí na riachtanais ar fad le clárú.

**Iarratasóirí:**

- Ní mór don duine sin a bheith ina dhuine cuí oiriúnach chun an ghairm a chleachtadh.

**I gcás iontrálaithe nua:**

- Ní mór cáilíocht cheadaithe a bheith acu a chomhlíonann na caighdeáin inniúlachta atá leagtha síos ag CORU
- Ní mór eolas leordhóthanach a bheith acu ar an teanga is gá chun cleachtadh sa Stát.

Caithfidh gach iarratasóir ar chlárúchán dul faoi ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána mar chuid den phróiseas clárúcháin.

**Faoi Nollaig 2022:**

- Fuarthas 127 iarratas chun dul isteach sa Chlár.
- D'fhág 44 teiripeoir urlabhra agus teanga an Clár dá ndeoin féin.
- Baineadh 20 oibrí sóisialach den Chlár toisc nár íoc siad na táillí athnuachana.

**Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga: Staitisticí Achoimre maidir le Clárúcháin in 2022**

| Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga: Staitisticí Achoimre maidir le Clárúcháin in 2022 | |
|---|---|
| Iarratais a fuarthas in 2022 | 127 |
| Cinntí a rinneadh in 2022 | 140 |
| Athrú BaB ar Líon na nIarratas, 2021 go 2022 | -16 |
| Athrú BaB ar Líon na gCinntí, 2021 go 2022 | -17 |
| Clár na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga (31.12.2022) | 2,296 |

Tá Clár na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga ar fáil ar líne ag www.coru.ie.

## Údarás Inniúil

Mar an tÚdarás Inniúil, déanann an Bord Clárúcháin breithniú ar cháilíochtaí idirnáisiúnta lena n-aithint roimh chlárúchán, de réir Threoir (AE) 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle Eorpach. Déantar measúnú ar na cáilíochtaí sin i gcoinne na gcaighdeán inniúlachta a cheanglaítear ar chéimithe a shásamh i bPoblacht na hÉireann.

I gcás go dtagann éagsúlachtaí móra (easnaimh) chun cinn agus an chomparáid á déanamh idir an cháilíocht ghairmiúil agus na caighdeáin inniúlachta, is gá aon oideachas agus oiliúint bhreise agus/nó aon taithí oibre iomchuí bhreise a chur san áireamh. Más ann d'éagsúlachtaí móra i gcónaí, féadfar beart cúiteamh a thairiscint don iarrthóir. An rogha a bheidh ann ná tréimhse oiriúnaithe (tréimhse chleachtaidh faoi mhaoirseacht) chun tabhairt faoi na heasnaimh a aithníodh nó an deis chun dul faoi thriail inniúlachta.

Mar an tÚdarás Inniúil don ghairm, rinne an Bord breithniú ar 26 iarratas le cáilíochtaí idirnáisiúnta a aithint in 2022.

D'aithin an Bord Clárúcháin 23 cáilíocht agus d'éiligh sé ar 3 iarratasóir beart cúitimh a chur i gcrích chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh a aithníodh ina gcáilíocht. Nuair a bhíonn aitheantas tugtha do cháilíocht idirnáisiúnta ag an Údarás Inniúil, ansin tá an té a bhain amach an cháilíocht sin incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar chlárúchán

**Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga: Staitisticí Achoimre maidir le hAitheantas in 2022**

| Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga | |
|---|---|
| Iarratais a fuarthas in 2022 | 30 |
| Cinntí a rinneadh in 2022 | 26 |
| Athrú BaB ar Líon na nIarratas, 2021 go 2022 | 8 |
| Athrú BaB ar Líon na gCinntí, 2021 go 2022 | 4 |
| ***Torthaí in 2022*** | ***26*** |
| Aitheanta (iad go léir) | 23 |
| Bearta Cúitimh a Cuireadh i bhFeidhm | 3 |
| Eile | 0 |

## Oideachas

### Ceadú agus monatóireacht cláir

Chuir Bord Clárúcháin na Teiripe Urlabhra agus Teanga tús le monatóireacht ar an gclár seo a leanas:

- Máistreacht Eolaíochta sa Teiripe Urlabhra agus Teanga (Cáilíocht Ghairmiúil), Ollscoil Luimnigh

# Comhaltaí an Bhoird

## Bernard Hegarty
Cathaoirleach
Ionadaí Leasa Pobail
D'fhreastail ar 6 chruinniú as 6 chruinniú



## Emma Gonoud
Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh
D'fhreastail ar 3 chruinniú as 4 chruinniú




## Anne Healy
Ionadaí Bainistíochta Seirbhíse
D'fhreastail ar 4 chruinniú as 6 chruinniú




## Geraldine Moran
Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh
D'fhreastail ar 2 chruinniú as 6 chruinniú




## Catherine O'Neill
Ionadaí Leasa Pobail
D'fhreastail ar 3 chruinniú as 6 chruinniú



## Judi Pettigrew
Ionadaí Oideachais
D'fhreastail ar 3 chruinniú as 6 chruinniú




## Evelyn Cawley
Ionadaí Leasa Pobail
D'fhreastail ar 5 chruinniú as 6 chruinniú




## Gerard Gray
Ionadaí Bainistíochta Cúraim Phoiblí/Shóisialaigh
D'fhreastail ar 1 chruinniú as 6 chruinniú




## Maeve Cleary
Ionadaí Bainistíochta Seirbhíse
D'fhreastail ar 2 chruinniú as 6 chruinniú



## Peadar Ward
Ionadaí Bainistíochta Sláinte Príobháidí/Cúraim Shóisialta
D'fhreastail ar 5 chruinniú as 6 chruinniú



# Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga: Freastal na gComhaltaí, 2022

| Ainm | Dátaí Éaga | Cruinnithe Boird Sceidealta (6) | Nótaí |
|---|---|---|---|
| Bernard Hegarty* | 13/02/2025 | 6 | Cathaoirleach |
| Emma Gonoud | 04/08/2026 | 3 | Téarma in éag an 09/05/2022<br>Athcheaptha an 31/08/2022 |
| Maeve Cleary | 13/02/2024 | 2 | |
| Anne Healy | 13/02/2023 | 4 | |
| Gerard Gray | 13/02/2025 | 1 | |
| Peadar Ward | 13/02/2024 | 5 | |
| Judi Pettigrew | 13/02/2023 | 3 | |
| Evelyn Cawley | 13/02/2025 | 5 | |
| Geraldine Moran | 08/05/2022 | 2 | Téarma in éag an 08/05/2022 |
| Catherine O'Neill | 13/02/2025 | 3 | |

# Aguisíní

# Aguisín 1:
# Freastal ar an gComhairle, 2022

| Cruinnithe na Comhairle, 2022 | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | *Dáta Éaga* | *Cruinnithe Boird Sceidealta (9)* | *Cruinnithe um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh (14)* | *Nótaí* |
| A Timoney | 18/11/2024 | 2 | 2 | Saoire Mháithreachais 20/01/2022-20/10/2022 |
| B O'Brien | 20/03/2023 | 2 | 1 | D'éirigh as an 16/06/2022 |
| C Byrne | 22/10/2025 | 7 | 4 | |
| C Hogan | 28/02/2026 | 3 | 6 | Téarma in éag an 23/01/2022 Athcheaptha an 05/04/2022 |
| C Smith | 20/03/2023 | 5 | 2 | |
| C Sweeney | 30/06/2025 | 2 | 0 | Ceaptha an 20/10/2022 |
| D Irwin | 20/03/2023 | 6 | 6 | |
| E Gonoud | 04/08/2026 | 5 | 3 | Téarma in éag an 31/03/2022 Athcheaptha an 23/09/2022 |
| F Powell | 20/03/2025 | 9 | 12 | |
| G Fitzpatrick | 04/08/2022 | 4 | 8 | Téarma in éag an 04/08/2022 |
| G O'Halloran | 08/05/2022 | 3 | 2 | Téarma in éag an 08/05/2022 |
| I Regan | 08/11/2024 | 7 | 3 | |
| J Forbes | 26/03/2023 | 7 | 7 | |
| J F. Scott | 20/03/2025 | 9 | 9 | |
| J Shaw | 15/10/2024 | 9 | 10 | |
| M Boland | 20/03/2025 | 8 | 9 | |
| M Carolan | 18/11/2024 | 9 | 2 | |
| M Flynn | 13/02/2025 | 8 | 6 | |
| Mo Flynn | 01/12/2024 | 9 | 12 | Cathaoirleach |
| M O'Keeffe | 20/03/2025 | 7 | 4 | |
| M Redmond | 20/03/2023 | 7 | 9 | |
| M Tumelty | 20/03/2023 | 9 | 7 | |
| O Blee | 10/02/2023 | 9 | 12 | |
| P Jordan | 24/02/2023 | 9 | 11 | |
| P O'Shea | 22/10/2025 | 8 | 11 | |
| P Lyng | 20/03/2023 | 9 | 11 | |
| R McLaughlin | 20/07/2025 | 6 | 10 | |
| R Mooney | 24/02/2023 | 5 | 5 | |
| S Manahan | 20/03/2025 | 7 | 4 | |
| T Campbell | 20/03/2025 | 5 | 3 | Saoire ón 20/10/2022 |
| T Rooney | 20/03/2023 | 0 | 0 | D'éirigh as an 16/06/2022 |

# Comhaltaí na Comhairle



## Mo Flynn
Cathaoirleach



## John F Scott
Leaschathaoirleach

Ionadaí Leasa Pobail



## Aisling Timoney
Ionadaí Leasa Pobail




## Barry O'Brien
Ionadaí Leasa Pobail



## Carmel Smith
ionadaí a bhfuil luach ag baint leis don Chomhairle




## Catriona Sweeney
Ionadaí Teiripeoirí Saothair



## Claire Hogan
Ionadaí radagrafaithe



## David Irwin
Ionadaí Leasa Pobail




## Emma Gonoud
Ionadaí Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga



## Fred Powell
Cláraithe ag gabháil d'oideachas agus oiliúint a chur ar dhaoine i gcleachtadh gairmeacha faoi leith



## Gabrielle Fitzpatrick
Ionadaí na nOibrithe Sóisialacha




## Genevieve O'Halloran
Ionadaí Teiripeoirí Saothair



## Irene Regan
Ionadaí Eolaithe Míochaine



## James Forbes
Ionadaí Oibrithe Sóisialacha



## Julia Shaw
Ionadaí Coslianna



## Margaret Boland
Ionadaí a bhfuil cáilíochtaí aici atá luachmhar don Chomhairle



Mary A.T. Flynn
Ionadaí Diaitéiteach



Mary Tumelty
Ionadaí a bhfuil taithí aici atá luachmhar don Chomhairle



Maureen Carolan
Ionadaí Leasa Pobail

Michael Francis Redmond
Ionadaí do lucht bainistíochta eagraíochta deonaí/eagraíochta de chuid na hearnála príobháidí a bhíonn ag plé le sláinte nó cúram sóisialach






Michael O'Keefe
Ionadaí Leasa Pobail



Owen Blee
Ionadaí na Radharceolaithe Dáiliúcháin



Patricia Jordan
Ionadaí Síciteiripeoirí




Paul Lyng
Ionadaí Leasa Pobail




Paula O'Shea
Ionadaí Bithcheimiceoirí Cliniciúla



Rachel Mooney
Ionadaí Comhairleoirí



Róna McLaughlin
Ionadaí Fisiteiripeoirí



Stephanie Manahan
Ionadaí Leasa Pobail




Treasa Campbell
Ionadaí Leasa Pobail




Tom Rooney
Ionadaí Leasa Pobail

# Aguisín 2:
# Freastal ar Choistí

## An Coiste Iniúchóireachta Riosca agus Rialachais

| Ainm | 08 Már | 25 Aib | 31 Bea | 20 M. Fómhair | 22 Sam |
|---|---|---|---|---|---|
| Margaret Boland (Cathaoirleach) | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| Paul Lyng | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| John F. Scott | 1 | 1 | 0 | 1 | 1 |
| Ray Dolan | 1 | 1 | 0 | 1 | 1 |
| Elaine Sheridan | 1 | 1 | 1 | 1 | 0 |
| Laura Brien | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 |

## An Coiste Airgeadais agus Cuspóirí Ginearálta

| Ainm | 12 Eanáir | 14 Fea | 13 Aib | 23 Lún | 27 DFó | 21 Sam |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Michael O'Keeffe (Cathaoirleach) | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| John F Scott | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| Owen Blee | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| Mary Ann Therese Flynn | 1 | 0* | 0 | 1 | 1 | 1 |
| Michael Redmond | n/b | n/b | 1 | 0 | 1 | 1 |

## An Coiste Clárúcháin agus Aitheantais

| | 09 Már | 01 Mei | 28 MFó | 23 Sam |
|---|---|---|---|---|
| Fred Powell | 1 | 1 | 1 | 1 |
| Gabrielle Fitzpatrick | 1 | 1 | 1 | 0 |
| Damhnait Gaughan | 0 | 0 | 1 | |
| Marie Culliton | 1 | 1 | 1 | |
| James Forbes | 1 | 1 | 1 | 0 |
| Patricia Jordan | 1 | 1 | 1 | 1 |
| Genevieve O'Halloran | 1 | | | |
| Norma Judge | 1 | 0 | 1 | |

## An Coiste Oideachais

| | 03 Fea | 28 Aib | 25 Lún | 01 Nol |
|---|---|---|---|---|
| David Irwin | 1 | n/b | n/b | n/b |
| Carmel Smith | 0 | 1 | 1 | 0 |
| Fred Powell | 0 | 0 | n/b | n/b |
| Treasa Campbell | 1 | 1 | 1 | 0 |
| Ann Kearney | 1 | 1 | 1 | 0 |
| Marian O'Rourke | 1 | 1 | 1 | n/b |
| Odhrán Allen | 0 | 1 | 1 | 1 |
| Irene Regan | 1 | 1 | 0 | 1 |
| Rena Young | n/b | n/b | 1 | 1 |
| Stephen Swanton | n/b | n/b | 1 | 1 |
| Kenneth Freeman | n/b | n/b | 1 | 1 |

## An Coiste Ainmniúchán

| Ainm | 08 Fea | 28 Bea | 24 MFó | 12 Sam |
|---|---|---|---|---|
| James Forbes | 1 | 1 | 1 | 1 |
| Barry O'Brien | 1 | n/b | n/b | n/b |
| Margaret Boland | 1 | 0 | 0 | 1 |
| Miriam O'Callaghan (ball seachtrach) | 1 | 0 | 1 | 1 |
| Emma Gonoud | 1 | 0 | 0 | 1 |
| Rachel Mooney | 1 | n/b | 0 | 1 |

## An Coiste Comhairleach um Chleachtas Gairmiúil

| Ainm | 11 Aib | 07 Mei | 23 Lún | 09 Sam |
|---|---|---|---|---|
| Stephanie Manahan | 1 | 1 | 1 | 1 |
| David Irwin | 1 | n/b | n/b | n/b |
| Mary Tumelty | 1 | 0 | 0 | 1 |
| Sara Van den Bergh | 1 | 1 | 1 | 0 |
| Aisling Timoney | n/b | n/b | n/b | 1 |
| Maureen Carolan | 1 | 1 | 1 | 1 |
| Maureen Carolan (Ceaptha i Meitheamh 2021) | | | 1 | 1 |

# Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Faisnéis | 119 |
| Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle | 121 |
| Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach | 130 |
| Tuairisc an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 133 |
| Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe | 135 |
| Ráiteas ar Staid an Airgeadais | 136 |
| Ráiteas ar Shreafaí Airgid | 137 |
| Nótaí (atá ina gcuid de na ráitis airgeadais) | 138 |

# Faisnéis

## Comhaltaí na Comhairle

| | |
|---|---|
| **Mo Flynn** | *Cathaoirleach* |
| **John F Scott** | *Leaschathaoirleach* |
| David Irwin | *(téarma in éag an 20/03/2023)* |
| Paul Lyng | *(téarma in éag an 20/03/2023)* |
| James Forbes | *(téarma in éag an 26/03/2023)* |
| Carmel Smith | *(téarma in éag an 20/03/2023)* |
| Treasa Campbell | |
| Fred Powell | |
| Stephanie Manahan | |
| Owen Blee | *(téarma in éag an 10/02/2023)* |
| Irene Regan | |
| Julia Shaw | |
| Margaret Boland | |
| Mary Tumelty | |
| Tom Rooney | *(d'éirigh as an 16/06/2022)* |
| Mary Ann Therese Flynn | |
| Gabrielle Fitzpatrick | *(téarma in éag an 04/08/2022)* |
| Claire Hogan | |
| Barry O'Brien | *(d'éirigh as an 16/06/2022)* |
| Maureen Carolan | |
| Patricia Jordan | |
| Rachel Mooney | *(téarma in éag an 24/02/2023)* |
| Aisling Timoney | |
| Genevieve O'Halloran | *(téarma in éag an 08/05/2022)* |
| Michael O'Keeffe | |
| Emma Gonoud | |
| Michael Redmond | *(téarma in éag an 20/03/2023)* |
| Caroline Byrne | |
| Paula O'Shea | |
| Rona McLaughlin | |
| Caitriona Sweeney | *(ceaptha an 26/10/2022)* |
| John Hennessy | *(ceaptha 05/12/2022)* |
| Martina Ni Chulain | *(ceaptha 05/12/2022)* |
| Geraldine O'Hare | *(ceaptha 05/12/2022)* |
| Adrienne Byrne | *(ceaptha 05/12/2022)* |
| Marcella Finnerty | *(ceaptha an 25/02/2023)* |
| Paul Hersee | *(ceaptha an 06/03/2023)* |
| Deirdre Saul | *(ceaptha 21/03/2023)* |
| Emma Benton | *(ceaptha 21/03/2023)* |
| Dara Purcell | *(ceaptha 21/03/2023)* |
| Noelle Reilly | *(ceaptha 27/03/2023)* |
| Denis Murphy | *(ceaptha an 12/07/2023)* |

## An Fhoireann Ardbhainistíochta

| | |
|---|---|
| Príomhoifigeach Feidhmiúcháin | **Ginny Hanrahan**<br>*(ar scor 30/05/2023)* |
| Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach | **Margaret Hynds O'Flanagan**<br>*(ceaptha ina Leas-Chláraitheoir 22/06/2022)*<br>*(POF Eatramhach 30/05/2023)* |
| Leas-Chláraitheoir agus Ceann Straitéise agus Beartais | **Aoife Sweeney**<br>*(d'éirigh as an 01/04/2022)* |
| An Ceann Seirbhísí Corparáideacha | **Kenneth Daly** |
| Príomhoifigeach Cúnta um Dhlí agus Feidhmiúlacht chun Cleachtadh | **Claire Millrine**<br>*(d'éirigh as an 25/02/2022)*<br>**Erica Champ**<br>*(ceaptha 22/08/2022)* |
| An Ceann Clárúcháin | **Paul Byrne** |
| Ceann an Oideachais Dearbhú Cáilíochta | **Claire O'Cleary** |
| Straitéis agus Polasaí BO | **Catherine Byrne**<br>*(ceaptha an 23/08/2022)* |
| Ceann Aitheantais (Gníomhach) | **Ian Nash**<br>*(ceaptha an 31/05/2023)* |
| Ceann na Rialála Inbhuanaithe (Gníomhach) | **Lee McLoughlin**<br>*(ceaptha an 24/05/2023)* |

## Ceannáras

CORU – An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh
Cúirt Sheoirse, Foirgneamh Infinity,
Lána Sheoirse,
Margadh na Feirme,
Baile Átha Cliath 7, D07 E98Y.

## Iniúchóir

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
3A Sráid an Mhéara Uachtarach,
Baile Átha Cliath 1, D01 PF72.

## Cuntasóirí

Crowleys DFK,
Cuntasóirí Cairte,
16/17 Faiche an Choláiste,
Baile Átha Cliath 2, D02 V078.

# Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle

## Rialachas

Cuireadh an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh ar bun faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005. Tá feidhmeanna na Comhairle leagtha amach in alt 8 den Acht sin. Tá an Chomhairle freagrach don Aire Sláinte agus tá sí freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus feidhmíonn sí an tasc sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a cheapadh agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach príomh-shaincheist ghnó. Is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus an fhoireann ardbhainistíochta atá freagrach as bainistíocht, rialú agus stiúradh rialta na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh. Ní mór don POF agus don lucht ardbhainistíochta an treo straitéiseach leathan atá ceaptha ag an gComhairle a leanúint agus a chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag comhaltaí uile na Comhairle ar na príomhghníomhaíochtaí agus príomhchinntí a bhaineann leis an aonán, agus ar aon rioscaí suntasacha a d’fhéadfadh teacht chun cinn. Feidhmíonn an POF mar idirchaidreamh díreach idir an Chomhairle agus bainistíocht na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh.

## Freagrachtaí na Comhairle

Leagtar amach saothar agus freagrachtaí na Comhairle san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005, áit a bhfuil cur síos freisin ar na hábhair a fhorchoimeádtar go sonrach lena gcinneadh ag an gComhairle. I measc na mbuanmhíreanna a bhreithníonn an Chomhairle tá:

- Dearbhuithe Leasanna,
- Riosca,
- Tuarascálacha ó na coistí,
- Tuarascáil airgeadais/cuntais bhainistíochta, agus tuarascálacha Feidhmíochta.

Éilíonn Alt 21 den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh 2005 ar an gComhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh gach cuntas cuí agus is gnách ar airgead a fhaigheann sí agus a chaitheann sí a choimeád i cibé foirm a cheadóidh an tAire Sláinte.

Ceanglaítear ar an gComhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh na nithe seo a leanas a dhéanamh agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú:

- beartais chuntasaíochta iomchuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama,
- ráitis airgeadais a ullmhú bunaithe ar an mbonn gnóthais leantaigh ach amháin má bhíonn sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh sé ag feidhmiú, agus
- ráiteas a thabhairt maidir le cibé acu ar comhlíonadh nó nár comhlíonadh na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha atá nochta agus mínithe sna ráitis airgeadais.

# Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle *ar lean.*

Ní mór don Bhord taifid chuntasaíochta chuí a choimeád, ina nochtar a staid airgeadais ag aon am le cruinneas réasúnta, agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais le hAlt 21 den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh 2005. Is í an Chomhairle atá freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar shuíomh gréasáin na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh.

Tá an tÚdarás freagrach as an bplean gnó agus buiséad bliantúil a fhaomhadh. Rinne an Coiste Iniúchta, Riosca agus Rialachais agus na Coistí Airgeadais agus Cuspóir Ginearálta a thuairiscíonn don Chomhairle meastóireacht ar fheidhmíocht na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh trí thagairt a dhéanamh don phlean gnó agus don bhuiséad bliantúil.

Tá an Chomhairle freagrach freisin as a sócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.

Measann an Chomhairle go dtugann ráitis airgeadais na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh léargas fíorcheart ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh amhail an 31 Nollaig 2022, seachas neamhchomhlíonadh cheanglas FRS 102 i ndáil le teidlíochtaí sochar scoir, de réir mar a ordóidh an tAire Sláinte.

# Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle *ar lean.*

## Struchtúr na Comhairle

Tá an Chomhairle comhdhéanta de Chathaoirleach, Leas-Chathaoirleach agus aon ghnáthchomhalta is tríocha, agus is é an tAire Sláinte a cheapann iad go léir. Tá dhá fholúntas ann faoi láthair. Ceapadh comhaltaí na Comhairle ar feadh tréimhse ceithre bliana agus tagann siad le chéile ar bhonn míosúil. Sonraítear sa tábla thíos téarma ceapacháin na gcomhaltaí reatha:

| Comhalta den Chomhairle | Ról | Dáta an Cheapacháin |
|---|---|---|
| Mo Flynn | Cathaoirleach | 01/12/2020 |
| John F Scott | Leaschathaoirleach | 21/03/2021 |
| Treasa Campbell | | 21/03/2021 |
| Fred Powell | | 21/03/2021 |
| Stephanie Manahan | | 21/03/2021 |
| Irene Regan | | 06/01/2021 |
| Julia Shaw | | 16/10/2021 |
| Margaret Boland | | 21/03/2021 |
| Mary Tumelty | | 24/11/2019 |
| Mary Ann Therese Flynn | | 14/02/2021 |
| Claire Hogan | | 18/12/2020 |
| Maureen Carolan | | 26/11/2020 |
| Patricia Jordan | | 26/11/2020 |
| Aisling Timoney | | 26/11/2020 |
| Michael O'Keeffe | | 21/03/2021 |
| Emma Gonoud | | 31/03/2021 |
| Caroline Byrne | | 04/11/2021 |
| Paula O'Shea | | 04/11/2021 |
| Rona McLaughlin | | 04/11/2021 |
| Caitriona Sweeney | | 26/10/2022 |
| John Hennessy | | 05/12/2022 |
| Martina Ni Chulain | | 05/12/2022 |
| Geraldine O'Hare | | 05/12/2022 |
| Adrienne Byrne | | 05/12/2022 |
| Marcella Finnerty | | 25/02/2023 |
| Paul Hersee | | 06/03/2023 |
| Deirdre Saul | | 21/03/2023 |
| Dara Purcell | | 21/03/2023 |
| Emma Benton | | 21/03/2023 |
| Noelle Reilly | | 27/03/2023 |
| Denis Murphy | | 12/07/2023 |

# Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle *ar lean.*

Ceapadh na comhaltaí seo a leanas den Chomhairle (A) athcheaptha (R); Emma Gonoud (A) 31 Márta 2021 (R) 23 Meán Fómhair 2022, Claire Hogan (A) 18 Nollaig 2020 (R) 05 Aibreán 2022, Patricia Jordan (A) 26 Samhain 2020 (R) 25 Feabhra 2023, Mary Tumelty (A) 24 Samhain 2019 (R) 21 Márta 2023, Martina Ni Chulain (A) 05 Nollaig 2022 (R) 21 Márta 2023 agus Geraldine O'Hare (A) 05 Nollaig 2022 (R) 21 Márta 2023.

Rinne an Chomhairle Breithmheas Bliantúil rialachais i mí na Nollag 2022.

## Boird Chlárúcháin

Bunaítear Boird Chlárúcháin chun an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin iompair ghairmiúil agus oideachais, oiliúna agus inniúlachta gairmiúla a chur chun cinn i measc cláraithe na ngairmeacha ainmnithe. Tá na Boird Chlárúcháin seo a leanas ag feidhmiú in 2022 sa Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh:

1. Bord Clárúcháin na nDiatéiteach*
2. Bord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine*
3. Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Ceirde*
4. An Bord Clárúcháin Súil-Liachta*
5. Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí*
6. Bord Clárúcháin na Síceolaithe
7. Bord Clárúcháin na Radagrafaithe*
8. Bord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh
9. Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha*
10. Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga*
11. Bord Clárúcháin na gCoslianna*
12. Bord na gComhairleoirí agus na Síciteiripeoirí

** gairmithe á gclárú in 2022*

Tá sé choiste curtha ar bun ag an gComhairle, mar seo a leanas:

### 1. Iniúchóireacht, Riosca agus Rialachas (ARGC):

seachtar comhaltaí a bhfuil cúigear díobh ina gcomhaltaí den Chomhairle. Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) tacú leis an gComhairle maidir lena chuid freagrachtaí i dtaca le saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus leis an ráthaíocht ghaolmhar. Tá an ARGC neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Cinntíonn an Coiste go sonrach go ndéantar faireachán gníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tuairiscíonn an ARGC don Údarás tar éis gach cruinnithe, agus ar bhonn foirmiúil i scríbhinn gach bliain. Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Iniúchta, Riosca agus Rialachais: Margaret Boland (Cathaoirleach), John F Scott, Aisling Timoney, John Hennessy agus Martina Ni Chulain (Comhaltaí den Chomhairle), Ray Dolan agus Elaine Sheridan (Comhaltaí seachtracha). Bhí cúig chruinniú ag an ARGC in 2022.

### 2. An Coiste Airgeadais, Feidhmíochta agus Acmhainní (FGPC):

Tá triúr comhaltaí den chomhairle ar an gCoiste. Is é bunchuspóir an Choiste seo struchtúr breithmheasa neamhspleách a chur ar fáil laistigh de CORU chun a fheidhmíocht airgeadais, agus an leithdháileadh acmhainní agus buiséad a thomhas agus a mheasúnú. Is iad Michael O'Keeffe (Cathaoirleach) John F. Scott, Mary Ann Therese Flynn agus Deirdre Saul comhaltaí an choiste seo. Bhí sé chruinniú ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca in 2022.

# Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle *ar lean.*

### 3. An Coiste Clárúcháin agus Aitheantais (RC):

deichniúr comhaltaí a bhfuil seachtar díobh ina gcomhaltaí den Chomhairle. Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste seo: Marie Culliton (Cathaoirleach), Maeve Murphy, Joe Martin, Anne Horgan, James Forbes, Catherine McKenna, Gerard Walshe (comhalta den Comhairle), Damhnait Gaughan, agus Norma Judge. Bhí cúig chruinniú ag an RC in 2018.

### 4. An Coiste Oideachais (EC):

seachtar comhaltaí a bhfuil ceathrar díobh ina gcomhaltaí den Chomhairle. Is é ról an choiste seo comhairle a chur ar an gComhairle maidir le beartais agus nósanna imeachta maidir le hoideachas, oiliúint agus forbairt ghairmiúil leanúnach. Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste seo: Irene Regan (Cathaoirleach), Treasa Campbell, Marcella Finnerty, Paul Hersee (comhaltaí den Chomhairle), Kenneth Freeman, Rena Young agus Stephen Swanton (comhaltaí seachtracha). Bhí ceithre chruinniú den EC in 2022.

### 5. An Coiste Comhairleach um Fheidhmíocht Ghairmiúil (PPAC):

cúigear comhaltaí a bhfuil ceathrar díobh ina gcomhaltaí den Chomhairle. Is é ról an choiste seo cúnamh agus comhairle a thabhairt don Chomhairle i roinnt príomhréimsí lena n-áirítear feidhmiúlacht chun cleachtadh. Is iad Stephanie Manahan (Cathaoirleach), Mary Tumelty, Maureen Carolan, Aisling Timoney (baill na Comhairle), agus Sara Van den Bergh (Ball seachtrach) comhaltaí an choiste seo. Bhí ceithre chruinniú den PPAC in 2022.

### 6. Coiste Ainmniúchán (NC):

ceathrar comhaltaí a bhfuil triúr díobh ina gcomhaltaí den Chomhairle. Is é ról an choiste seo an próiseas chun daoine a cheapadh ar an gCoiste a stiúradh agus moltaí a thabhairt don Chomhairle. Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste seo: Emma Gonoud (Cathaoirleach), Margaret Boland, Caitríona Sweeney (Comhaltaí na Comhairle) agus Miriam O'Callaghan (Ball seachtrach) Bhí ceithre chruinniú den NC ann in 2022.

# Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle *ar lean.*

## Sceideal Tinrimh, Táillí agus Speansais

Tá sceideal tinrimh ó chruinnithe an Bhoird agus na gCoistí in 2022 leagtha amach thíos, lena n-áirítear na táillí agus na costais a fuair gach comhalta:

| Líon cruinnithe | don Chomhairle 9 | ARGC 5 | FC 6 | RC 4 | EC 4 | PPAC 4 | NC 4 | Táillí 2022 € | Costais 2022 € |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Mo Flynn | 9 | | | | | | | 8,978 | - |
| John F Scott | 9 | 5 | 6 | | | | | - | - |
| David Irwin | 6 | | | | 1/1 | 1/1 | | - | - |
| Paul Lyng | 9 | 5 | | | | | | - | - |
| James Forbes | 7 | | | 3 | | | 4 | - | - |
| Carmel Smith | 5 | | | | 2 | | | - | - |
| Treasa Campbell | 5 | | | | 3 | | | - | - |
| Paula O'Shea | 8 | | | | | | | - | - |
| Fred Powell | 9 | | | 4 | 0/2 | | | - | - |
| Stephanie Manahan | 7 | | | | | 4 | | - | - |
| Owen Blee | 9 | | 6 | | | | | - | - |
| Irene Regan | 7 | | | | 3 | | | - | 62 |
| Julia Shaw | 9 | | | | | | | - | 190 |
| Patricia Jordan | 9 | | | 4 | | | | - | |
| Rona McLaughlin | 6 | | | | | | | - | |
| Margaret Boland | 8 | 5 | | | | | 2 | - | |
| Mary Tumelty | 9 | | | | | 2 | | - | 1,233 |
| Michael Redmond | 7 | | 3/4 | | | | | - | |
| Genevieve O'Halloran | 3/4 | | | 1/1 | | | | - | 160 |
| Tom Rooney | 0/4 | | | | | | | - | |
| Mary Ann Flynn | 8 | | 4 | | | | | - | |
| Barry O'Brien | 2/4 | | | | | | 1/1 | - | |
| Gabrielle Fitzpatrick | 4/5 | | | 3 | | | | - | 66 |
| Claire Hogan | 3/7 | | | | | | | - | |
| Michael O'Keeffe | 7 | | 6 | | | | | - | |
| Maureen Carolan | 9 | | | | | | | - | |
| Rachel Mooney | 5 | | | | | | 2/3 | - | |
| Catherine Byrne | 7 | | | | | | | - | |
| Caitriona Sweeney | 2/2 | | | | | | | - | - |
| Emma Gonoud | 5/7 | | | | | | 2 | - | - |
| Aisling Timoney | 2/3 | | | | | 1/1 | | - | - |
| | | | | | | | | **8,978** | **1,711** |

De réir an Achta um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh 2005, ní fhaigheann baill na Comhairle aon táillí. Fuair an Cathaoirleach, Mo Flynn, stipinn le linn 2022.

# Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle *ar lean.*

## Príomh-Athruithe Pearsanra

Tháinig deireadh le téarmaí seirbhíse cúigear ball den Chomhairle i rith na bliana. De réir an Achta um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh 2005, cheap an tAire cúigear comhaltaí nua. Bhí trí cheapachán nua ar an bhfoireann ardbhainistíochta le linn na bliana freisin – Margaret Hynds O'Flanagan, Ceann Aitheantais, in áit Aoife Sweeney mar Leas-Chláraitheoir, Erica Champ, Ceann Gnóthaí Dlí agus Feidhmiúlachta chun Cleachtaidh in áit Claire Millrine agus Catherine Byrne ceaptha ina Ceann Straitéise agus Beartais.

## Nochtadh a éilíonn an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Chomhairle freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh na riachtanais faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Teastaíonn na nochtuithe a leanas faoin gCód:

## Costais Sainchomhairleoireachta

Folaíonn costais chomhairleoireachta an costas i leith comhairle sheachtrach don lucht bainistíochta agus ní fholaíonn feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnáthghnó'.

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|
| Táillí Dlí – Ginearálta agus Forfheidhmiú | 163,623 | 75,588 |
| Seirbhísí Soláthair Straitéisigh | 29,625 | 20,000 |
| Forbairt Eagraíochta | 7,197 | 3,770 |
| Iniúchadh Inmheánach | 75,645 | 99,252 |
| Bainistiú Sláinte agus Sábháilteachta | 4,359 | 165 |
| Scaipeadh agus cumarsáid | 39,494 | 36,671 |
| Acmhainní Daonna | 22,051 | 6,197 |
| Costais chomhairleachta iomlána | **341,994** | **241,643** |
| | | |
| Costais chomhairleachta arna gcaipitliú | | - |
| Costais chomhairleachta a chuirtear chun dochar an ráitis ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim coinnithe | 341,994 | 241,643 |
| Cúlchistí ioncaim | | |
| Iomlán | **341,994** | **241,643** |

# Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle *ar lean.*

## Costais Dhlíthiúla agus Socruithe

Ní raibh aon chostais dlí le nochtadh a bhain le himeachtaí dlí ná socraíochtaí. Tá na táillí dlí a thabhaíonn an Chomhairle i bhfeidhmiú a feidhmeanna reachtacha leagtha amach i nóta 9 de na ráitis airgeadais.

## Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Tá caiteachas taistil agus cothaithe catagóirithe mar a leanas

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|
| **Sa Bhaile** | | |
| - An Chomhairle* | 1,779 | - |
| - Coistí* | 148 | 426 |
| - Bord Clárúcháin | 7,325 | 780 |
| - Fostaithe | 1,780 | 2,201 |
| **Idirnáisiúnta** | | |
| - An Chomhairle* | 848 | - |
| - Coistí* | - | - |
| - Bord Clárúcháin | - | - |
| - Fostaithe | 24,037 | 6,197 |
| Iomlán | **35,917** | **3,407** |

* áirítear anseo taisteal agus cothabháil €1,711 a íocadh go díreach le baill na Comhairle in 2022. Baineann an t-iarmhéid €1,064 le caiteachas a íocann an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh thar ceann bhaill na Comhairle. Chomh maith leis sin áirítear €nialas i ndáil le costais toghcháin.

## Caiteachas ar Fháilteachas

Áirítear an caiteachas fáilteachais a leanas leis an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais:

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|
| Fáilteachas na foirne agus na Comhairle | 4,599 | 5,980 |
| Iomlán | **4,599** | **5,980** |

# Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle *ar lean.*

## Ráiteas Comhlíontachta

Chomhlíon an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh ceanglais an Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016, ach amháin sna cásanna seo a leanas:

Tá 12 Bhord Clárúcháin aonair ann faoi láthair do Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh in Éirinn. Is comhlachtaí cinnteoireachta neamhspleácha iad seo a bunaíodh faoi Chuid 3 den Acht lena gcumhachtaí agus a bhfeidhmeanna forordaithe féin. Dírítear sprioc fhoriomlán an Achta chun leibhéal measartha substaintiúil neamhspleáchais a cheadú do Bhoird Chlárúcháin. I gCuid 2, Alt 8 den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh 2005 sonraítear “feidhmeanna agus cumhachtaí na Comhairle.” Is í an Chomhairle an comhlacht rialaithe aitheanta laistigh de CORU agus tá freagracht iomlán uirthi as gach ní a bhaineann le cúrsaí airgeadais. Ní thugtar buiséid ar leithligh ná neamhspleácha do na Boird. Sonraítear i gCuid 3 alt 27 den Acht “cuspóir, feidhmeanna agus cumhachtaí bord clárúcháin.” De réir Cuid 3 alt 27, tá freagracht reachtúil ar Bhoird Chlárúcháin as nithe a bhaineann le clárú, aitheantas, ceadú clár oideachais agus smachtbhannaí.

Faoi Alt 1.8 den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016, ní mór don Chomhairle na riachtanais Um Dhearbhú Bliantúil a chomhlíonadh don Aire agus don Roinn mar seo a leanas:

> "Tá freagracht ar an mBord as a chinntiú go bhfuil córais éifeachtacha rialaithe inmheánaigh á dtionscnamh agus á gcur i bhfeidhm. Tá ar an mBord a dheimhniú gach bliain don Aire ábhartha go bhfuil córas cuí rialaithe inmheánaigh agus airgeadais i bhfeidhm ag an gcomhlacht Stáit.”

Tá meicníocht i bhfeidhm inar féidir tuairisciú a dhéanamh don Chomhairle sa chás nach gcloíonn Boird Chlárúcháin le treoirlínte nó le teimpléid na Comhairle. Suíonn ball de gach Bord Clárúcháin ar an gComhairle freisin agus is féidir leis nó léi tuairisc a thabhairt don Chomhairle ar aon ábhar imní.



Mo Flynn
*Leaschathaoirleach*

Dáta: 07 Meán Fómhair 2023



Margaret Hynds O’Flanagan
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (Eatramhach)*

Dáta: 07 Meán Fómhair 2023

# Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

## Réim Freagrachta

Thar ceann chomhaltaí na Comhairle Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, admhaím an fhreagracht atá orainn as a chinntiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach maidir le rialú inmheánach airgeadais.

## Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach

Ní fhéadann an córas um rialú inmheánach airgeadais ach dearbhú réasúnach, nach dearbhú iomlán é, a thabhairt go ndéantar na sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí iad i dtréimhse thráthúil.

## An cumas chun déileáil le Riosca

Bunaíodh an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais in 2009. Tháinig an coiste seo le chéile cúig huaire le linn 2022.

Bunaíodh sásraí lena chinntiú go bhfuil na córais Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) slán go leor, lena n-áirítear beartais agus nósanna imeachta rialaithe cuí a bhunú.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an gComhairle a thuairiscíonn do Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais na Comhairle. Bíonn an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí ag cloí leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Cuirtear bonn eolais faoin monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanann an Chomhairle ar éifeachtacht na gcóras um rialú inmheánach airgeadais tríd an obair a dhéanann an t-iniúchóir inmheánach, ar ról é a chuirtear amach ar conradh, agus an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais.

## Tionchar phaindéim COVID-19 ar an timpeallacht rialaithe

Ba le teacht phaindéim Covid-19 go luath in 2020, agus an chomhairle sláinte poiblí agus na bearta sábháilteachta dá barr, a tháinig athrú ar chleachtais oibre CORU go tapa agus go bunúsach agus d’fhág go raibh an chianobair agus an obair fhíorúil mar ghnáthchleachtais oibre do gach ball foirne de chuid CORU. Rinne CORU monatóireacht ghéar ar na forbairtí, ag iarraidh na rioscaí a d’fhéadfadh dul i bhfeidhm ar a oibríochtaí gnó, a fhoireann agus a gheallsealbhóirí a mhaolú. Áirítear ar na gníomhaíochtaí a rinne CORU: -

- Aistriú oibríochtaí gnó CORU chuig timpeallacht cianoibre in arbh fhéidir le próisis ghnó leanúint ar aghaidh mar ba ghnáth.
- Rinneadh measúnú leanúnach ar na rioscaí suntasacha a bhain le paindéim Covid-19 agus cumas CORU dul i ngleic leo go héifeachtach trí Chlár Riosca COVID-19 a bhunú agus monatóireacht leanúnach a dhéanamh air do gach limistéar feidhme.
- Cinntíodh gur cloíodh le dealú láidir dualgas agus go raibh clúdach leordhóthanach i bhfeidhm sa chas nach raibh údaráis cheadaithe shonracha ar fáil.
- Cinntíodh gur leanadh le gach beartas agus nós imeachta maidir le cosaint sonraí agus bainistíochta taifead á gcur i bhfeidhm mar is gnách.
- Cinntíodh go bhfuair baill foirne rochtain ar líonra CORU trí úsáid a bhaint as trealamh TFC faofa CORU agus go raibh an trealamh TFC riachtanach ar fáil do gach ball foirne a bhí ag obair go cianda.
- Rinneadh measúnú ar acmhainneacht laigí i rialuithe inmheánacha mar thoradh ar COVID-19 agus rinneadh bearta chun monatóireacht agus nuashonrú a dhéanamh ar rialuithe inmheánacha nuair ba ghá.

# Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach *ar lean.*

## Creatlach Riosca agus Rialaithe

Tá an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreat um fhaisnéis rialta a bheith ar fáil don lucht bainistíochta, córas tarmligthe agus cuntasachta, nósanna imeachta i dtaobh cúrsaí airgeadais, nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear deighilt dualgas, agus dianseiceálacha leanúnacha á gcur i bhfeidhm ag an bhfoireann airgeadais. Áirítear go háirithe leis an gcóras:

- Córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil arna athbhreithniú agus arna fhaomhadh ag comhaltaí na Comhairle.
- Teorainneacha údaraithe a leagan amach maidir le cistí na Comhairle a eisíoc.
- Athbhreithniú rialta ag comhaltaí na Comhairle ar fhaisnéis agus ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla (cuntais bhainistíochta ina measc) a léiríonn an fheidhmíocht airgeadais in aghaidh buiséad.

Tá foireann feidhmiúcháin na Comhairle freagrach as an gcreat rialuithe airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil. Ag teacht le beartas sceithireachta na Comhairle, dhearbhaigh an t-oifigeach sceithireachta nach ndearnadh nochtadh sceithireachta ar bith sa bhliain airgeadais 2022. Deimhnímid freisin nár aithníodh aon neamhrialtachtaí airgeadais le linn an athbhreithnithe ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais. Is mír bhuan é riosca ar chlár oibre na Comhairle agus déanann an Bhainistíocht Shinsearach agus an Chomhairle athbhreithniú míosúil ar chláir riosca agus déanann an Coiste Iniúchta, Riosca agus Rialachais athbhreithniú orthu ar bhonn ráithiúil.

## Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá bearta déanta ag an gComhairle chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir.
- Prionsabail an rialachais chorparáidigh atá in *Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (leagan athbhreithnithe 2016)* a ghlacadh, lena n-áirítear:
    - Deimhniú go bhfuil na treoirlínte soláthair á gcomhlíonadh mar atá leagtha amach sa Chód.
    - Deimhniú go bhfuil an Cód á chomhlíonadh i dtaobh diúscairt sócmhainní agus an rochtain atá ag tríú páirtithe ar shócmhainní.
    - Deimhniú go bhfuil beartas an Rialtais á chur chun feidhme maidir le luach saothair an POF.
    - Beartais agus nósanna imeachta athbhreithnithe agus críochnaithe chun éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a áirithiú.
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus chun sócmhainní na heagraíochta a chosaint

## Soláthar

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an gComhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh chun comhlíonadh na rialacha agus na dtreoirlínte soláthair reatha arna mbunú ag an Oifig um Sholáthar Rialtais a chinntiú agus le linn 2022, chloígh an Chomhairle leis na nósanna imeachta sin.

# Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach *ar lean.*

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Rinne an Coiste Iniúchta, Riosca agus Rialachais agus an Chomhairle athbhreithniú ar an Ráiteas maidir leis an gCóras Rialuithe Inmheánacha lena chinntiú go léiríonn sé go cruinn an córas rialaithe atá i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe.

Rinne gnólacht seachtrach athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha in 2022 agus shínigh an Chomhairle iad an 23 Márta 2023.

Rinne an Chomhairle athbhreithniú leanúnach ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha do 2022 le linn 2022 agus rinne obair an ARGC agus an Iniúchta Inmheánaigh eolas don chomhairle agus í i mbun an athbhreithnithe sin. Tá an Chomhairle réasúnta cinnte go bhfuil na córais rialaithe inmheánaigh a thionscnaíodh agus a cuireadh i bhfeidhm sa Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022 éifeachtach.

## Saincheisteanna maidir le Rialú Inmheánach

Ní dhearnadh aon laigí sa rialú inmheánach a shainaithint maidir le 2022 a n-éilítear iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

Leanann an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh de mhonatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na rialuithe.



Mo Flynn
*Leaschathaoirleach*

Dáta: 07 Meán Fómhair 2023



Margaret Hynds O’Flanagan
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (Eatramhach)*

Dáta: 07 Meán Fómhair 2023

# Tuairisc an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

## Health and Social Care Professionals Council

### Qualified opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of the Health and Social Care Professionals Council for the year ended 31 December 2022 as required under the provisions of section 21 of the Health and Social Care Professionals Act 2005. The financial statements have been prepared in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland* and comprise

- the statement of income and expenditure and retained revenue reserves
- the statement of financial position
- the statement of cash flows, and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, except for the non-compliance with the requirements of FRS 102 in relation to retirement benefit entitlements referred to below, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the Health and Social Care Professionals Council at 31 December 2022 and of its income and expenditure for 2022 in accordance with FRS 102.

#### *Basis for qualified opinion on financial statements*

In compliance with the directions of the Minister for Health, the Health and Social Care Professionals Council accounts for the costs of retirement benefit entitlements only as they become payable. This does not comply with FRS 102 which requires that the financial statements recognise the full cost of retirement benefit entitlements earned in the period and the accrued liability at the reporting date. The effect of the non-compliance on the Health and Social Care Professionals Council's financial statements for 2022 has not been quantified.

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of the Health and Social Care Professionals Council and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

### Report on information other than the financial statements, and on other matters

The Health and Social Care Professionals Council has presented certain other information together with the financial statements. This comprises the governance statement and Council members' report, and the statement on internal control. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

I have nothing to report in that regard.

**John Crean**
**For and on behalf of the**
**Comptroller and Auditor General**

**12 September 2023**

# Tuairisc an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais *ar lean*

As detailed in the governance statement and Council members' report, the Council members are responsible for

- the preparation of annual financial statements in the form prescribed under section 21 of the Health and Social Care Professionals Act 2005
- ensuring that the financial statements give a true and fair view in accordance with FRS 102
- ensuring the regularity of transactions
- assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
- such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of financial statements that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

## Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under section 21 of the Health and Social Care Professionals Act 2005 to audit the financial statements of the Health and Social Care Professionals Council and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

My objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the financial statements as a whole are free from material misstatement due to fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of these financial statements.

As part of an audit in accordance with the ISAs, I exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so,

- I identify and assess the risks of material misstatement of the financial statements whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.
- I obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.
- I evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.
- I conclude on the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting and, based on the audit evidence obtained, on whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on the Health and Social Care Professionals Council's ability to continue as a going concern. If I conclude that a material uncertainty exists, I am required to draw attention in my report to the related disclosures in the financial statements or, if such disclosures are inadequate, to modify my opinion. My conclusions are based on the audit evidence obtained up to the date of my report. However, future events or conditions may cause the Health and Social Care Professionals Council to cease to continue as a going concern.
- I evaluate the overall presentation, structure and content of the financial statements, including the disclosures, and whether the financial statements represent the underlying transactions and events in a manner that achieves fair presentation.

I communicate with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that I identify during my audit.

I report by exception if, in my opinion,

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- the accounting records were not sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited, or
- the financial statements are not in agreement with the accounting records.

### *Information other than the financial statements*

My opinion on the financial statements does not cover the other information presented with those statements, and I do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with my audit of the financial statements, I am required under the ISAs to read the other information presented and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the financial statements or with knowledge obtained during the audit, or if it otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work I have performed, I conclude that there is a material misstatement of this other information, I am required to report that fact.

### *Reporting on other matters*

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation. I report if I identify material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit. I report if I identify any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where transactions did not conform to the authorities governing them.

# Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe

## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

| | Nótaí | An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022 €m | An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2021 €m |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontas ón Státchiste | 2 | 5,098,993 | 4,476,989 |
| Ioncam ó Tháillí | 3 | 3,002,841 | 2,610,677 |
| Asbhaintí i dtaobh Aoisliúntas Fostaíochta | | 24,004 | 34,244 |
| | | **8,125,838** | **7,121,910** |
| **Caiteachas** | | | |
| Tuarastail | 8 | 3,872,287 | 3,198,295 |
| Taisteal agus Costais Foirne | 5 | 41,397 | 10,289 |
| Costais bhunaíochta agus chóiríochta | 4 | 756,851 | 789,030 |
| Riarachán Oifige | 6 | 799,202 | 701,596 |
| Clárú agus Aitheantas Cáilíochtaí Idirnáisiúnta | 7 | 401,507 | 255,518 |
| Táillí Dlí agus Táillí Gairmiúla | 9 | 1,975,200 | 1,513,088 |
| Oideachas/Forbairt Ghairmiúil Leanúnach | | 170,386 | 221,930 |
| Táillí Iniúchóireachta | | 16,250 | 14,150 |
| Dímheas | 10,11 | 184,467 | 188,941 |
| | | **8,217,547** | **6,892,837** |
| **(Easnamh)/Barrachas don bhliain** | | **(91,709)** | **229,073** |
| Aistriú ón / (chuig) an gCuntas Caipitil | 14 | 117,671 | 176,588 |
| **Barrachas don Bhliain tar éis Leithreasuithe** | | **25,962** | **405,661** |
| Iarmhéid ag tús na bliana | | (381,913) | (787,574) |
| Iarmhéid ag deireadh na bliana | | **(355,951)** | **(381,913)** |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus Nóta 1 go 19.



Mo Flynn
*Leaschathaoirleach*

Dáta: 07 Meán Fómhair 2023



Margaret Hynds O'Flanagan
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (Eatramhach)*

Dáta: 07 Meán Fómhair 2023

# Ráiteas ar Staid an Airgeadais

amhail an 31 Nollaig 2022

| | Nótaí | An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022 €m | An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2021 €m |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Sócmhainní Doláimhsithe | 10 | - | - |
| Maoin, Gléasra agus Trealamh | 11 | 946,565 | 1,064,236 |
| | | 946,565 | 1,064,236 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim | | 1,017,194 | 796,730 |
| Infháltais agus réamhíocaíochtaí | 12 | 391,276 | 387,701 |
| | | 1,408,470 | 1,184,431 |
| **Dliteanais Reatha (suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin)** | | | |
| Méideanna Iníoctha | 13 | 1,764,421 | 1,566,344 |
| | | 1,764,421 | 1,566,344 |
| **Glansócmhainní Reatha** | | (355,951) | (381,913) |
| **Glansócmhainní iomlána** | | **590,614** | **682,323** |
| **Arna léiriú ag** | | | |
| Cuntas Caipitil | 14 | 946,565 | 1,064,236 |
| Cúlchistí Ioncaim Choinnithe | | (355,951) | (381,913) |
| | | **590,614** | **682,323** |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus Nóta 1 go 19.

Mo Flynn
*Leaschathaoirleach*

Dáta: 07 Meán Fómhair 2023

Margaret Hynds O'Flanagan
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (Eatramhach)*

Dáta: 07 Meán Fómhair 2023

# Ráiteas ar Shreafaí Airgid

## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

| | Nótaí | An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022 € | An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2021 € |
|---|---|---|---|
| **Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | | |
| Barrachas don bhliain | | 25,962 | 405,661 |
| Muirear amúchta | 10 | - | - |
| Muirear dímheasa | 11 | 184,467 | 188,941 |
| (Méadú)/Laghdú ar infháltais | | (3,576) | 61,228 |
| Méadú ar shuimeanna iníoctha | | 198,078 | 77,170 |
| Caillteanas ar dhiúscairt | | - | - |
| Gluaiseacht sa chuntas caipitil | | (117,671) | (176,588) |
| Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin | | **287,260** | **556,412** |
| **Sreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | | |
| Caiteachas Caipitiúil | 11 | (66,796) | (12,353) |
| **Glanmhéadú/(Glanlaghdú) ar airgead agus coibhéisí airgid** | | **220,464** | **544,059** |
| Airgead agus coibhéisí airgid ag tús na bliana | | 796,730 | 252,671 |
| Airgead agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana | | **1,017,194** | **796,730** |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad Nóta 1 go dtí Nóta 19.



Mo Flynn
*Leaschathaoirleach*

Dáta: 07 Meán Fómhair 2023



Margaret Hynds O'Flanagan
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (Eatramhach)*

Dáta: 07 Meán Fómhair 2023

# Nótaí

(atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

## 1. Beartais chuntasaíochta

### a) Ginearálta

Bunaíodh an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh an 20 Márta 2007 faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú) ("an tAcht") chun gairmeacha sláinte agus cúraim shóisialaigh ainmnithe a rialáil.

### b) Comhlíonadh FRS 102

Ullmhaíodh ráitis airgeadais na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (CORU) don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme agus le FRS102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais sa Ríocht Aontaithe. Ar ordú ón Aire Sláinte, níltear ag cloí le forálacha FRS 102 i ndáil le sochair scoir. Comhlíonann na ráitis airgeadais FRS 102 ar gach slí eile.

### c) Bonn an Ullmhaithe

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil, agus cloíonn siad leis na caighdeáin tuairiscithe airgeadais den Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais, ach amháin i gcás ina léirítear a mhalairt anseo thíos.

Tá na ráitis airgeadais i bhfoirm atá formheasta ag an Aire Sláinte. Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais in euro, arb é airgeadra feidhmeach na Comhairle é.

### d) Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Chriticiúla

Chun na ráitis airgeadais seo a ullmhú, ní mór don lucht bainistíochta breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh agus boinn tuisceana a ghlacadh a théann i gcion ar chur i bhfeidhm beartas agus ar na méideanna arna dtuairisciú i ndáil le sócmhainní agus dliteanais agus i ndáil le hioncam agus speansais.

Déantar meastóireacht leanúnach ar bhreithiúnais agus ar mheastacháin agus bunaítear iad ar thaithí stairiúil agus ar thosca eile, lena n-áirítear teagmhais a meastar go réasúnach a d'fhéadfadh tarlú amach anseo. Déanann an Chomhairle meastacháin agus glacann sí boinn tuisceana maidir leis an am atá le teacht. Is dual do na meastacháin chuntasaíochta gur annamh a bheidh siad ag teacht go beacht leis na torthaí iarbhír a bhaineann leo. Pléitear thíos na meastacháin agus na boinn tuisceana a bhfuil baol suntasach ann go bhféadfaidís a bheith ina gcúis le coigeartú ábhartha ar shuimeanna glanluacha na sócmhainní agus na ndliteanas sa chéad bhliain airgeadais eile:

#### (i) Gnóthas leantach

Níl aon neamhchinnteacht ábhartha ann maidir le cumas na Comhairle a cuid dliteanas a chomhlíonadh de réir mar a bheidh siad dlite, ná maidir le leanúint ar aghaidh ag feidhmiú mar ghnóthas leantach. Leanfaidh CORU de mhaoiniú Státchiste a éileamh agus a fháil go dtí go mbeidh sí féinmhaoinithe trí tháillí clárúcháin agus táillí eile. Leanfaidh an Roinn Sláinte ag obair go dlúth le CORU maidir lena riachtanais mhaoinithe. Dá réir sin, measann an Chomhairle gur cuí ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh. Ar an mbonn sin, ní áirítear sna ráitis airgeadais seo aon choigeartuithe ar na suimeanna glanluacha i dtaobh sócmhainní agus dliteanais ná ar an aicmiú orthu a d'fhéadfadh a bheith i gceist dá mba rud é nach mbeadh an Chomhairle in ann leanúint ar aghaidh ag feidhmiú mar ghnóthas leantach.

## **Nótaí** *(atá ina gcuid de na ráitis airgeadais) ar lean.*

**(ii) Fad saoil a bhunú chun críocha an dímheasa ar mhaoin, gléasra agus trealamh**

Is cuid shuntasach de na sócmhainní go léir iad sócmhainní a mhaireann ar feadh i bhfad, lena gcuimsítear go príomha maoin, gléasra agus trealamh. Braitheann an muirear dímheasa bliantúil go príomha ar shaol measta gach cineál sócmhainne agus ar na meastacháin ar luachanna iarmharacha. Déanann an Chomhairle athbhreithniú rialta ar shaol na sócmhainní sin agus athraítear a fad saoil de réir mar is gá ag teacht leis an bhfad saoil a mheastar faoi láthair atá fágtha acu i bhfianaise na húsáide eacnamaíche a mheastar a bhainfear astu agus riocht fisiceach na sócmhainní lena mbaineann. Is féidir tionchar nach beag a bheith ag athruithe i saol sócmhainne ar mhuirir dhímheasa i leith na tréimhse. Tá mionsonraí ar shaol úsáideach san áireamh sna beartais chuntasaíochta.

### e) Deontas ón Státchiste

Tugtar cuntas ar Dheontais Státchiste chun caiteachas ábhartha a íoc ar bhonn fáltais airgid. Tugtar cuntas ar Dheontais Chaipitil Státchiste ar bhonn fabhraithe.

### f) Ioncam ó Tháillí

Aithnítear táillí athnuachana sa tréimhse lena mbaineann an athnuachan. Aithnítear ioncam a fhaightear sa bhliain i leith táillí na bliana dár gcionn mar ioncam don bhliain dár gcionn. Taispeántar é mar ioncam iarchurtha ar an ráiteas ar staid airgeadais agus cuirfear in áirithe é mar ioncam sa bhliain ina dhiaidh sin. Tugtar cuntas ar gach ioncam eile ar bhonn fáltais airgid.

### g) Sócmhainní seasta agus dímheas

(i) Luaitear na sócmhainní seasta ar a gcostas lúide dímheas carntha.

(ii) Déantar na sócmhainní seasta a dhímheas ar a gcostas stairiúil lúide dímheas carntha. Cuirtear an dímheas de mhuirear ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais ar bhonn líne díreach, ag na rátaí atá leagtha amach thíos, chun na sócmhainní a dhíscríobh, arna gcoigeartú don luach iarmharach, thar a saol úsáideach tuartha mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Troscán agus Feistis | 20.00% |
| Trealamh TF/Oifige | 33.33% |
| Feabhsú ar léasacht | 5.00% |

Déantar measúnú bliantúil ar luach iarmharach agus saol úsáideach sócmhainní seasta le haghaidh táscairí go bhféadfadh athrú a bheith tagtha orthu. I gcás ina bhfuil táscairí air sin ann, déanfar athbhreithniú ar an luach iarmharach, ar an modh dímheasa agus ar an saol úsáideach, agus déanfar iad siúd a leasú más gá. Déantar athruithe ar rátaí dímheasa a eascraíonn as an athbhreithniú sin a bhreacadh sna cuntais ar bhonn ionchasach thar an méid atá fágtha de shaol úsáideach na sócmhainní.

Is éard is Feabhsúcháin Léasachta ann ná feabhsuithe nó athruithe ar mhaoin atá ar léas a rachaidh chun tairbhe CORU ar feadh tréimhse níos faide ná bliain amháin. Thabhaigh CORU costais feistithe maidir lena hoifig ag Foirgneamh Infinity, Lána Sheoirse, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7. Díscríobhtar costas na n-oibreacha seo thar shaolré an léasa.

# **Nótaí** *(atá ina gcuid de na ráitis airgeadais) ar lean.*

## h) Sócmhainní Inláimhsithe – Forbairt Bogearraí

Déileáiltear le costais maidir le forbairt bogearraí ar mhórchórais mar mhíreanna caipitiúla agus déantar iad a dhíscríobh thar a saol úsáideach tuartha ón dáta a gcuirtear chun feidhme iad.

## i) Cuntas Caipitil

Léirítear sa Chuntas Caipitil luach neamh-amúchta an ioncaim a úsáidtear chun sócmhainní seasta a mhaoiniú.

## j) Sochair Fostaithe

### Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chostas sa bhliain, agus áirítear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana san fhigiúr Iníoctha sa Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais.

### Sochair Scoir

In 2017, cheadaigh an Roinn Sláinte scéim aoisliúntais maidir le socruithe pinsin sa Chomhairle de réir alt 13 den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh 2005. Roimhe sin, d'oibrigh an Chomhairle an Scéim Aoisliúntais Eiseamláireach ar bhonn riaracháin

Ritheadh ina dhlí an tAcht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012 ar an 28 Iúil 2012 agus tugadh isteach faoi Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ("Scéim Aonair") ar cuireadh tús feidhme léi le héifeacht ón 1 Eanáir 2013. Ball den Scéim Aonair is ea gach fostaí nua de chuid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh ar iontrálaithe nua iad chuig an Earnáil Phoiblí, ar an 1 Eanáir 2013 nó dá éis.

De réir threoir an Aire Sláinte, tugtar cuntas ar phinsin ar bhonn 'íoc mar a úsáidtear'. Forálacha FRS 102 'Alt 28: Ní chuirtear Sochair Fostaithe i bhfeidhm agus níor aithníodh an dliteanas i leith sochair phinsin amach anseo a fabhraíodh sa bhliain sna ráitis airgeadais.

## k) Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim

Cuimsítear leis an airgead tirim airgead tirim ar láimh agus sa bhanc.

## l) Foreign Currencies

Déantar idirbhearta in airgeadraí iasachta a aistriú ina euro agus a thaifeadadh ar an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ar laethanta na n-idirbheart. Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta in airgeadraí iasachta a aistriú ina euro ar an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ar dháta an chláir chomhardaithe nó ar rátaí conartha réamhcheannacháin sa chás inarb ann do na conarthaí sin.

## m) Soláthairtí

Aithnítear soláthair nuair a bhíonn oibleagáid dhlíthiúil nó oibleagáid inchiallaithe láithreach ar an gComhairle mar thoradh ar theagmhais roimhe seo; nuair is dócha go mbeidh gá le heis-sreabhadh acmhainní chun an oibleagáid a ghlanadh; agus nuair is féidir méid na hoibleagáide a mheas go hiontaofa.

# **Nótaí** *(atá ina gcuid de na ráitis airgeadais) ar lean.*

## 2. Deontas ón Státchiste

| | 2022 € | 2021 € |
|---|---|---|
| Vóta 38 Fotheideal E1 de chuid na Roinne Sláinte | 5,000,000 | 4,470,000 |
| Vóta 38 Fotheideal M1 de chuid na Roinne Sláinte (caipiteal) | 98,993 | 6,989 |
| | **5,098,993** | **4,476,989** |

## 3. Ioncam ó Tháillí*

| | 2022 € | 2021 € |
|---|---|---|
| Táillí na nOibrithe Sóisialacha | 583,039 | 540,223 |
| Táillí na bhFisteiripeoirí | 684,456 | 549,635 |
| Táillí na Radagrafaithe | 464,477 | 398,873 |
| Táillí na dTeiripeoirí Ceirde | 377,600 | 351,355 |
| Táillí na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga | 240,067 | 228,660 |
| Táillí Eolaithe Míochaine | **262,800** | **204,688** |
| Táillí na mBia-Eolaithe | 166,620 | 141,630 |
| Táillí na nOptaiméadraithe agus na Radharcmheastóirí Urghnamha | 177,498 | 135,295 |
| Measúnú ar Tháillí um Inniúlacht Ghairmiúil | 22,330 | 43,348 |
| Táillí Coslianna | 23,954 | 16,970 |
| | **3,002,841** | **2,610,677** |

Tá na cláir seo a leanas ag feidhmiú go hiomlán:

- Oibrithe Sóisialacha
- Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga
- Radagrafaithe agus Teiripeoirí Radaíochta
- Diaitéitigh
- Teiripeoirí ceirde
- Optaiméadraithe agus Radharceolaithe Dáileacháin
- Fisiteiripeoirí
- Eolaithe Míochaine

Osclaíodh Clár na gCoslianna ar an 31 Márta 2021. Ba é 31 Márta 2021 go dtí 31 Márta 2023 an idirthréimhse chlárúcháin do chleachtóirí reatha do choslianna.

*Áirítear le hioncam ó tháillí clárú, athnuachan agus aitheantas táillí a bhaineann le cáilíochtaí idirnáisiúnta. Rinneadh athruithe áirithe ar an gcaoi a gcuirtear i láthair míreanna sna ráitis airgeadais agus rinneadh na figiúirí comparáideacha a athaicmiú nuair ba ghá ar bhonn atá ar aon dul le cur i láthair na bliana seo

# **Nótaí** *(atá ina gcuid de na ráitis airgeadais) ar lean.*

## 4. Costais bhunaíochta agus chóiríochta

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|
| Lóistín | 689,120 | 736,221 |
| Deisiúcháin agus Cothabháil | 20,620 | 3,378 |
| Solas agus Teas | 17,468 | 20,589 |
| Glantachán | 14,947 | 16,348 |
| Slándáil | 14,696 | 12,494 |
| | **756,851** | **789,030** |

## 5. Taisteal agus Costais Foirne

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|
| Domestic Travel | 1,779 | 2,201 |
| Taisteal Idirnáisiúnta | 24,037 | - |
| Costais Foirne (lena n-áirítear Obair ón mBaile) | 15,581 | 8,088 |
| | **41,397** | **10,289** |

## 6. Riarachán Oifige

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|
| Tacaíocht TF agus Óstáil | 211,743 | 171,543 |
| Forbairt TF agus Pleanáil Straitéiseach | 53,750 | 64,364 |
| Oiliúint Foirne agus Comhdhálacha | 166,147 | 160,208 |
| Ceadúnais TF agus Cothabháil | 122,039 | 87,773 |
| Stáiseanóireacht agus Speansais Oifige | 46,445 | 26,547 |
| Costais na Comhairle agus na mBord Clárúcháin | 17,447 | 1,306 |
| Teileafón | 41,148 | 41,343 |
| Muirir Earcaíochta agus Baill Foirne Ghníomhaireachta | 32,597 | 31,803 |
| Cothabháil Oifige agus Conarthaí Seirbhíse | 7,461 | 12,329 |
| Muirir Bhainc | 24,648 | 16,798 |
| Clóbhuaileadh agus Foilseacháin | 18,788 | 12,193 |
| Árachas | 28,487 | 26,867 |
| Stipinn an Chathaoirligh | 8,978 | 9,726 |
| Síntiúis | 10,552 | 17,784 |
| Oiliúint ar Chomhaltaí | 4,413 | 15,032 |
| Costais Fáilteachais | 4,559 | 5,980 |
| | **799,202** | **701,596** |

# **Nótaí** *(atá ina gcuid de na ráitis airgeadais) ar lean.*

## 6 (a) Miondealú ar Chostais na Comhairle agus na mBord Clárúcháin

| | 2022 € | 2021 € |
|---|---|---|
| Cruinnithe na mBord Clárúcháin – Taisteal | 7,326 | 780 |
| Cruinnithe na Comhairle – Taisteal | 2,627 | - |
| Fochoiste – Taisteal | 148 | 426 |
| Cruinnithe na Comhairle – Costais na gCruinnithe | 7,336 | - |
| Fochoiste – Costais na gCruinnithe | 10 | - |
| Cruinnithe na mBord Clárúcháin – Costais na gCruinnithe | - | 100 |
| | **17,447** | **1,306** |

## 7. Clárú agus Aitheantas Cáilíochtaí Idirnáisiúnta

| | 2022 € | 2021 € |
|---|---|---|
| Measúnú ar Iarratais agus Próiseáil Iarratas | 268,107 | 175,242 |
| Aitheantas Cáilíochtaí Idirnáisiúnta | 104,292 | 44,652 |
| Mapáil Próisis agus Feabhsú Cáilíochta | 29,108 | 34,855 |
| Comhairliúchán Poiblí agus Fógraíocht | - | 769 |
| | **401,507** | **255,518** |

## 8. Tuarastail

### (a) Sochair Chomhiomlána Fostaithe

| | 2022 € | 2021 € |
|---|---|---|
| Sochair ghearrthéarmacha na foirne | 3,652,419 | 3,151,438 |
| Costais sochair scoir | 49,891 | 46,157 |
| Tacaíocht Amuigh ar Conradh | 169,977 | 700 |
| | **3,872,287** | **3,198,295** |

Bhí coibhéis lánaimseartha 79 duine fostaithe ag an gComhairle ag deireadh na bliana i dteannta leis an POF (2021: 78). Áirítear sa mhuirear costais a bhaineann le baill foirne a tugadh ar iasacht i gcaitheamh na bliana ach nach bhfuil san áireamh sa choibhéis lánaimseartha.

# **Nótaí** *(atá ina gcuid de na ráitis airgeadais) ar lean.*

## (b) Sochair Ghearrthéarmacha Foirne

| | 2022 € | 2021 € |
|---|---:|---:|
| Bunphá | 3,652,419 | 3,151,438 |
| Ragobair | - | - |
| Liúntais | - | - |
| **Iomlán** | **3,652,419** | **3,151,438** |

Baineadh €45,242 (2021: €42,346) de Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Breise (ASC) ó thuarastail agus íocadh é leis an Roinn Sláinte. Íocadh €140,493 (2021: €119,361) le DPER maidir le ranníocaíochtaí fostaithe faoin Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair.

## (c) Miondealú ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe

Déantar sochair ghearrthéarmacha fostaithe níos mó ná €60,000 a chatagóiriú sna bandaí a leanas:

| Raon | | | Líon fostaithe | |
|---|---|---|---:|---:|
| **Ó** | | **Go dtí** | **2022** | **2021** |
| €60,000 | - | €69,999 | 5 | 2 |
| €70,000 | - | €79,999 | 1 | 5 |
| €80,000 | - | €89,999 | 2 | 1 |
| €90,000 | - | €99,999 | - | - |
| €100,000 | - | €109,999 | - | - |
| €110,000 | - | €119,999 | 1 | 1 |

Tabhair faoi deara: Maidir leis an nochtadh faisnéise seo, áirítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe a bhaineann le seirbhísí a tugadh le linn na tréimhse tuairiscithe tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a dhéantar thar ceann an fhostaí, ach níl ÁSPC fostóra san áireamh.

## (d) Príomhphearsanra Bainistíochta

I measc na bpríomhphearsanra bainistíochta sa Chomhairle tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an Cathaoirleach, Ceann na Seirbhísí Corparáideacha, Ceann an Oideachais um Dhearbhú Cáilíochta, Ceann Clárúcháin, Leas-Chláraitheoir / Ceann Aitheantais, Ceann Gnóthaí Dlí & Feidhmiúlacht chun Cleachtadh, agus Ceann Straitéise agus Beartais.

| | 2022 € | 2021 € |
|---|---:|---:|
| Bunphá | 625,971 | 621,841 |
| **Iomlán** | **625,971** | **621,841** |

Ní théann teidlíochtaí pinsin príomhphearsanra bainistíochta thar scéim aoisliúntais eiseamláireach na hearnála poiblí.

## **Nótaí** *(atá ina gcuid de na ráitis airgeadais) ar lean.*

### (e) Luach Saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

Is mar seo a leanas a bhí luach saothair an POF don tréimhse airgeadais:

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|
| Bunphá | 118,874 | 112,992 |
| **Iomlán** | **118,874** | **112,992** |

Ní chuimsítear le teidlíocht phinsin an POF ach na gnáth-theidlíochtaí atá leagtha amach i scéim aoisliúntais eiseamláireach na hearnála poiblí le sochar sainithe. Ní áirítear luach na sochar scoir arna dtuilleamh sa tréimhse thuas. Rinneadh an POF a athcheapadh do théarma cúig bliana i mí an Mheithimh 2018 tar éis próiseas earcaíochta agus d'éirigh sí as an 30 Bealtaine 2023.

### (f) Táillí an Chathaoirligh agus Chomhaltaí na Comhairle

| | Tréimhse | Stipinn 2022<br>€ | Costais 2022<br>€ | Stipinn 2021 € | Costais 2021<br>€ |
|---|---|---|---|---|---|
| Mo Flynn | 01/01/2022 – 31/12/2022 | 8,978 | - | 9,726 | - |
| | | **8,978** | **-** | **9,726** | **-** |

Ní dhéantar íocaíocht le haon chomhalta eile den Chomhairle, de na Coistí ná de na Boird Chlárúcháin i leith a gcomhaltais.

## 9. Táillí Dlí agus Táillí Gairmiúla

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|
| Táillí Dlí – Feidhmiúlacht chun Cleachtadh | 962,038 | 798,384 |
| Bainistiú na bPáirtithe Leasmhara agus Cumarsáid leo | 211,130 | 189,370 |
| Táillí Dlí – Ginearálta agus Forfheidhmiú | 163,623 | 75,588 |
| Forbairt Eagraíochta | 98,274 | 9,967 |
| Iniúchadh Inmheánach | 75,645 | 99,252 |
| An Coiste Réamhimeachtaí | 244,921 | 109,724 |
| Forbairt Straitéiseach | 118,303 | 134,865 |
| Táillí Cuntasaíochta | 62,398 | 67,865 |
| Seirbhísí Soláthair Straitéisigh | 29,625 | 20,000 |
| Táillí Dlí – Rialáil | 4,884 | 7,908 |
| Bainistiú Sláinte agus Sábháilteachta | 4,359 | 165 |
| | **1,975,200** | **1,513,088** |

* Tháinig méadú suntasach ar líon na gcásanna faoi Alt 60 in 2022. Is ábhar mór imní iad na gearáin seo faoi chláraithe, agus is gá gníomhú/breithniú ina dtaobh láithreach, chun sábháilteacht an phobail a chosaint. Tá na nósanna imeachta a bhaineann leis seo costasach agus casta agus áirítear mar chuid díobh éisteachta os comhair an Choiste Réamh-Imeachta, na Comhairle agus na hArd-Chúirte, b'fhéidir.

## **Nótaí** *(atá ina gcuid de na ráitis airgeadais) ar lean.*

## 10. Sócmhainní Seasta Doláimhsithe

Tháinig córas na Comhairle um Chlárú/Oideachas/Cásbhainistíocht i bhfeidhm i rith 2015. Ba é €254,049 an costas a bhain le forbairt an chórais agus rinneadh an méid sin a chaipitliú agus a amúchadh ansin chuig an gcuntas Ioncaim agus Caiteachais ina thráthchodanna comhionanna thar shaolré ionchais an chórais. Cé go raibh an córas fós in úsáid ar an 31 Nollaig 2022, b'ionann glanluach leabhar na sócmhainne agus nialas (2021: nialas)

Tháinig córas na Comhairle um Chlárú/Oideachas/Cásbhainistíocht i bhfeidhm i rith 2015. Meastar go gcomhlíonann na costais sin na critéir atá leagtha amach i FRS 102 ionas gur féidir iad a chaipitliú agus dá réir sin, tá na costais forbartha á n-amúchadh go dtí an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus ina dtráthchodanna comhionanna thar thréimhse trí bliana, arb í saol tuartha feidhmíochta chóras na Comhairle um Chlárú/Oideachas/Cásbhainistíocht í.

## 11. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

| | Daingneáin agus feistis€ | Trealamh TF/ Oifige€ | Trealamh TF/ Oifige€ | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | |
| Costas amhail ar an 1 Eanáir 2022 | 351,290 | 748,307 | 1,144,108 | 2,243,705 |
| Breiseanna sa bhliain | 10,705 | 56,091 | - | 66,796 |
| Diúscairtí sa bhliain | - | - | - | - |
| Amhail an 31 Nollaig 2022 | **361,996** | **804,398** | **1,144,108** | **2,310,501** |
| **Dímheas** | | | | |
| Dímheas carntha ar 1 Eanáir 2022 | 280,413 | 670,239 | 228,817 | 1,179,469 |
| Dímheas i leith na bliana | 65,520 | 61,743 | 57,204 | 184,467 |
| Dímheas Carntha amhail ar an 31 Nollaig 2022 | **345,933** | **731,982** | **286,021** | **1,363,936** |
| **Glanluach de réir na leabhar** | | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2022 | **16,063** | **72,416** | **858,087** | **946,565** |
| Amhail an 31 Nollaig 2021 | **70,877** | **78,068** | **915,291** | **1,064,236** |

# **Nótaí** *(atá ina gcuid de na ráitis airgeadais) ar lean.*

## 12. Infháltais agus réamhíocaíochtaí

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|
| Réamhíocaíochtaí | 292,283 | 387,701 |
| Ioncam Caipitil agus Tionscadail Fabhraithe dlite ón Roinn Sláinte | 98,993 | - |
| | **391,276** | **387,701** |

Is ionann a bheag nó a mhór luachanna córa na bhféichiúnaithe agus na réamhíocaíochtaí agus a suimeanna glanluacha. Tá gach féichiúnaí dlite laistigh de bhliain amháin. Léirítear na féichiúnaithe glan ar lagú i leith fiacha amhrasacha.

## 13. Méideanna iníoctha (méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|
| Ioncam Iarchurtha | 1,334,046 | 1,227,017 |
| Fabhruithe | 262,844 | 160,504 |
| ÍMAT | 92,479 | 78,749 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 78,818 | 95,957 |
| Cárta Creidmheasa | 81 | 74 |
| Cáin Bhreisluacha | 2,115 | 1,140 |
| Méideanna iníoctha trádála | (5,962) | 2,903 |
| | **1,764,421** | **1,566,344** |

Tá cáin agus árachas sóisialach faoi réir théarmaí na reachtaíochta ábhartha. Fabhraítear ús agus cúiteamh ar íocaíocht dhéanach. Ní raibh aon ús dlite ag deireadh na bliana airgeadais. Tá téarmaí na bhfabhruithe bunaithe ar na conarthaí is bonn leo. Na suimeanna eile a áirítear i leith na méideanna iníoctha nach bhfuil clúdaithe ag nótaí sonracha maidir le nochtadh, tá siad neamhurraithe, gan ús agus in-aisíoctha ar éileamh.

## 14. Cuntas Caipitil

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag tús na tréimhse | 1,064,236 | 1,240,824 |
| **Aistriú (chuig an) / ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais** | | |
| Cistiú chun sócmhainní seasta a fháil (Nóta 10/11) | 66,796 | 12,353 |
| Lúide: An méid a scaoileadh ar dhiúscairt sócmhainní | - | - |
| Lúide: Amúchadh de réir dímheasa | (184,467) | (188,941) |
| | (117,671) | (176,588) |
| Iarmhéid ag deireadh na tréimhse | **946,565** | **1,064,236** |

## **Nótaí** *(atá ina gcuid de na ráitis airgeadais) ar lean.*

## 15. Cóiríocht Oifige

I mí an Mhárta 2017, shínigh an Chomhairle léas 20 bliain le hOifig na nOibreacha Poiblí don dara agus don chúigiú hurlár d'Fhoirgneamh Infinity, Lána Sheoirse, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7. Bhog an Chomhairle go dtí Foirgneamh Infinity i mí an Mhárta 2018.

**Gealltanais Léasa**

Amhail an 31 Nollaig 2022, bhí na híocaíochtaí léasa íosta seo a leanas ag CORU amach anseo:

| | amhail an 31 Nollaig 2022€ | amhail an 31 Nollaig 2021€ |
|---|---|---|
| Iníoctha laistigh de bhliain amháin | 630,296 | 630,296 |
| Iníoctha laistigh de 2 – 5 bliana | 2,521,184 | 2,521,184 |
| Iníoctha tar éis 5 bliana | 6,870,256 | 7,500,552 |
| | **10,021,736** | **10,652,032** |

## 16. Ceangaltais Chaipitil na Comhairle

Níorbh ann d’aon cheangaltais chaipitil do 2022 (2021: nialas)

## 17. Idirbhearta le Páirtithe Bainteacha

Chomhlíon an Chomhairle na treoirlínte a d'eisigh an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh leasanna ag Comhaltaí na Comhairle agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin le linn na bliana. Ní dhearnadh aon idirbhearta le linn na tréimhse i ndáil le gníomhaíochtaí na Comhairle a raibh leasanna leasmhara ar bith iontu ag Comhaltaí na Comhairle.

## 18. Dliteanais Theagmhasacha

Amhail an 31 Nollaig 2022, bhí an Chomhairle ina páirtí i roinnt cásanna dlí ('cásanna feidhmiúlachta chun cleachtadh' den chuid is mó), agus níltear cinnte cén toradh a bhí orthu fós. Níl an Chomhairle in ann meastachán iontaofa a dhéanamh ar an tionchar airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ag na cásanna seo.

## 19. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D’fhaomh an Chomhairle na Ráitis Airgeadais ar an 07 Meán Fómhair 2023.

Ag Rialáil Gairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh
Regulating Health + Social Care Professionals

Foirgneamh Infinity, Cúirt Sheoirse, Lána Sheoirse, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7, D07 E98Y.

Ríomhphost: info@coru.ie www.coru.ie @CORUIreland